



Uimhir 19 de 2007

AN tACHT UM CHOSAINT TOMHALTÓIRÍ 2007

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA NALT

CUID 1

NITHE RÉAMHRÁITEACHA

Alt

1. Gearrtheideal agus tosach feidhme.
2. Léiriú agus feidhm.
3. Rialacháin.
4. Aisghairm.
5. Caiteachais.

CUID 2

AN GHNÍOMHAIREACTH NÁISIÚNTA TOMHALTÓIRÍ

CAIBIDIL 1

An Ghníomhaireacht

6. An lá bunaithe.
7. Bunú na Gníomhaireachta.
8. Feidhmeanna na Gníomhaireachta.
9. Athbhreithniú ar reachtaíocht.
10. Comhaltas na Gníomhaireachta.
11. Cathaoirleach na Gníomhaireachta.
12. Cruinnithe agus nósanna imeachta na Gníomhaireachta.
13. Coistí.
14. Príomhfheidhmeannach.
15. Feidhmeanna an phríomhfheidhmeannaigh.

[Uimh. 19.] *An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí* [2007.]
2007.

16. An príomhfheidhmeannach do fhreastal os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí.
17. An príomhfheidhmeannach do fhreastal os comhair Coistí Oireachtais eile.
18. Comhaltas de cheachtar Teach den Oireachtas, de Pharlaimint na hEorpa nó d'údarás áitiúil.
19. Slánaíocht do chomhaltaí na Gníomhaireachta.
20. Ráiteas straitéise agus clár oibre na Gníomhaireachta.
21. Socrú a dhéanamh le haghaidh comhoibriú idir an Ghníomhaireacht agus comhlachtaí áirithe forordaithe.
22. Tuarascálacha agus faisnéis don Aire.
23. Cuntais agus iniúchtaí.
24. Airleacain ón Aire chuig an nGníomhaireacht.
25. Leasanna a nochtadh.
26. Cumhacht chun conarthaí a dhéanamh agus chun sainchomhairleoirí agus comhairleoirí a fhostú.
27. Áitreabh na Gníomhaireachta.
28. Séala na Gníomhaireachta.
29. Cumhacht chun airgead a fháil ar iasacht.
30. Oifigigh údaraithe don Ghníomhaireacht.
31. Nochtadh faisnéise a bhaineann le cionta.
32. Toirmeasc ar nochtadh neamhúdaráithe faisnéise.
33. Leasú ar an Acht um Shaoráil Faisnéise 1997.

CAIBIDIL 2

Foireann na Gníomhaireachta

34. Foireann.
35. Fostaíocht daoine áirithe a aistriú chun na Gníomhaireachta.
36. Aoisliúntas.

CAIBIDIL 3

Feidhmeanna a Aistriú, etc.

37. Feidhmeanna a aistriú chuig an nGníomhaireacht.
38. Conarthaí láithreacha a choimeád ar marthain.
39. Sócmhainní agus dliteanais a aistriú.

40. Tagairtí in achtacháin áirithe eile don Stiúrtóir nó d'Oifig an Stiúrtóra.

CUID 3

CLEACHTAIS TRÁCHTÁLA

CAIBIDIL 1

Cleachtais Tráchtála Éagóracha

41. Toirmeasc ginearálta ar chleachtais tráchtála éagóracha.

CAIBIDIL 2

Cleachtais Tráchtála Mhíthreoracha

42. Toirmeasc ginearálta ar chleachtais tráchtála mhíthreoracha.

43. Míthreorach: faisnéis bhréagach, faisnéis mhíthreorach nó faisnéis mhealltach.

44. Míthreorach: mearbhall maidir le hiomaitheoir nó táirge i margáíocht nó i bhfógraíocht.

45. Míthreorach: neamhchomhlíonadh gealltanais faoi chód cleachtais a bhfuil an trádálaí faoina cheangal.

46. Míthreorach: faisnéis ábhartha a choimeád siar, a fhágáil gan nochtadh nó a cheilt.

47. Cion: cleachtais tráchtála mhíthreoracha.

48. Toirmeasc ar fhorhúirir i gcás go roghnaítear aon mhodh íocaíochta amháin thar mhodh íocaíochta eile.

49. Ceanglas go luafar formhuirear mar chuid den phraghas (i gcás gur ceadmhach sin ar shlí eile).

50. Rialacháin maidir le faisnéis do thomhaltóirí.

51. Cionta: rialacháin um fhaisnéis do thomhaltóirí a shárú.

CAIBIDIL 3

Cleachtais Tráchtála Fhóbartacha

52. Toirmeasc ginearálta ar chleachtais tráchtála fhóbartacha.

53. Cleachtais tráchtála fhóbartacha.

54. Cion: cleachtais tráchtála fhóbartacha.

CAIBIDIL 4

Cleachtais Tráchtála Thoirmisce

55. Cleachtais tráchtála thoirmisce.

56. Cion: cleachtais tráchtála thoirmisce.

57. Rialacháin um thaispeáint praghsanna.

[Uimh. 19.] *An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí* [2007.]
2007.

58. Cion: sáruihte maidir le taispeáint praghsanna.
59. Cion: saoráidí meáite i miondíol grósaeireachta.
60. Cion: cosc a chur le praghsanna a léamh.
61. Staid éigeandála a bheith ann maidir le táirge a sholáthar.
62. Cumhacht chun praghsanna uasta a shocrú le linn staide éigeandála.
63. Cion: sárú ar orduithe um praghas uasta.

CUID 4

STUAICSCÉIMEANNA CUR CHUN CINN

64. Míniú (*Cuid 4*).
65. Cion indíotáilte: páirt a ghlacadh i stuaicscéimeanna cur chun cinn a bhunú, a oibriú nó a chur chun cinn.
66. Comhaontuithe maidir le stuaicscéim cur chun cinn a bheith ar neamhní.

CUID 5

IMEACHTAÍ, LEIGHEASANNA AGUS PIONÓIS

CAIBIDIL 1

Léiriú agus Nithe Ginearálta a bhaineann le hImeachtaí

67. Míniú (*Cuid 5*).
68. Toimhde maidir le léirithe.
69. Fógróirí.
70. Cion trádálaí as siocair gnímh nó mainneachtana duine eile.

CAIBIDIL 2

Imeachtaí Sibhialta

71. Faoiseamh sibhialta ar mhodh orduithe toirmisc.
72. Orduithe toirmisc in aghaidh úinéirí cóid.
73. Gealltanais leis an nGníomhaireacht.
74. Ceart caingne tomhaltóra le haghaidh damáistí.

CAIBIDIL 3

Fógraí um Chomhlíonadh

75. Fógraí um chomhlíonadh.

CAIBIDIL 4

Imeachtaí Coiriúla

76. Teorainn ama chun imeachtaí a thionscnamh.

[2007.] *An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí* [Uimh. 19.]
2007.

77. Dliteanais i leith cionta ag comhlachtaí corpraithe.
78. Dúthracht chuí mar chosaint.
79. Fíneálacha agus pionóis.
80. Trádálaithe ciontaithe faoi dhliteanas i leith chostais agus chaiteachais na n-imeachtaí agus an imscrúdaithe.
81. Trádálaithe ciontaithe faoi dhliteanas tomhaltóirí a chúiteamh as cailteanas nó damáiste.
82. Féadfaidh an chúirt a ordú do dhuine ciontaithe ráiteas ceartaitheach a fhoilsiú.
83. Daoine a dhíotáiltear a thriail go hachomair.
84. Féadfaidh an Ghníomhaireacht imeachtaí achoimre i leith cionta a thionscnamh.

CAIBIDIL 5

Fógraí um Íocaíochtaí Seasta

85. Fógraí um íocaíochtaí seasta i leith cionta maidir le taispeáint praghsanna agus praghsáil táirgí.

CAIBIDIL 6

Ainmneacha Trádálaithe a Fhoilsiú (Liosta Cosanta Tomhaltóirí)

86. Féadfaidh an Ghníomhaireacht faisnéis maidir le trádálaithe áirithe a fhoilsiú.

CUID 6

ILGHNÉITHEACH

87. Cosaintí do dhaoine a thuairisceoidh sárúithe.
88. Cóid a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta go saorálach lena n-athbhreithniú agus lena gceadú.
89. Inghlacthacht cód cleachtas in imeachtaí.
90. Treoirlínte ón nGníomhaireacht.
91. Cosaint do chonarthaí áirithe.
92. Cosaint d'orduithe láithreacha um thaispeáint praghsanna.
93. Idirthréimhseach.
94. Leasú ar Acht an Bhainc Cheannais 1942.
95. Leasú ar an Acht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí 1980.
96. Cosaint do chearta eile a bheidh ag duine.
97. Leasú ar an Acht um Fhorbairt Tionscail 1993.
98. Leasú ar an Acht Corr-Thrádála 1995.

[Uimh. 19.] *An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí* [2007.]
2007.

99. Leasú ar an Acht um Shainmharcáil 1981.
100. Cumhacht oifigh custam agus máil earraí neamhshábháilte a choinneáil.
101. Ordacháin faoi ionstraimí áirithe i leith sábháilteachta táirgí: gníomhartha tríú páirtithe.
102. Inghlacthacht tástálacha saotharlainne áirithe.

SCEIDEAL 1

ACHTACHÁIN LÁITHREACHA

CUID 1

ACHTACHÁIN — ACHTANNA DEN OIREACTAS

CUID 2

ACHTACHÁIN ARNA NDÉANAMH FAOI ACHT NA gCOMHPHOBAL
EORPACH 1972, AR ACHTACHÁIN LÁITHREACHA IAD

SCEIDEAL 2

AISGHAIRM

SCEIDEAL 3

TAGAIRTÍ IN ACHTANNA AGUS IN IONSTRAIMÍ ÁIRITHE DON STIÚRTHÓIR
NÓ D'OIFIG AN STIÚRTHÓRA

CUID 1

TAGAIRTÍ IN ACHTANNA ÁIRITHE DON STIÚRTHÓIR GNÓTHAÍ
TOMHALTÓIRÍ NÓ D'OIFIG AN STIÚRTHÓRA GNÓTHAÍ TOMHALTÓIRÍ

CUID 2

TAGAIRTÍ IN IONSTRAIMÍ ÁIRITHE DON STIÚRTHÓIR GNÓTHAÍ
TOMHALTÓIRÍ NÓ D'OIFIG AN STIÚRTHÓRA GNÓTHAÍ TOMHALTÓIRÍ

SCEIDEAL 4

ACHTACHÁIN CHUN CRÍCHE ALT 73 (GEALLTANNAIS LEIS AN
nGNÍOMHAIREACTH)

SCEIDEAL 5

ACHTACHÁIN CHUN CRÍCHE ALT 75 (FÓGRAÍ UM CHOMHLÍONADH)

SCEIDEAL 6

SÁSAMH I LEITH SÁRÚ AR ALT 87

SCEIDEAL 7

IONSTRAIMÍ REACTÚLA CHUN CRÍOCHA AILT 101 AGUS 102
(TREORACHA I LEITH SÁBHÁILTEACHTA TÁIRGÍ AGUS INGLACTHACHTA
TÁSTÁLACHA SAOTHARLAINNE)

[2007.] *An tAcht um Chosaint Thomhaltóirí* [Uimh. 19.]
2007.

SCEIDEAL 8

TEORACHA CHUN CRÍCHE ALT 102 (INGHLACTHACHT TÁSTÁLACHA
SAOTHARLAINNE)

NA HAHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

An tAcht Tora Talmhaíochta (Feoil Úr) 1930	1930, Uimh. 10
An tAcht Tora Talmhaíochta (Prátaí) 1931	1931, Uimh. 26
<i>Anglo-Portuguese Commercial Treaty Act</i> 1914	5 & 6 Geo. 5., c. 1
<i>Anglo-Portuguese Commercial Treaty Act</i> 1916	6 & 7 Geo. 5., c. 39
An tAcht um Shaoire Cúramóra, 2001	2001, Uimh. 19
An tAcht Corr-Thrádála 1995	1995, Uimh. 19
Acht an Bhainc Ceannais 1942	1942, Uimh. 22
Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2003	2003, Uimh. 12
Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2004	2004, Uimh. 21
Acht na gCuideachtaí 1990	1990, Uimh. 33
An tAcht Iomaíochta 2002	2002, Uimh. 14
Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993	1993, Uimh. 8
An tAcht um Chreidmheas do Thomhaltóirí 1995	1995, Uimh. 24
An tAcht um Fhaisnéis do Thomhaltóirí 1978	1978, Uimh. 1
An tAcht um Nós Imeachta Coiriúil 1967	1967, Uimh. 12
An tAcht um Thráchtáil Leictreonach 2000	2000, Uimh. 27
Acht na gComhphobal Eorpach (Leasú) 1993	1993, Uimh. 25
Acht na gComhphobal Eorpach 1972	1972, Uimh. 27
An tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa 1997	1997, Uimh. 2
An tAcht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann 1998	1998, Uimh. 29
An tAcht um Shaoráil Faisnéise 1997	1997, Uimh. 13
An tAcht um Shainmharcáil 1981	1981, Uimh. 18
An tAcht um Fhorbairt Tionscail 1986	1986, Uimh. 9
An tAcht um Fhorbairt Tionscail 1993	1986, Uimh. 19
An tAcht Léiriúcháin 2005	2005, Uimh. 23
An tAcht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2006	2006, Uimh. 41
An tAcht um Dhliteanas i Leith Táirgí Fabhtacha 1991	1991, Uimh. 28
An tAcht Rialtais Áitiúil 2001	2001, Uimh. 37
<i>Merchandise Marks Act</i> 1887	50 & 51 Vic., c. 28
<i>Merchandise Marks Act</i> 1891	54 & 55 Vic., c. 15
<i>Merchandise Marks Act</i> 1911	1 & 2 Geo. 5., c. 31
An tAcht Marcanna Earraí Ceannaíochta 1931	1931, Uimh. 48
An tAcht Marcanna Earraí Ceannaíochta 1970	1970, Uimh. 10
Na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005	
An tAcht um Chartlann Náisiúnta 1986	1986, Uimh. 11
An tAcht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann 1996	1996, Uimh. 28
An tAcht um Thrádáil Ócáideach 1979	1979, Uimh. 35
Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003	2003, Uimh. 32
An tAcht Ombudsman 1980	1980, Uimh. 26

[Uimh. 19.] *An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí* [2007.]
2007.

An tAcht um Ombudsman do Leanaí 2002	2002, Uimh. 22
An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997	1997, Uimh. 20
An tAcht um Earraí Pacáistithe (Cainníochtaí a Rialú) 1980	1980, Uimh. 11
An tAcht um Shaoirí Réamháirithe agus an Trádáil Taistil 1995	1995, Uimh. 17
Na hAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí 1998 agus 2006	
An tAcht Geallbhróicéirí 1964	1964, Uimh. 31
An tAcht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003	2003, Uimh. 46
Acht an Chonnartha Phortuingéalaigh 1930	1930, Uimh. 35
An tAcht Praghsanna (Leasú) 1972	1972, Uimh. 20
An tAcht Praghsanna 1958	1958, Uimh. 4
An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997	1997, Uimh. 31
An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe) 2003	2003, Uimh. 29
An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha) 2001	2001, Uimh. 45
An tAcht Stuaic-Dhíola 1980	1980, Uimh. 27
Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967 go 2003	
An tAcht um Chleachtais Srianta (Leasú) 1987	1987, Uimh. 31
An tAcht um Thrácht ar Bhóithre 1968	1968, Uimh. 25
An tAcht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí 1980	1980, Uimh. 16
An tAcht um Tháirgeadh Síolta 1955	1955, Uimh. 14
An tAcht um an gCo-Aontú Trádála leis an Spáinn 1936	1936, Uimh. 6
An tAcht Comhdhlúite Cánacha 1997	1997, Uimh. 39
An tAcht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis) 1994	1994, Uimh. 5
Na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis) 1994 agus 2001	
An tAcht Stampáí Trádála 1980	1980, Uimh. 23
An tAcht um Dhífhostú Éagórach 1977	1977, Uimh. 10
Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977 go 2005	
An tAcht um Chleachtadh Tréidliachta 2005	2005, Uimh. 22



Uimhir 19 de 2007

AN tACHT UM CHOSAINN TOMHALTÓIRÍ 2007

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO THABHAIRT ÉIFEACHT DON TREOIR UM CHLEACHTAIS TRÁCHTÁLA ÉAGÓRACHA (TREOIR UIMH. 2005/29/CE AN 11 BEALTAINÉ 2005 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE), DO BHUNÚ COMHLACHTA AR A dTABHARFAR AN GHNÍOMHAIREACHT NÁISIÚNTA TOMHALTÓIRÍ NÓ, SA BHÉARLA, *THE NATIONAL CONSUMER AGENCY* AGUS DO MHÍNIÚ A FHEIDHMEANNA, DO DHÉANAMH SOCRÚ NUA I nDÁIL LE SCÉIMEANNA STUAICDHÍOLA, DO LEASÚ AN ACHTA UM FHORBAIRT TIONSCAIL 1993 AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA.

[21 Aibreán, 2007]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID 1

NITHE RÉAMHRÁITEACHA

1.—(1) Féadfar an tAcht um Chosaint Tomhaltóirí 2007, a ghairm den Acht seo. Gearrtheideal agus tosach feidhme.

(2) Tíocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoír aon chríche nó forála áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla, lena n-áirítear feidhm *alt 4* maidir le hachtacháin éagsúla a shonraítear i *Sceideal 2* agus maidir le forálacha éagsúla de na hachtacháin sin.

2.—(1) San Acht seo—

Léiriú agus feidhm.

ciallaíonn “fógrán” fógraíocht nó margáíocht de chineál ar bith;

ciallaíonn “Gníomhaireacht” an Ghníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí a bhunaítear le *halt 7*;

ciallaíonn “oifigeach údaraithe” duine arna cheapadh nó arna ceapadh faoi *alt 30*;

[Uimh. 19.] *An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí* [2007.]
2007.

ciallaíonn “príomhfheidhmeannach” príomhfheidhmeannach na Gníomhaireachta;

ciallaíonn “cód cleachtais” aon chód, comhaontú nó sraith rialacha nó caighdeán nach bhforchuirtear le hachtachán nó faoi, ach a airbheartaíonn cleachtais tráchtála trádálaí amháin nó níos mó a rialú nó a mhíniú (cibé acu i gcoitinne nó i leith earnála áirithe trádála, gnó nó gairme nó i leith cleachtas tráchtála amháin nó níos mó) a chomhaontaíonn, a gheallann nó a ghabhann orthu féin cloí leis na rialacha nó na caighdeáin sin nó a bheith faoi cheangal acu;

ciallaíonn “cleachtas tráchtála” aon iompraíocht (cibé acu is gníomh nó neamhghníomh), aon chúrsa iompair nó aon léiriú ag an trádálaí i ndáil le hidirbheart tomhaltóra, lena n-áirítear aon iompar nó léiriú den sórt sin a dhéanfar nó a mbeifear ag gabháil dó nó di roimh an idirbheart tomhaltóra, nó lena linn nó dá éis;

ciallaíonn “tomhaltóir” aon duine nádúrtha (cibé acu sa Stát nó nach ea) atá ag gníomhú chun críocha nach bhfuil baint acu le trádáil, gnó nó gairm an duine;

ciallaíonn “idirbheart tomhaltóra” táirge a chur chun cinn nó a sholáthar do thomhaltóir;

foilaíonn “sáraigh”, i ndáil le foráil, mainneachtain an fhoráil a chomhlíonadh;

ciallaíonn “Treoir” Treoir Uimh. 2005/29/CE an 11 Bealtaine 2005¹ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cleachtais tráchtála gnó-go-tomhaltóir éagóracha sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 84/450CEE ón gComhairle, Treoracha 97/7/CE, 98/27/CE agus 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

ciallaíonn “Stiúrthóir” an Stiúrthóir Gnóthaí Tomhaltóirí;

ciallaíonn “achtachán” Acht (de réir bhrí an Achta Léiriúcháin 2005) nó aon ionstraim arna déanamh faoi chumhacht a thugtar le hAcht (de réir na brí sin);

ciallaíonn an “lá bunaithe” an lá bunaithe a cheapfar faoi *alt 6*;

ciallaíonn “achtacháin láithreacha” na hachtacháin seo a leanas, a mhéid a thugann na hachtacháin sin feidhmeanna a aistrítear chuig an nGníomhaireacht de bhun *alt 37* don Stiúrthóir.

- (a) reachtaíocht bia, de réir bhrí an Achta um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann 1998,
- (b) na hachtacháin a shonraítear i *gCuid 1 de Sceideal 1* agus aon ionstraimí arna ndéanamh faoi na hachtacháin sin atá i bhfeidhm de thuras na huairé, agus
- (c) na rialacháin arna ndéanamh faoi Acht na gComhphobal Eorpach 1972 atá i bhfeidhm de thuras na huairé agus a shonraítear i *gCuid 2 de Sceideal 1*;

ciallaíonn “bliain airgeadais” tréimhse 12 mhí dar críoch an 31 Nollaig in aon bhliain agus, i gcás na chéad bhliana airgeadais de

¹I.O. Uimh. L.149, 11/06/2005, lch. 22.

chuid na Gníomhaireachta, ciallaíonn sé an tréimhse dar tosach an lá bunaithe agus dar críoch an 31 Nollaig sa bhliain ina bhfuil an lá bunaithe;

ciallaíonn “earraí” maoin réadach nó phearsanta d’aon chineál nó d’aon tuairisc, agus folaíonn sé—

- (a) longa, aerárthaí nó feithiclí eile,
- (b) ainmhithe,
- (c) mianraí, crainn nó barraí, cibé acu atá siad ar thalamh, faoi thalamh nó i bhfostú de thalamh nó nach bhfuil,
- (d) gás, leictreachas nó uisce,
- (e) bogearraí ríomhaireachta,
- (f) ticéid nó fianaise den tsamhail sin ar cheart chun bheith i láthair in áit áirithe tráth nó tráthanna áirithe nó ar cheart chun iompair,
- (g) aon dearbhán, cúpón nó doiciméad nó ní eile a bheartaítear a úsáid mar ionadach d’airgead le linn íoc, go hiomlán nó go páirteach, as táirge nó a mhalartú ar tháirge ar shlí eile, agus
- (h) leas (láithreach nó todhchaí, dílsithe nó teagmhasach) nó oibleagáid d’aon tuairisc a eascróidh as earraí nó atá teagmhasach le hearraí;

ciallaíonn “earraí nó seirbhísí” earraí nó seirbhísí nó iad araon;

ciallaíonn “cuireadh chun ceannach” léiriú ag an trádálaí in idirbheart tomhaltóra—

- (a) a chuireann saintréithe an táirge agus a phraghas in iúl, agus
- (b) a chuireann ar chumas an tomhaltóra an táirge a cheannach;

ciallaíonn “Aire” an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta;

ciallaíonn “forordaithe” forordaithe le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire;

ciallaíonn “táirge” earraí nó seirbhísí;

ciallaíonn “comhlacht poiblí”—

- (a) bord, údarás nó comhlacht eile, seachas cuideachta faoi Achtanna na gCuideachtaí, arna bhunú le reacht nó faoi reacht;
- (b) cuideachta faoi Achtanna na gCuideachtaí ina bhfuil na scaireanna uile ar seilbh—
 - (i) ag Aire den Rialtas nó thar ceann Aire den Rialtas, nó
 - (ii) ag stiúrthóirí arna gceapadh ag Aire den Rialtas;

[Uimh. 19.] *An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí* [2007.]
2007.

- (c) cuideachta faoi Achtanna na gCuideachtaí ina bhfuil na scaireanna uile ar seilbh ag bord, údarás nó comhlacht dá dtagraítear i *mír (a)* nó ag cuideachta dá dtagraítear i *mír (b)*;

ciallaíonn “ceannach” ceannach, fáil nó seilbh a fháil ar aon mhodh agus folaíonn sé tógáil, glacadh, dílseachán agus léasú aon cheann de na nithe sin, seilbh a ghlacadh orthu, nó dul i mbun rialú orthu nó áitiú iontu, agus comhaontú aon cheann de na nithe sin a dhéanamh (ach ní fholáíonn seilbh a bhaint);

ciallaíonn “Stát iomchuí” stát is Stát conarthach i gComhaontú LEE de réir bhrí Acht na gComhphobal Eorpach (Leasú) 1993;

ciallaíonn “forálacha reachtúla iomchuí”—

- (a) achtacháin láithreacha,
- (b) an tAcht Marcanna Earraí Ceannaíochta 1970 agus aon ionstraimí arna ndéanamh faoin Acht sin atá i bhfeidhm de thuras na huairé,
- (c) forálacha áirithe den Acht Praghsanna 1958 dá dtagraítear in *alt 92* agus na hachtacháin a shonraítear i *bhfo-alt 1(a)* go (*e*) den alt sin a mhéid a fhanfaidh siad i bhfeidhm chun críocha an Achta seo,
- (d) na hachtacháin a shonraítear i *bhfo-alt 1(a)* go (*c*) d'*alt 93*, agus
- (e) an tAcht seo agus aon ionstraim a dhéanfar faoin Acht seo agus a bheidh i bhfeidhm de thuras na huairé;

foláíonn “léiriú”—

- (a) aon léiriú ó bhéal, léiriú i scríbhinn, amharcléiriú, léiriú tuairisce nó léiriú eile ag trádálaí, lena n-áirítear aon chumarsáid, margaíocht nó fógraíocht tráchtála, agus
- (b) aon téarma de chuid conartha, fógra nó doiciméid eile, nó aon fhoirm den chéanna, a úsáideann trádálaí, nó ar a mbíonn trádálaí ag brath, i dtaca le hidirbheart tomhaltóra;

ciallaíonn “seirbhísí” aon seirbhís nó saoráid a sholáthraítear le haghaidh luaíochta nó luach saothair nó ar shlí seachas saor in aisce, lena n-áirítear, gan teorainn, na nithe seo a leanas—

- (a) seirbhísí nó saoráidí le haghaidh na nithe seo a leanas—
- (i) baincéireacht, árachas, deontais, iasachtaí, creidmheas nó maoiniú,
- (ii) siamsa, gníomhaíochtaí cultúir, siamsaíocht, teagasc, áineas nó úrúchán,
- (iii) cóiríocht, iompar, taisteal, locadh nó stóráil, nó
- (iv) aire a thabhairt do dhaoine, d'ainmhithe nó do rudaí,
- (b) comhaltas i gclub nó in eagraíocht nó aon seirbhís nó saoráid a sholáthraíonn an club nó an eagraíocht, agus

- (c) aon chearta, sochair, pribhléidí, oibleagáidí nó saoráidí a sholáthraítear, a dheonaítear nó a thugtar nó a sholáthrófar, a dheonófar nó a thabharfar i gcúrsa seirbhísí,

ach ní fholáíonn sé seirbhísí arna soláthar faoi chonradh fostaíochta;

foláíonn “soláthar”, i ndáil le hearraí nó seirbhísí a sholáthar do thomhaltóir—

- (a) a dhíol, a léasú, a thógáil ar mhodh morgáiste nó urrúis eile, a shannadh, a dhámhachtain trí chinniúint nó diúscairt a dhéanamh orthu ar shlí eile,

a thairiscint nó comhaontú iad a sholáthar nó a thaisealbhadh nó a chur ar taispeáint lena soláthar,

- (b) tairiscint nó comhaontú chun soláthar a dhéanamh nó taisealbhadh nó cur ar taispeáint chun soláthar a dhéanamh nó tairiscint a iarraidh chun táirge a cheannach;

ciallaíonn “trádálaí”—

- (a) duine a bheidh ag gníomhú chun críocha a bhaineann le trádáil, gnó nó gairm an duine, agus

- (b) duine a bheidh ag gníomhú thar ceann duine dá dtagraítear i *mír (a)*;

ciallaíonn “cinneadh idirbhirt”, i ndáil le hidirbheart tomhaltóra, aon chinneadh ag an tomhaltóir i dtaobh an ndéanfaidh sé nó sí nó conas a dhéanfaidh sé nó sí nó cé na téarmaí ar a ndéanfaidh sé nó sí aon cheann de na nithe seo a leanas nó an staonfaidh sé nó sí nó conas a staonfaidh sé nó sí nó cé na téarmaí ar a staonfaidh sé nó sí ó aon cheann de na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- (a) an táirge a cheannach;

- (b) íocaíocht a dhéanamh as an táirge go hiomlán nó go páirteach;

- (c) an táirge a choinneáil nó a chur ar ais tar éis é a cheannach;

- (d) an táirge a dhiúscairt;

- (e) ceart conarthach a fheidhmiú i ndáil leis an táirge;

ciallaíonn “comhlacht saorálach”—

- (a) comhlacht corpraithe, nó

- (b) comhlacht neamhchorpraithe daoine,

seachas comhlacht poiblí.

(2) San Acht seo, tá le “an gnáth-thomhaltóir” an bhrí a shanntar dó sa Treoir, agus nuair a chuirtear chun feidhme é i ndáil le cleachtadh nó táirge tráchtála áirithe de chuid trádálaí—

[*Uimh. 19.*] *An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí* [2007.]
2007.

- (a) má dhírítear an cleachtadh nó an táirge tráchtála ar ghrúpa áirithe tomhaltóirí, léifear an abairt mar “an gnáthchomhalta den ghrúpa sin”, agus
- (b) más cleachtadh nó táirge an cleachtadh nó an táirge tráchtála ar dóigh nach saobhfadh sé ar shlí ábhartha ach amháin iompar eacnamaíochta grúpa tomhaltóirí a bheidh so-aitheanta agus arbh fhéidir a bheith ag súil leis le réasún go dtuairfadh an trádálaí leochaileacht ar leith a bheith ag baint leo mar gheall ar éiglíocht mheabhrach nó choirp a bheith orthu, a n-aois nó a ngéilliúlacht, léifear an abairt mar “an gnáthchomhalta den ghrúpa leochaileach sin”.

(3) Aon fhocal nó abairt a úsáidtear san Acht seo agus a úsáidtear freisin sa Treoir beidh an bhrí chéanna leis nó léi atá leis nó léi sa Treoir.

(4) Forléireoidh cúirt an tAcht seo ar mhodh lena dtabharfar éifeacht don Treoir, agus chun na críche sin beidh aird ag an gcúirt ar fhorálacha na Treorach, lena n-áirítear brollaigh na Treorach.

(5) D’ainneoin Airteagal 3(10) den Treoir ach faoi réir ailt 5 go 6A (a cuireadh isteach le *halt 99*) den Acht um Shainmharcáil 1981, tá feidhm ag *Cuid 3* maidir le cleachtais tráchtála a bhaineann le táscairí ar chaighdeán míne earraí de mhíotal lómhar.

Rialacháin.

3.—(1) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh i ndáil le haon ní dá dtagraítear san Acht seo mar ní atá forordaithe nó le forordú.

(2) Déanfar gach rialachán nó gach ordú (seachas ordú faoi *alt 1* nó *6*) a dhéanfar faoin Acht seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an rialachán nó an t-ordú a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin nó an ordaithe, beidh an rialachán nó an t-ordú ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin gcéanna.

(3) Folaíonn an chumhacht chun rialacháin a dhéanamh faoin alt seo an chumhacht chun foráil a dhéanamh i rialacháin den sórt sin chun éifeacht a thabhairt—

- (a) d’fhoráil de chonarthaí na gComhphobal Eorpach, nó
- (b) d’ionstraim arna glacadh ag institiúid de chuid na gComhphobal sin lena rialáiltear aon ní lena mbaineann an tAcht seo.

Aisghairm.

4.—(1) Aisghairtear gach achtachán a shonraítear i *Sceideal 2* a mhéid a shonraítear i *gcolún (3)* den *Sceideal* sin.

(2) Leasaítear alt 20(5)(b) den Acht fán Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na Éireann 1996 trí “na nAchtanna Marcanna Earraí Ceannaíochta 1887 go 1978, agus” a scriosadh.

(3) Aisghairtear iad seo a leanas:

- (a) an tOrdú um Praghsanna (Cion Brabaigh Miondíoltóirí Mótair-Charranna a Chobhsú) 1984 (I.R. Uimh. 223 de 1984);
- (b) an tOrdú um Fhaisnéis do Thomhaltóirí (Díosal agus Peitreal) (Laghdú ar Phraghas Miondíola) 1997 (I.R. Uimh.179 de 1997).

5.—Déanfar na caiteachais a thabhoídh an tAire ag riaradh an Aichta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Airgeadais, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas. Caiteachais.

CUID 2

AN GHNÍOMHAIREACHT NÁISIÚNTA TOMHALTÓIRÍ

CAIBIDIL 1

An Ghníomhaireacht

6.—Déanfaidh an tAire, le hordú, lá a cheapadh chun bheith ina lá bunaithe chun críocha an Aichta seo. An lá bunaithe.

7.—(1) Ar an lá bunaithe beidh comhlacht arna bhunú ar a dtabharfar an Ghníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí nó, sa Bhéarla, *the National Consumer Agency* agus dá ngairtear an Ghníomhaireacht san Acht seo, chun na feidhmeanna a thugtar dó leis an Acht seo a chomhlíonadh. Bunú na
Gníomhaireachta.

(2) Beidh an Ghníomhaireacht ina comhlacht corpraithe agus comharbas suthain agus séala oifigiúil aici agus beidh cumhacht aici—

- (a) agra a dhéanamh, agus féadfar í a agairt ina hainm corpraithe,
- (b) talamh nó leas i dtalamh a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt, le ceadú an Aire arna thabhairt le toiliú an Aire Airgeadais, agus
- (c) aon mhaoin eile a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt le ceadú an Aire arna thabhairt le toiliú an Aire Airgeadais.

(3) Faoi réir an Aichta seo, beidh an Ghníomhaireacht neamhspleách i gcomhlíonadh a feidhmeanna.

8.—(1) Is iad feidhmeanna na Gníomhaireachta—

Feidhmeanna na
Gníomhaireachta.

- (a) leasanna agus leas tomhaltóirí a chur chun cinn agus a chosaint,
- (b) na forálacha reachtúla iomchuí a fhorghníomhú, lena n-áirítear trí chionta a ionchúiseamh, trí imeachtaí achoimre,
- (c) daoine a spreagadh chun déanamh de réir na bhforálacha reachtúla iomchuí,

- (d) cásanna a imscrúdú ina bhfuil drochamhras go ndearnadh cion faoi aon fhoráil de na forálacha reachtúla iomchuí,
- (e) cásanna a tharchur chuig an Stiúrtóir Ionchúiseamh Poiblí dá rogha féin, i gcás go mbeidh forais réasúnacha ag an nGníomhaireacht chun a chreidiúint go ndearnadh cion indíotáilte faoi aon fhoráil de na forálacha reachtúla iomchuí.

(2) Ní dochar d'*alt 94* (i ndáil le feidhmeanna áirithe faoin Acht seo a dhílsíú go comhthráthach do Bhanc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann) an t-alt seo agus na forálacha eile den Chuid seo.

(3) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, le linn don Gníomhaireacht a bheith ag comhlíonadh a feidhmeanna faoin Acht seo—

- (a) féadfaidh sí, agus déanfaidh sí nuair a iarrfaidh an tAire uirthi é, comhairle a thabhairt, agus de réir mar is cuí, moltaí a dhéanamh, don Rialtas, don Aire, d'aon Aire eile den Rialtas nó d'aon Aire Stáit, i ndáil le haon tograí le haghaidh athrú reachtaíochta, nó aon ábhair bheartais eile, a bhaineann le cosaint agus leas tomhaltóirí, nó ar dhóigh dóibh éifeacht a bheith acu ar chosaint agus ar leas tomhaltóirí,
- (b) féadfaidh sí, agus déanfaidh sí nuair a iarrfaidh an tAire uirthi é, agus tar éis dul i gcomhairle le cibé daoine is cuí léi ag féachaint do na tograí a bheidh le cur isteach, aon tograí is cuí léi a chur faoi bhráid an Aire, nó aon Aire eile den Rialtas nó aon Aire Stáit, is tograí chun aon achtachán a leasú, nó le haghaidh achtachán nua, i dtaca le cosaint agus leas tomhaltóirí,
- (c) tabharfaidh sí comhairle, agus de réir mar is cuí déanfaidh sí moltaí, don Rialtas, don Aire, d'aon Aire eile den Rialtas, d'aon Aire Stáit, d'aon chomhlacht poiblí nó d'aon chomhlacht forordaithe de réir bhrí *alt 21* i ndáil le haon ní i dtaca le cosaint agus leas tomhaltóirí, nó aon ní a gceapann an Gníomhaireacht gur dhóigh dó éifeacht a bheith aige ar chosaint agus ar leas tomhaltóirí,
- (d) déanfaidh sí teagmhálacha, comhoibriú agus malartú faisnéise le grúpaí tomhaltóirí agus le hionadaithe do thomhaltóirí a chothú agus a chur chun cinn,
- (e) comhoibreoidh sí le húdarais inniúla eile cibé acu sa Stát nó in áit eile ar cuireadh freagracht orthu dlíthe a fhorfheidhmiú is dlíthe a bhaineann le cosaint agus leas tomhaltóirí nó le cosaint agus leas tomhaltóirí a chur chun cinn,
- (f) déanfaidh sí forbairt nósanna imeachta malartacha chun aighnis a réiteach a chur chun cinn mar mhodh chun díospóidí a eascróidh as idirbhearta tomhaltóirí a réiteach,
- (g) déanfaidh sí taighde, staidéir agus anailís ar nithe a bhaineann le feidhmeanna na Gníomhaireachta a sheoladh nó a choimisiúnú agus, de réir mar is cuí léi,

cibé fionnachtana is dóigh léi is cuí a fhoilsiú san fhoirm agus sa tslí is cuí léi,

- (h) déanfaidh sí feasacht an phobail a chur chun cinn agus feachtais faisnéise don phobal a sheoladh chun oideachas agus comhairle a thabhairt do thomhaltóirí i ndáil le cosaint agus leas tomhaltóirí,
- (i) déanfaidh sí tionscnaimh agus gníomhaíochtaí oideachasúla a bhaineann le faisnéis do thomhaltóirí agus feasacht tomhaltóirí a chur chun cinn, agus comhairle a thabhairt, nuair a iarrtar sin, don Aire nó d'aon Aire eile den Rialtas, do Ranna Stáit nó d'aon chomhlacht poiblí a bhfuil baint ag a ghníomhaíochtaí le nithe a bhaineann le haon cheann de chríocha an Achta seo agus d'aon fhoras oideachais nó oiliúna,
- (j) chun a feidhmeanna a chomhlíonadh faoi *mhíreanna* (g) go (i), féadfaidh sí, trí acmhainní airgeadais nó eile a sholáthar, tacú leis na gníomhaíochtaí a bhaineann le cosaint agus leas tomhaltóirí de chuid cibé comhlachtaí saorálacha is cuí leis an nGníomhaireacht,
- (k) déanfaidh sí cóid chleachtais a athbhreithniú agus a cheadú de réir *alt 88*;
- (l) déanfaidh sí treoirínite do thrádálaithe a ullmhú agus a fhoilsiú de réir *alt 90*;
- (m) déanfaidh sí bunú scéimeanna dearbhuithe cáilíochta ag trádálaí nó trádálaithe, cibé acu i gcoitinne nó i leith seirbhíse nó seirbhísí áirithe, a chur chun cinn agus a spreagadh, is é sin le rá scéimeanna arb í an aidhm atá leo—
 - (i) cáilíocht agus iontaofacht na seirbhíse nó na seirbhísí a sholáthraítear do thomhaltóirí a chothabháil agus a fheabhsú, agus
 - (ii) a chumasú do thomhaltóirí trádálaithe a chomhlíonann ceanglais na scéime lena mbaineann a shainaitint;
- (n) comhlíonfaidh sí na feidhmeanna a shanntar don Stiúrthóir faoi na hachtacháin láithreacha agus a aistrítear chuig an nGníomhaireacht de bhun *alt 37*.

(4) Beidh ag an nGníomhaireacht na cumhachtaí sin go léir is gá nó is fóirsteanach chun a feidhmeanna a chomhlíonadh.

(5) Féadfaidh an Gníomhaireacht comhlíonadh aon cheann dá feidhmeanna a tharmligean chuig aon chomhalta den Gníomhaireacht nó aon chomhalta dá foireann, lena n-áirítear an príomhfheidhmeannach, a bheidh údaraithe go cuí ag an nGníomhaireacht chuige sin.

(6) Ní leagtar dualgas ar an nGníomhaireacht le haon ní san alt seo ná in aon fhoráil eile den Acht seo breithniú a dhéanamh i dtaobh imscrúdú a dhéanamh ar ní a bhaineann le *Cuid 3* agus a tharchuireann trádálaí chuici ach féadfaidh an Gníomhaireacht, i gcás ní a tharchuirtear chuici amhlaidh, breithniú a dhéanamh i dtaobh imscrúdú a dhéanamh amhlaidh (agus dul ar aghaidh leis an

ní, dá réir) i gcás gur deimhin léi go bhféadfaidh an ní difear a dhéanamh do leasanna agus do leas tomhaltóirí.

Athbhreithniú ar reachtaíocht.

9.—(1) Féadfaidh an tAire dul i gcomhairle leis an nGníomhaireacht maidir le tograí le haghaidh reachtaíochta a bhaineann le cosaint agus leas tomhaltóirí.

(2) Déanfaidh an Gníomhaireacht—

- (a) na forálacha reachtúla iomchuí a choimeád faoi athbhreithniú,
- (b) aon tograí is cuí léi agus a bhaineann le haon cheann de na forálacha reachtúla iomchuí nó le haon fhorálacha reachtúla eile nó chun aon ionstraimí faoi na forálacha sin a dhéanamh nó a chúlghairm a chur, ó am go ham, faoi bhráid an Aire nó cibé Aire eile den Rialtas ar a bhfuil freagracht as aon fhorálacha reachtúla eile a bhaineann le cosaint agus leas tomhaltóirí, nó a dhéanann difear don chéanna,
- (c) cibé athbhreithnithe ar na forálacha reachtúla iomchuí a ordóidh an tAire a ghabháil de láimh, agus
- (d) cabhair a thabhairt chun cibé dréacht-reachtaíocht a ullmhú a ordóidh an tAire.

(3) Sula gcuirfidh an Gníomhaireacht tograí faoi bhráid an Aire nó aon Aire eile den Rialtas, de réir mar a bheidh, rachaidh an Gníomhaireacht i gcomhairle le haon duine eile, ar dealraitheach don Gníomhaireacht gur duine cuí sna himthosca é nó í chun go rachfar i gcomhairle leis nó léi nó a ordóidh an tAire nó an tAire eile den Rialtas, de réir mar a bheidh, go rachfar i gcomhairle leis nó léi.

Comhaltas na Gníomhaireachta.

10.—(1) Is éard a bheidh sa Gníomhaireacht ná na comhaltaí seo a leanas:

- (a) cathaoirleach; agus
- (b) 12 ghnáthchomhalta.

(2) Beidh an príomhfheidhmeannach, ar feadh a cheapacháin nó a ceapacháin, ina chomhalta nó ina comhalta *ex officio* den Gníomhaireacht.

(3) Déanfaidh an tAire comhaltaí na Gníomhaireachta (seachas an príomhfheidhmeannach) a cheapadh a luaithe is indéanta tar éis an lae bunaithe, agus is daoine iad, i dtuairim an Aire, a mbeidh taithí acu ar nithe is iomchuí maidir le feidhmeanna na Gníomhaireachta nó a mbeidh cumas léirithe acu i leith na bhfeidhmeanna sin.

(4) Déanfaidh an tAire a áirithiú, a mhéid is indéanta agus ag féachaint do thaithí iomchuí na ndaoine lena mbaineann, go mbeidh cóimheá chothromasach idir fir agus mná i gcomhdhéanamh na Gníomhaireachta.

(5) Íocfaidh an Gníomhaireacht le comhalta den Gníomhaireacht, as airgead a bheidh faoina réir aici, cibé luach

saothair (más ann) agus liúntais i leith caiteachas a bheidh tabhaithe aige nó aici a chinnfidh an tAire ó am go ham, le toiliú an Aire Airgeadais.

(6) Faoi réir *fho-alt (5)*, beidh comhalta den Ghníomhaireacht i seilbh oifige ar cibé téarmaí agus coinníollacha a chinnfidh an tAire.

(7) Ar chothromdháta an lae bunaithe agus ar gach cothromdháta lae bunaithe ina dhiaidh sin, éireoidh beirt chomhalta den Bhord (seachas an cathaoirleach agus an príomhfheidhmeannach) as oifig.

(8) Is iad na comhaltaí a éireoidh as oifig faoi *fho-alt (7)* in aon bhliain na comhaltaí is faide in oifig ónar ceapadh go deireanach iad, agus i gcás go mbeidh comhaltaí ann a ceapadh an lá céanna agus a mbeidh orthu éirí as faoi *fho-alt (7)*, is le crannchur a chinnfear cé hiad na comhaltaí atá chun éirí as, mura gcomhaontóidh na comhaltaí sin a mhalairt.

(9) Ní fhónfaidh comhalta den Ghníomhaireacht (seachas an príomhfheidhmeannach) ar feadh tréimhse is faide ná 10 mbliana as a chéile.

(10) Dícháileofar duine chun oifig a shealbhú agus scoirfidh duine d'oifig a shealbhú mar chomhalta den Ghníomhaireacht más rud é—

- (a) go mbreithnítear ina fhéimheach nó ina féimheach é nó í,
- (b) go ndéanann sé nó sí imshocraíocht nó comhshocraíocht lena chreidiúnaithe nó lena creidiúnaithe,
- (c) go gciontaítear i gcion indíotáilte é nó í i ndáil le cuideachta,
- (d) go gciontaítear é nó í i gcion lena ngabhann calaois nó mímhacántacht, cibé acu is i ndáil le cuideachta é nó nach ea,
- (e) go ndéantar dearbhú faoi alt 150 d'Acht na gCuideachtaí 1990 ina aghaidh nó ina haghaidh nó go bhfuil sé nó sí faoi réir nó a mheastar é nó í a bheith faoi réir ordaithe dícháilfochta de bhua Chuid VII den Acht sin, nó
- (f) go bhfuil easaontacht leasa aige nó aici atá chomh mór sin, i dtuairim an Aire, go gceanglaíonn sí nach sealbhódh sé nó sí an oifig sin nó gur chóir go scoirfeadh sé nó sí den oifig sin a shealbhú.

(11) Féadfaidh comhalta den Ghníomhaireacht tráth ar bith éirí as oifig trí litir a bheidh dírithe chuig an Aire agus beidh éifeacht leis an éirí as ar an dáta a shonraítear sa litir nó ar an dáta a gheobhaidh an tAire an litir, cibé acu is déanaí.

(12) Féadfaidh an tAire tráth ar bith comhalta den Ghníomhaireacht a chur as oifig más rud é, i dtuairim an Aire—

- (a) go bhfuil an comhalta tar éis éirí éagumasach, de dheasca easláinte, ar dhualgais na hoifige a chomhlíonadh go héifeachtach,
- (b) gur mhí-iompair an comhalta é féin nó í féin mar a bheidh sonraithe, nó

(c) gur dealraitheach don Aire gur gá an comhalta a chur as oifig ar mhaithe le comhlíonadh éifeachtach fheidhmeanna na Gníomhaireachta.

(13) Faoi réir *fho-alt (9)*, beidh comhalta den Ghníomhaireacht a rachaidh a thréimhse nó a tréimhse comhaltais in éag le himeacht aimsire in-athcheaptha mar chomhalta den Ghníomhaireacht.

(14) Faoi réir *fho-alt 12(3)*, féadfaidh an Ghníomhaireacht gníomhú d'ainneoin aon fholúntais nó folúntas ina comhaltas.

(15) Más rud é go n-éagfaidh comhalta den Ghníomhaireacht, go n-éireoidh sé nó sí as, go scoirfidh sé nó sí, go dtiocfaidh sé nó sí chun bheith dícháilithe nó go scoirfidh sé nó sí ar shlí eile d'oifig a shealbhú nó go gcuirfear as oifig é nó í, féadfaidh an tAire duine a cheapadh chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Ghníomhaireacht chun an folúntas a tharla amhlaidh a líonadh agus déanfar an duine a cheapfar amhlaidh a cheapadh sa tslí chéanna ar ceapadh an comhalta ar dá bharr nó dá barr a tharla an corrfholúntas.

(16) I gcás go n-éireoidh folúntas, déanfaidh an tAire bearta chun é a líonadh a luaithe is indéanta.

Cathaoirleach na
Gníomhaireachta.

11.—(1) Ainmneoidh an tAire comhalta den Ghníomhaireacht mar chathaoirleach.

(2) Is é 5 bliana téarma oifige chathaoirleach na Gníomhaireachta.

(3) I gcás go scoirfidh cathaoirleach na Gníomhaireachta de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Ghníomhaireacht le linn a théarma nó a téarma oifige mar chathaoirleach, scoirfidh sé nó sí ansin freisin de bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an nGníomhaireacht.

(4) Féadfaidh cathaoirleach na Gníomhaireachta aon tráth éirí as a oifig nó as a hoifig mar chathaoirleach trí litir a sheolfar chuig an Aire agus beidh éifeacht leis an éirí as, mura dtarraingeofar siar é i scríbhinn roimhe sin, nuair a thosóidh an cruinniú den Ghníomhaireacht is tuisce a thionólfar tar éis don Aire an t-éirí as a chur in iúl don Ghníomhaireacht.

(5) Beidh cathaoirleach na Gníomhaireachta i seilbh oifige, mura tuisce a éagfaidh sé nó sí nó a scoirfidh sé nó sí ar shlí eile de bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach de bhua *fho-alt (3)* nó *(4)*, go dtí deireadh a thréimhse nó a tréimhse comhaltais den Ghníomhaireacht agus, má dhéantar é nó í a athcheapadh mar chomhalta den Ghníomhaireacht, beidh sé nó sí in-athcheaptha mar chathaoirleach ar an nGníomhaireacht.

Cruinnithe agus
nósanna imeachta
na
Gníomhaireachta.

12.—(1) Tionólfaidh an Ghníomhaireacht cibé cruinnithe agus cibé líon cruinnithe is gá chun a feidhmeanna a chomhlíonadh.

(2) Féadfaidh an tAire, i gcomhairle le cathaoirleach na Gníomhaireachta, dáta, tráth agus ionad chéadchruinniú na Gníomhaireachta a shocrú.

(3) 5 is córam do chruinniú den Ghníomhaireacht.

(4) Ag cruinniú den Gníomhaireacht—

- (a) is é nó is í cathaoirleach na Gníomhaireachta, má bhíonn sé nó sí i láthair, a bheidh ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú, agus
- (b) mura mbeidh, agus fad nach mbeidh, cathaoirleach na Gníomhaireachta i láthair nó má tá oifig an chathaoirligh folamh, roghnóidh na comhaltaí den Gníomhaireacht a bheidh i láthair duine dá líon chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú.

(5) Beidh vóta ag gach comhalta den Gníomhaireacht (lena n-áirítear cathaoirleach an chruinnithe lena mbaineann) a bheidh i láthair ag cruinniú.

(6) Ag cruinniú den Gníomhaireacht, déanfar aon cheist ar gá vóta ina leith a chinneadh le tromlach vótaí na gcomhaltaí den Gníomhaireacht a bheidh i láthair agus a vótálfaidh ar an gceist agus, i gcás comhionannais vótaí, beidh an dara vóta, nó vóta réitigh, ag cathaoirleach an chruinnithe.

(7) Faoi réir an Achta seo, rialálfaidh an Gníomhaireacht, le buanorduithe nó ar shlí eile, nós imeachta agus gnó na Gníomhaireachta.

13.—(1) Féadfaidh an Gníomhaireacht coistí a bhunú—

Coistí.

- (a) chun cúnamh agus comhairle a thabhairt don Gníomhaireacht maidir le nithe a bhaineann le haon cheann dá feidhmeanna nó maidir le cibé nithe a chinnfidh an Gníomhaireacht ó am go ham, nó
- (b) chun cibé feidhmeanna d'fheidhmeanna na Gníomhaireachta a tharmligfidh sí ó am go ham a chomhlíonadh.

(2) Is iad a bheidh ar choiste cathaoirleach agus cibé líon comhaltaí eile a chinnfidh an Gníomhaireacht agus féadfaidh daoine nach comhaltaí den Gníomhaireacht nó dá foireann a bheith air.

(3) Is í an Gníomhaireacht a cheapfaidh cathaoirleach coiste agus na comhaltaí eile de.

(4) Déanfaidh an Gníomhaireacht, le linn comhalta de choiste a cheapadh—

- (a) aird a thabhairt ar an réimse cáilíochtaí agus taitní is gá chun feidhmeanna an choiste a chomhall go cuí agus go héifeachtach,
- (b) aird a thabhairt ar a inmhianaithe atá sé go mbeidh cóimheá chothromasach ann idir fir agus mná i gcomhdhéanamh an choiste,
- (c) tréimhse chomhaltais an chomhalta a shocrú, agus
- (d) téarmaí a chomhaltais nó a comhaltais a shocrú.

(5) Féadfaidh an Ghníomhaireacht cibé táillí a chinnfidh an Ghníomhaireacht, faoi réir thoiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, a íoc le comhaltaí coiste.

(6) Féadfaidh an Ghníomhaireacht comhalta de choiste a chur as comhaltas den choiste aon tráth.

(7) Féadfaidh an Ghníomhaireacht coiste a dhíscaoileadh aon tráth.

(8) Féadfaidh an Ghníomhaireacht nós imeachta agus gnó coiste a rialáil ach, faoi réir aon rialála den sórt sin, féadfaidh coiste a nós imeachta féin agus a ghnó féin a rialáil.

(9) Féadfaidh coiste gníomhú d'ainneoin folúntais nó folúntas ina chomhaltas.

Príomh-
fheidhmeannach.

14.—(1) Beidh príomhoifigeach feidhmiúcháin ar an nGníomhaireacht ar a dtabharfar, agus dá ngairtear san Acht seo, an príomhfheidhmeannach.

(2) Faoi réir *fho-alt (3)*, is í an Ghníomhaireacht, le ceadú an Aire, a cheapfaidh an príomhfheidhmeannach agus féadfaidh an Ghníomhaireacht, le ceadú an Aire, é nó í a chur as oifig ar chúiseanna sonraithe.

(3) I gcás go seolfar comórtas chun príomhfheidhmeannach a cheapadh roimh an lá bunaithe féadfaidh an tAire an t-iarrthóir ar éirigh leis nó léi a cheapadh mar phríomhfheidhmeannach ainmnithe na Gníomhaireachta.

(4) Maidir leis an bpríomhfheidhmeannach—

(a) sealbhóidh sé nó sí oifig faoi chonradh scríofa seirbhíse (is conradh a fhéadfar a athnuachan) ar feadh cibé tréimhse, nach mó ná 5 bliana, a bheidh sonraithe sa chonradh, agus faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair, liúntais i leith caiteachas agus aoisliúntas) a bheidh sonraithe amhlaidh, is téarmaí agus coinníollacha a chinnfidh an Ghníomhaireacht ó am go ham le ceadú an Aire arna thabhairt le toiliú an Aire Airgeadais, agus

(b) íocfar é nó í as airgead a bheidh faoina réir ag an nGníomhaireacht.

(5) Ní shealbhóidh an príomhfheidhmeannach aon oifig eile ná ní bheidh aon phost eile aige nó aici arb iníoctha díolaíochtaí ina leith, ná ní sheolfaidh sé nó sí aon ghnó gan toiliú na Gníomhaireachta agus ceadú an Aire.

(6) Beidh an príomhfheidhmeannach faoi réir rialú chomhaltaí na Gníomhaireachta agus, ach amháin maidir le vótáil ag cruinnithe den Ghníomhaireacht, ceanglaítear air nó uirthi déanamh de réir aon ordachán dleathach a thabharfaidh na comhaltaí sin maidir le feidhmeanna an phríomhfheidhmeannaigh a chomhall.

(7) Maidir leis an duine a shealbhaíonn post phríomhfheidhmeannach ainmnithe na Gníomhaireachta, díreach roimh an lá bunaithe, tiocfaidh sé nó sí, ar an lá bunaithe, chun bheith ina phríomhfheidhmeannach nó ina príomhfheidhmeannach

agus sealbhóidh sé nó sí an oifig sin go dtí go gceapfaidh an Gníomhaireacht príomhfheidhmeannach faoi *fho-alt* (2).

(8) Maidir le duine a bhí ina phríomhfheidhmeannach nó ina príomhfheidhmeannach ní dhéanfaidh sé nó sí, ar feadh tréimhse 12 mhí tar éis dó nó di éirí as oifig, a bheith curtha as oifig nó scor d'oifig a shealbhú, aon oifig nó fostaíocht eile a shealbhú ná gníomhú mar shainchomhairleoir i gcás gur dóigh dó nó di faisnéis a gheobhaidh sé nó sí i bhfeidhmiú a fheidhmeanna nó a feidhmeanna mar phríomhfheidhmeannach a úsáid nó a nochtadh.

(9) D'ainneoin *fho-alt* (8), ní choiscfear ar dhuine a bhí ina phríomhfheidhmeannach nó ina príomhfheidhmeannach—

- (a) aon oifig nó fostaíocht sa Státseirbhís nó in aon chomhlacht poiblí a shealbhú, ná
- (b) gníomhú mar shainchomhairleoir don Gníomhaireacht, don Aire nó d'aon Aire eile den Rialtas,

le linn na tréimhse dá dtagraítear san *fho-alt* sin.

15.—(1) Déanfaidh an príomhfheidhmeannach foireann, riarachán agus gnó na gníomhaireachta a sheoladh, a bhainistiú agus a rialú i gcoitinne agus comhlíonfaidh sé nó sí cibé feidhmeanna eile a thabharfar dó nó di leis an Acht seo, nó faoi, nó de réir mar a chinnfidh an Gníomhaireacht.

Feidhmeanna an
phríomh-
fheidhmeannaigh.

(2) Féadfaidh an príomhfheidhmeannach na gníomhartha nó na nithe sin go léir a dhéanamh is gá nó is fóirsteanach d'fhonn a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a fheidhmiú faoin Acht seo.

(3) Tabharfaidh an príomhfheidhmeannach comhairle don Gníomhaireacht i ndáil le feidhmeanna na Gníomhaireachta a chomhlíonadh agus cuirfidh sé nó sí aon tograí cuí bhráil na Gníomhaireachta maidir le haon ní a bhaineann le gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta.

(4) Beidh an príomhfheidhmeannach freagrach don Gníomhaireacht as a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh agus as beartais na Gníomhaireachta a chur i ngníomh.

(5) Soláthróidh an príomhfheidhmeannach don Gníomhaireacht cibé faisnéis, lena n-áirítear faisnéis airgeadais, i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a theastóidh ón nGníomhaireacht.

(6) Faoi réir *fho-alt* (7), féadfaidh an príomhfheidhmeannach cibé feidhmeanna dá chuid nó dá cuid a chomhlíonadh is cuí leis nó léi trí aon chomhalta d'fhoireann na Gníomhaireachta a bheidh údaraithe go cuí ag an bpríomhfheidhmeannach chuige sin.

(7) (a) Féadfaidh cibé comhalta d'fhoireann na Gníomhaireachta a bheidh ainmnithe ó am go ham ag an nGníomhaireacht chun na críche sin feidhmeanna an phríomhfheidhmeannaigh a chomhlíonadh le linn don phríomhfheidhmeannach a bheith as láthair nó nuair a bheidh post an phríomhfheidhmeannaigh folamh.

- (b) Beidh na cumhachtaí, na cearta agus na dualgais go léir a thugtar don phríomhfheidhmeannach leis an Acht seo ag comhalta d'fhoireann na Gníomhaireachta a bheidh ainmnithe faoi *mhír* (a) agus measfar go bhfolaíonn gach tagairt san Acht seo don phríomhfheidhmeannach tagairt don chomhalta sin den fhoireann.

An príomh-fheidhmeannach do fhreastal os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí.

16.—(1) Aon uair a cheanglóidh an coiste de Dháil Éireann, a bheidh bunaithe faoi Bhuan-Orduithe Dháil Éireann chun scrúdú a dhéanamh ar chuntais leithreasa agus ar thuarascálacha an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus tuarascáil a thabhairt do Dháil Éireann ar an gcéanna, ar an bpríomhfheidhmeannach déanamh amhlaidh, tabharfaidh sé nó sí fianaise don choiste sin maidir leis na nithe seo a leanas—

- (a) rialtacht agus cuibheas na n-idirbheart a bheidh taifeadta, nó a cheanglaítear a thaifeadadh, in aon leabhar nó taifead eile cuntais atá faoi réir a iniúchta ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus a bhfuil ceangal ar an nGníomhaireacht le reacht nó faoi reacht é a choimeád,
- (b) barainneacht agus éifeachtúlacht na Gníomhaireachta ó thaobh a cuid acmhainní a úsáid,
- (c) na córais, na nósanna imeachta agus na cleachtais a úsáideann an Gníomhaireacht chun éifeachtacht a cuid oibríochtaí a mheas, agus
- (d) aon ní a dhéanann difear don Gníomhaireacht agus dá dtagraítear i dtuarascáil speisialta ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi alt 11(2) d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 nó in aon tuarascáil eile ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (a mhéid a bhaineann sé le ní a shonraítear i *mír* (a), (b) nó (c)) a leagtar faoi bhráid Dháil Éireann.

(2) Le linn a dhualgais nó a dualgais a chomhlíonadh faoi *fho-alt* (1), ní cheisteoidh an príomhfheidhmeannach tuillteanas aon bheartais de chuid an Rialtais nó de chuid Aire den Rialtas ná tuillteanas cuspóirí beartas den sórt sin ná ní thabharfaidh sé nó sí tuairim faoi na tuillteanais sin.

An príomh-fheidhmeannach do fhreastal os comhair Coistí Oireachtais eile.

17.—Freastalóidh an príomhfheidhmeannach, aon uair a cheanglóidh coiste de na coistí seo a leanas air nó uirthi déanamh amhlaidh—

- (a) coiste arna cheapadh ag ceachtar Teach den Oireachtas, ar gnó é gnó an choiste sin a fholáíonn beartas i ndáil le cosaint agus leas tomhaltóirí a iniúchadh, nó
- (b) coiste arna cheapadh ag dhá Theach an Oireachtais i gcomhar, ar gnó é gnó an choiste sin a fholáíonn beartas den sórt sin a iniúchadh,

os comhair an choiste sin chun gníomhaíochtaí ginearálta na Gníomhaireachta a phlé.

18.—(1) Más rud é, maidir le comhalta den Gníomhaireacht, maidir leis an bpríomhfheidhmeannach nó maidir le comhalta d'fhoireann na Gníomhaireachta—

Comhaltas de
cheachtar Teach
den Oireachtas, de
Pharlaimint na
hEorpa nó d'údarás
áitiúil.

- (a) go n-ainmnítear é nó í mar chomhalta de Sheanad Éireann, nó
- (b) go dtoghtar é nó í mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta de Pharlaimint na hEorpa, nó
- (c) go meastar, de bhun alt 19 den Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa 1997, é nó í a bheith tofa chun na Parlaiminte sin, nó
- (d) go dtoghtar nó go gcomhthoghtar é nó í mar chomhalta d'údarás áitiúil,

air sin—

- (i) i gcás comhalta den Gníomhaireacht nó an phríomhfheidhmeannaigh, scoirfidh sé nó sí de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Gníomhaireacht nó de bheith ina príomhfheidhmeannach nó ina príomhfheidhmeannach, de réir mar a bheidh, agus
- (ii) i gcás comhalta d'fhoireann na Gníomhaireachta, beidh sé nó sí ar iasacht ó fhostaíocht ag an nGníomhaireacht agus ní íocfaidh an Gníomhaireacht leis nó léi, ná ní bheidh sé nó sí i dteideal go bhfaighidh sé nó sí ón nGníomhaireacht, aon luach saothair nó liúntais i leith caiteachas i leith na tréimhse dar tosach an tráth a ainmneofar nó a thoghfar é nó í amhlaidh, nó an tráth a mheasfar amhlaidh é nó í a bheith tofa nó an tráth a thoghfar nó a chomhthoghfar é nó í amhlaidh, de réir mar a bheidh, agus dar críoch an tráth a scoirfidh sé nó sí de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Teach sin, ina ionadaí nó ina hionadaí de chuid na Parlaiminte sin nó ina chomhalta nó ina comhalta d'údarás áitiúil.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, léifear an fo-alt sin mar *fho-alt* lena dtoirmiscear tréimhse a luaitear ann a áireamh mar sheirbhís leis an nGníomhaireacht chun críocha aon sochar aoisliúntais is iníoctha faoi *alt 36* nó ar shlí eile.

(3) Maidir le duine a bheidh de thuras na huairé—

- (a) i dteideal faoi Bhuan-Orduithe ceachtar Tí den Oireachtas suí sa Teach sin,
- (b) ina chomhalta nó ina comhalta de Pharlaimint na hEorpa, nó
- (c) i dteideal faoi bhuan-orduithe údaráis áitiúil suí mar chomhalta den údarás sin,

beidh sé nó sí, fad a bheidh sé nó sí i dteideal amhlaidh nó ina chomhalta nó ina comhalta den sórt sin, dícháilithe chun teacht chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Gníomhaireacht, ina phríomhfheidhmeannach nó ina príomhfheidhmeannach nó ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann na Gníomhaireachta.

(4) San alt seo ciallaíonn “údarás áitiúil” údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil 2001.

Slánaíocht do chomhaltaí na Gníomhaireachta.

19.—(1) I gcás gur deimhin leis an nGníomhaireacht go bhfuil duine lena mbaineann an t-alt seo tar éis a dhualgais nó a dualgais a chomhall de bhun fheidhmeanna na Gníomhaireachta de mheon macánta, féadfaidh an Ghníomhaireacht, ar an modh agus a mhéid agus faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha a chinnfidh an Ghníomhaireacht ó am go ham i gcomhairle leis an Aire, an duine sin a shlánú in aghaidh gach caingne nó éileamh, cibé slí ina n-éireoidh, i leith chomhall a dhualgas aige nó a dualgas aici.

(2) Baineann an t-alt seo leo seo a leanas—

- (a) comhalta den Ghníomhaireacht,
- (b) comhalta de choiste,
- (c) comhalta d’fhoireann na Gníomhaireachta, lena n-áirítear an príomhfheidhmeannach,
- (d) duine a soláthraítear a sheirbhísí nó a seirbhísí don Ghníomhaireacht faoi *alt 26*, agus
- (e) oifigeach údaraithe.

Ráiteas straitéise agus clár oibre na Gníomhaireachta.

20.—(1) A luaithe is indéanta tar éis an lae bunaithe, agus ina dhiaidh sin 3 mhí ar a laghad roimh gach tríú cothromdháta lae bunaithe, déanfaidh an Ghníomhaireacht ráiteas straitéise don tréimhse 3 bliana ina dhiaidh sin a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire.

(2) Maidir le ráiteas straitéise—

- (a) sonrófar ann cuspóirí fíorthábhachtacha na Gníomhaireachta, a haschuir agus a straitéisí gaolmhara (lena n-áirítear úsáid acmhainní),
- (b) tabharfar aird ann ar an ngá atá ann a chinntiú go mbainfear an úsáid is tairbhiúla, is éifeachtaí agus is éifeachtúla as acmhainní na Gníomhaireachta,
- (c) ach amháin i gcás an chéad ráitis straitéise, áireofar ann athbhreithniú ar na torthaí agus ar éifeachtacht an chláir oibre roimhe sin,
- (d) sonrófar ann an modh ar a mbeartaíonn an Ghníomhaireacht a feidhmíocht i leith na gcuspóirí dá dtagraítear i *mír (a)* a mheasúnú, agus táscairí feidhmíochta iomchuí (airgeadais agus neamhairgeadais) á gcur i gcuntas,
- (e) ullmhófar é san fhoirm agus ar an modh a ordóidh an tAire ó am go ham, agus
- (f) áireofar ann aon nithe eile a ordóidh an tAire ó am go ham.

(3) Le linn an ráiteas straitéise a ullmhú, féadfaidh an Ghníomhaireacht dul i gcomhairle le cibé daoine is cuí léi.

(4) A luaithe is indéanta tar éis ráiteas straitéise a chur faoi bhráid an Aire faoi *fho-alt (1)*, cuirfidh an tAire faoi deara cóip den ráiteas straitéise a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus foilseofar an ráiteas straitéise san fhoirm agus ar an modh is cúí leis an nGníomhaireacht.

(5) Déanfaidh an Gníomhaireacht, 2 mhí ar a laghad roimh thosach gach bliana airgeadais, clár oibre a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire, ar clár oibre é a bhaineann lena feidhmeanna a chomhall, lena n-áirítear na nithe seo a leanas—

- (a) ag féachaint don ráiteas straitéise, cuspóirí na Gníomhaireachta don bhliain sin agus a straitéis chun na cuspóirí sin a bhaint amach,
- (b) tosaíochtaí na Gníomhaireachta don bhliain sin, ag féachaint do na cuspóirí sin agus do na hacmhainní a bheidh ar fáil di, agus
- (c) aon nithe eile a shonróidh an tAire ó am go ham le linn ordacháin nó treoirlínte a eisiúint faoi *fho-alt (6)*.

(6) Féadfaidh an tAire, ó am go ham, ordacháin nó treoirlínte a eisiúint don Gníomhaireacht maidir le hullmhú an chláir oibre agus déanfaidh an Gníomhaireacht na treoirlínte sin a chomhlíonadh agus an clár oibre a ullmhú de réir na dtreoirlínte sin.

21.—(1) A luaithe is indéanta tar éis thosach feidhme an ailt seo, déanfar comhaontú amháin nó níos mó idir an Gníomhaireacht agus gach ceann de na comhlachtaí forordaithe chun na gcríoch seo a leanas—

Socrú a dhéanamh le haghaidh comhoibriú idir an Gníomhaireacht agus comhlachtaí áirithe forordaithe.

- (a) comhoibriú a éascú idir an Gníomhaireacht agus na comhlachtaí forordaithe le linn a bhfeidhmeanna faoi seach a chomhlíonadh a mhéid a bhaineann siad le saincheisteanna cosanta agus leasa tomhaltóirí,
- (b) an Gníomhaireacht agus aon cheann de na comhlachtaí forordaithe do sheachaint dúblú ar ghníomhaíochtaí,
- (c) an Gníomhaireacht a chumasú chun go rachfaí i gcomhairle léi i ndáil le haon bhreitheanna ag comhlachtaí forordaithe a dhéanann difear do thomhaltóirí,
- (d) más cúí, comhstaidéir nó comhanailís a sheoladh ar nithe a bhaineann le cosaint tomhaltóirí nó ar shaincheisteanna is cás le tomhaltóirí,

agus gairtear “comhaontú comhoibrithe” san alt seo de gach comhaontú den sórt sin a dhéantar.

(2) Ní gá chun críocha *fho-alt (1)* gurb iad na comhlachtaí forordaithe céanna is páirtithe i ngach comhaontú a dhéantar leis an nGníomhaireacht de bhun an fho-ailt sin.

(3) Folóidh comhaontú comhoibrithe forálacha—

- (a) lena gcumasófar do gach páirtí faisnéis a bheidh ina sheilbh a thabhairt do pháirtí eile má tá gá ag an bpáirtí

eile sin leis an bhfaisnéis chun é do chomhlíonadh aon cheann dá fheidhmeanna,

- (b) lena gcumasófar do gach páirtí staonadh óna fheidhmeanna a chomhlíonadh i ndáil le ní in imthosca inar deimhin leis go bhfuil feidhmeanna á gcomhlíonadh ag páirtí eile i ndáil leis an ní sin,
- (c) lena gceanglófar ar gach páirtí dul i gcomhairle le haon pháirtí eile sula gcomhlíonfaidh sé aon fheidhmeanna in imthosca inarb éard a bheidh i ngach páirtí d'fheidhmiú, faoi seach, na bhfeidhmeanna lena mbaineann cinneadh a dhéanamh ar shaincheisteanna maidir le cosaint agus leas tomhaltóirí, is saincheisteanna is ionann agus a chéile nó atá san earnáil chéanna saincheiste den sórt sin, is earnáil a sonraíodh sa chomhaontú comhoibrithe, agus
- (d) lena gcinnteofar nach mbeidh aon duine ina ábhar nó ina hábhar—
 - (i) d'imeachtaí (sibhialta nó coiriúla) faoin Acht seo ná faoi aon achtachán eile, ná
 - (ii) d'fheidhmiú aon chumhachta faoi *alt 73* nó *75*,

mar gheall ar shárú líomhnaithe ar fhoráil den Acht seo nó d'aon achtachán eile, ag níos mó ná páirtí amháin de na páirtithe.

(4) Féadfaidh na páirtithe lena mbaineann comhaontú comhoibrithe a athrú.

(5) Déanfaidh an Ghníomhaireacht cóip de gach comhaontú comhoibrithe (lena n-áirítear aon athrú ar an gcomhaontú) a bheidh déanta a thabhairt don Aire agus, más iomchuí, don Aire nó do na hAirí den Rialtas a bheidh freagrach as an gcomhlacht forordaithe lena mbaineann laistigh de 1 mhí tar éis an comhaontú (nó an t-athrú air) a dhéanamh.

(6) Is i scríbhinn a bheidh comhaontú comhoibrithe nó aon athrú arna dhéanamh air agus, a luaithe is indéanta tar éis an comhaontú nó an t-athrú a dhéanamh agus a thabhairt don Aire nó do na hAirí den Rialtas a bheidh freagrach as an gcomhlacht forordaithe lena mbaineann, foilseoidh na páirtithe fógra i dtaobh a dhéanta i cibé slí is cuí leo.

(7) Déarfar i bhfógra den sórt sin go bhféadfar cóip den chomhaontú lena mbaineann (lena n-áirítear an comhaontú arna athrú) a iniúchadh i cibé áit, nó ar cibé modh, a bheidh sonraithe san fhógra agus go bhféadfar cóip den chomhaontú a cheannach ó na páirtithe i cibé slí a bheidh sonraithe amhlaidh (agus déanfar, dá réir sin, cóip den chomhaontú a chur ar fáil lena iniúchadh amhlaidh agus a chur ar fáil lena cheannach amhlaidh (ar chostas nach mó ná an costas réasúnach a bhainfidh le cóip a dhéanamh nó, más cuí, an costas sin agus méid aon phostais a bheidh i gceist)).

(8) Gan dochar *d'fho-alt (9)*, ní léifear aon ní in aon achtachán mar ní a choisceann forálacha comhaontaithe comhoibrithe ó éifeacht a bheith leo de réir a dtéarmaí.

(9) Má thugann páirtí amháin faisnéis do pháirtí eile de bhun forála de chuid comhaontaithe comhoibrithe den sórt dá dtagraítear

i *bhfo-alt (3)(a)*, beidh feidhm ag forálacha aon achtacháin, ar forálacha iad a bhaineann leis an gcéad pháirtí a luaitear do nochtadh na faisnéise sin, maidir leis an dara páirtí a luaitear i leith na faisnéise sin.

(10) Ní dhéanfaidh mainneachtain ag an nGníomhaireacht nó ag comhlacht forordaithe foráil de chomhaontú comhoibríthe a chomhlíonadh feidhmiú aon chumhachta aici nó aige a chur ó bhail.

(11) (a) San alt seo ciallaíonn “comhlacht forordaithe” gach ceann díobh seo a leanas:

(i) Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann;

(ii) comhlacht a bheidh forordaithe ag an Aire.

(b) Sula ndéanfaidh an tAire comhlacht a fhorordú as a bhfuil Aire eile den Rialtas freagrach, rachaidh an tAire i gcomhairle leis an Aire eile sin den Rialtas.

(c) Le linn dó nó di comhlacht a fhorordú chun críocha an ailt seo beidh aird ag an Aire ar fheidhmeanna agus ar ghníomhaíochtaí an chomhlachta a mhéid a bhaineann na feidhmeanna agus na gníomhaíochtaí sin le cosaint agus leas tomhaltóirí.

(12) San alt seo ciallaíonn “páirtí” páirtí i gcomhaontú comhoibríthe agus aon tagairt do pháirtí eile (cibé acu an úsáidtear an abairt sin nó an abairt “an páirtí eile”), forléireofar é, i gcás go bhfuil 2 pháirtí eile nó níos mó sa chomhaontú, mar thagairt do pháirtí amháin nó níos mó de na páirtithe sin nó do gach páirtí díobh, de réir mar is cuí.

22.—(1) Tabharfaidh an Gníomhaireacht, a luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná 6 mhí, tar éis dheireadh gach bliana airgeadais, tuarascáil i scríbhinn don Aire (dá ngairtear an “tuarascáil bhliantúil” san alt seo) faoina cuid gníomhaíochtaí le linn na bliana sin, agus, sula bhfoilseofar an tuarascáil bhliantúil, a luaithe is indéanta tar éis é nó í an tuarascáil bhliantúil a fháil, cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna den tuarascáil bhliantúil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Tuarascálacha agus faisnéis don Aire.

(2) Beidh faisnéis i cibé foirm agus maidir le cibé nithe a ordóidh an tAire i dtuarascáil bhliantúil.

(3) Féadfaidh an Gníomhaireacht, ó am go ham, cibé tuarascálacha eile a bhaineann lena feidhmeanna, agus is cuí léi nó a éileoidh an tAire, a thabhairt don Aire.

(4) I dteannta na faisnéise a sholáthróidh an Gníomhaireacht ina tuarascáil bhliantúil agus i dtuarascálacha arna dtabhairt de bhun *fo-alt (3)*, soláthróidh an Gníomhaireacht don Aire cibé faisnéis maidir le comhlíonadh a feidhmeanna nó tabharfaidh sí comhairle don Aire ar aon ní a bhaineann leis na feidhmeanna sin, nó iad araon, a iarrfaidh an tAire ó am go ham.

23.—(1) Déanfaidh an Gníomhaireacht meastacháin ar ioncam agus caiteachas a chur faoi bhráid an Aire i cibé foirm, i leith cibé tréimhsí, agus cibé tráthanna a éileoidh an tAire agus déanfaidh sí aon fhaisnéis a éileoidh an tAire i ndáil leis na meastacháin sin, lena

Cuntais agus iniúchtaí.

n-áirítear tograí agus pleananna todhchaí a bhaineann leis an nGníomhaireacht do chomhlíonadh a feidhmeanna thar thréimhse sonraithe blianta, a thabhairt don Aire.

(2) Coimeádfaidh an Gníomhaireacht, i cibé foirm a cheadóidh an tAire le toiliú an Aire Airgeadais, na leabhair nó na taifid chuntais eile go léir is cúf agus is gnách—

(a) ar an airgead go léir a fhaigheann an Gníomhaireacht nó a chaitheann sí, agus

(b) ar mhaoin, sócmhainní agus dliteanais uile na Gníomhaireachta,

lena n-áirítear cuntas ioncain agus caiteachais agus clár comhardaithe agus, go háirithe, coimeádfaidh sí cibé cuntais speisialta (más ann) a ordóidh an tAire ó am go ham.

(3) Aon uair a iarrfaidh an tAire amhlaidh, ceadóidh an príomhfheidhmeannach agus oifigigh eile na Gníomhaireachta d'aon duine a bheidh ceaptha ag an Aire leabhair nó taifid chuntais eile na Gníomhaireachta a scrúdú i leith aon bhliana airgeadais nó tréimhse eile agus éascóidh siad aon scrúdú den sórt sin agus íocfaidh an Gníomhaireacht cibé táille a shocróidh an tAire.

(4) Déanfaidh an Gníomhaireacht na cuntais a choimeádfar de bhun an ailt seo, arna síniú ag an bpríomhfheidhmeannach, a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh a luaithe is indéanta, ach tráth nach déanaí ná 3 mhí, tar éis dheireadh na bliana airgeadais lena mbaineann na cuntais.

(5) Nuair a bheidh siad iniúchta amhlaidh, déanfaidh an Gníomhaireacht cóip de na cuntais, mar aon le cóip de thuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ar an gcéanna, a thíolacadh don Aire, agus cuirfidh an tAire faoi deara, a luaithe is féidir ach tráth nach déanaí ná 3 mhí ina dhiaidh sin, cóipeanna díobh a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Airleacain ón Aire
chuig an
nGníomhaireacht.

24.—Féadfaidh an tAire, ó am go ham, cibé suim nó suimeanna a chinnfidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, a airleacan chuig an nGníomhaireacht as airgead a sholáthróidh an tOireachtas, chun críocha caiteachais ag an nGníomhaireacht i gcomhlíonadh a feidhmeanna di faoi aon fhoráil de na forálacha reachtúla iomchuí.

Leasanna a
nochtadh.

25.—(1) I gcás leas airgid nó leas tairbhiúil eile a bheith ag an bpríomhfheidhmeannach, ag comhalta den Gníomhaireacht nó de choiste, ag comhalta d'fhoireann na Gníomhaireachta, ag oifigeach údaraithe nó sainchomhairleoir, comhairleoir nó duine eile a bheidh ar fostú ag an nGníomhaireacht, ar leas é in aon ní, nó atá ábhartha i leith aon ní, a bheidh le breithniú ag an nGníomhaireacht—

(a) déanfaidh sé nó sí, sula ndéanfar aon bhreithniú ar an ní, cineál an leasa a nochtadh don Gníomhaireacht,

(b) ní imreoidh sé nó sí tionchar, ná ní fhéachfaidh le tionchar a imirt, ar bhreith i ndáil leis an ní,

(c) ní ghlacfaidh sé nó sí páirt ar bith in aon bhreithniú ar an ní,

- (d) más é nó más í an príomhfheidhmeannach, nó más comhalta den Ghníomhaireacht nó de choiste nó comhalta d'fhoireann na Gníomhaireachta, an duine, tarraingeoidh sé nó sí siar ón gcruinniú fad a bheidh an ní á phlé nó á bhreithniú agus ní vótálfaidh sé nó sí, ná ní ghníomhóidh sé nó sí ar shlí eile mar phríomhfheidhmeannach nó comhalta den sórt sin i ndáil leis an ní.

(2) Chun críocha an ailt seo, ach gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, measfar leas tairbhiúil a bheith ag duine más rud é, i ngach ceann de na cásanna seo a leanas:

- (a) gur comhalta de chuideachta nó d'aon chomhlacht eile ag a bhfuil leas tairbhiúil in aon ní, nó atá ábhartha i leith aon ní, dá dtagraítear san *fho-alt* sin an duine, aon ghaol bainteach de chuid an duine nó ainmní de chuid ceachtar acu;
- (b) go bhfuil an duine nó aon ghaol bainteach de chuid an duine i gcomhpháirtíocht le duine nó ar fostú ag duine ag a bhfuil leas tairbhiúil in aon ní, nó atá ábhartha i leith aon ní, den sórt sin;
- (c) gur páirtí an duine nó aon ghaol bainteach de chuid an duine in aon socrú nó comhaontú (cibé acu infheidhmithe nó nach ea) i ndáil le talamh lena mbaineann aon ní den sórt sin;
- (d) go bhfuil leas tairbhiúil in aon ní, nó atá ábhartha i leith aon ní, den sórt sin ag aon ghaol bainteach.

(3) Chun críocha an ailt seo ní mheasfar leas tairbhiúil in aon ní, nó leas atá ábhartha i leith aon ní, a bheith ag duine de bhíthin amháin leas a bheith aige nó aici, nó ag aon chuideachta nó duine eile nó ag aon chomhlacht eile a luaitear i *bhfo-alt (2)*, ar leas é atá chomh cianda nó chomh neamhthábhachtach sin nach féidir a mheas le réasún gur dócha go n-imreoidh sé tionchar ar dhuine le linn aon cheist i leith an ní a bhreithniú nó a phlé, nó le linn vótáil ar aon cheist i leith an ní, nó le linn aon fheidhm a chomhlíonadh i ndáil leis an ní sin.

(4) Cinnfidh an Ghníomhaireacht aon cheist i dtaobh arbh ionann iompar áirithe ag duine, dá ndéanadh duine dá réir, agus mainneachtain aige nó aici *fo-alt (1)* a chomhlíonadh, agus déanfar na sonraí faoin gcinneadh a thairbhíocht i miontuairiscí an chruinnithe ag a ndéanfar an cinneadh.

(5) Má dhéantar nochtadh faoi *fho-alt (1)* ag cruinniú den Ghníomhaireacht, déanfar sonraí an nochtadh a thairbhíocht i miontuairiscí an chruinnithe lena mbaineann, agus fad a bheidh an cruinniú ag plé leis an ní lena mbaineann an nochtadh, ní áireofar an duine a dhéanfaidh an nochtadh sa chóram don chruinniú.

(6) I gcás gur deimhin leis an Aire gur sháraigh comhalta den Ghníomhaireacht *fo-alt (1)*, féadfaidh an tAire, más cuí leis nó léi é, an comhalta sin a chur as oifig agus, i gcás go gcuirtear duine as oifig de bhun an *fho-alt* seo, beidh an duine dícháilithe air sin chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Ghníomhaireacht.

(7) I gcás go ndéanfaidh duine, seachas duine lena mbaineann *fo-alt (6)*, *fo-alt (1)* a shárú, tabharfaidh an Ghníomhaireacht breith, i

geomhairle leis an Aire, i dtaobh cén beart is cuí a dhéanamh i ndáil leis an duine, lena n-áirítear conradh seirbhíse nó conradh le haghaidh seirbhísí leis an duine a fhoirceannadh.

(8) San alt seo ciallaíonn “gaol bainteach”, i ndáil le duine, céile, páirtí, tuismitheoir, deartháir, deirfiúr, leanbh nó céile linbh leis an duine.

Cumhacht chun conarthaí a dhéanamh agus chun sainchomhairleoirí agus comhairleoirí a fhostú.

26.—Féadfaidh an Ghníomhaireacht ó am go ham de réir mar a mheasfaidh sí is gá chun a feidhmeanna a chomhlíonadh ar feadh cibé tréimhse agus faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha a mheasfaidh an Ghníomhaireacht is cuí—

(a) conarthaí a dhéanamh le daoine, agus

(b) sainchomhairleoirí nó comhairleoirí a fhostú,

agus déanfaidh an Ghníomhaireacht aon suimeanna is iníoctha dá réir sin ag an nGhníomhaireacht le daoine, sainchomhairleoirí nó comhairleoirí den sórt sin, a íoc as airgead a bheidh faoina réir aici.

Áitreabh na Gníomhaireachta.

27.—Féadfaidh an Ghníomhaireacht, chun áitribh a sholáthar is gá chun a feidhmeanna a chomhlíonadh, oifigí agus áitribh a léasú, a threallmhú agus a chothabháil, faoi réir thoiliú an Aire agus an Aire Airgeadais.

Séala na Gníomhaireachta.

28.—(1) Soláthróidh an Ghníomhaireacht séala di féin a luaithe is féidir tar éis an lae bunaithe.

(2) Fíordheimhneofar séala na Gníomhaireachta—

(a) le síniú chathaoirleach na Gníomhaireachta nó le síniú comhalta eile den Ghníomhaireacht a bheidh údaraithe aici chuige sin, nó

(b) le síniú an phríomhfheidhmeannaigh nó le síniú aon chomhalta eile d’fhoireann na Gníomhaireachta a bheidh údaraithe aici chuige sin.

(3) Tabharfar aird bhreithiúnach ar shéala na Gníomhaireachta agus maidir le haon ionstraim a airbheartóidh gur ionstraim í a rinne an Ghníomhaireacht agus a bheith séalaithe lena séala (a airbheartóidh a bheith fíordheimhnithe de réir *fho-alt (2)*), glacfar i bhfianaise í agus measfar gurb í an ionstraim sin í gan a thuilleadh cruthúnais, mura súfear a mhalairt.

(4) Féadfaidh aon duine a bheidh údaraithe ag an nGhníomhaireacht chuige sin i gcoitinne nó go speisialta aon chonradh nó ionstraim a dhéanamh nó a fhorghníomhú thar ceann na Gníomhaireachta, ar conradh nó ionstraim é nó í nár ghá a bheith faoi shéala dá ndéanfadh nó dá bhforghníomhódh duine nach comhlacht corpraithe é nó í.

Cumhacht chun airgead a fháil ar iasacht.

29.—Féadfaidh an Ghníomhaireacht airgead (lena n-áirítear airgead in airgeadra seachas airgeadra an Stáit) a fháil ar iasacht chun aon cheann d’fheidhmeanna na Gníomhaireachta a chomhlíonadh, faoi réir thoiliú an Aire agus an Aire Airgeadais agus faoi réir aon choinníollacha a chinnfidh siad.

30.—(1) Féadfaidh an Ghníomhaireacht cibé daoine agus cibé líon daoine, lena n-áirítear comhaltaí d'fhoireann na Gníomhaireachta, a cheapadh i scríbhinn chun bheith ina n-oifigigh údaraithe chun críocha na bhforálacha reachtúla iomchuí uile nó aon cheann díobh agus féadfar a shonrú gur ceapachán ar feadh tréimhse socraithe ceapachán den sórt sin.

Oifigigh údaraithe
don
Ghníomhaireacht.

(2) Leanfaidh aon oifigeach údaraithe faoi alt 16 den Acht um Fhaisnéis do Thomhaltóirí 1978 a bheidh i seilbh oifige díreach roimh thosach feidhme *alt 37* de bheith in oifig amhail is dá mbeadh sé nó sí ceaptha faoi *fho-alt (1)*.

(3) Tabharfar barántas ceapacháin do gach oifigeach údaraithe a cheapfar faoin alt seo agus déanfaidh an t-oifigeach, le linn dó nó di aon chumhacht a thugtar dó nó di leis an alt seo a fheidhmiú, an barántas ceapacháin, nó cóip de, a thabhairt ar aird má iarrann duine dá ndéantar difear air nó uirthi é sin a dhéanamh.

(4) Scoirfidh ceapachán faoin alt seo mar oifigeach údaraithe—

- (a) má dhéanann an Ghníomhaireacht an ceapachán a chúlghairm,
- (b) más go ceann tréimhse socraithe an ceapachán, ar an tréimhse sin a bheith caite, nó
- (c) má scoireann an duine a bheidh ceaptha amhlaidh de bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann na Gníomhaireachta.

(5) Féadfaidh oifigeach údaraithe, d'fhonn aon fhaisnéis a fháil is gá i ndáil le ní atá faoi imscrúdú faoi aon cheann de na forálacha reachtúla iomchuí—

- (a) dul isteach gach tráth réasúnach in aon áitreabh a mbeidh forais réasúnacha ann chun a chreidiúint ina leith go bhfuil nó go raibh aon trádáil nó gnó nó aon ghníomhaíocht i dtaca le trádáil nó gnó á seoladh nó á sheoladh, nó go gcoimeádtar taifid i ndáil leis an trádáil, leis an ngnó nó leis an ngníomhaíocht sin ar an áitreabh nó aige nó ann, agus an t-áitreabh agus aon taifid ar an áitreabh nó aige nó ann a chuardach agus a iniúchadh,
- (b) aon áitreabh nó aon chuid d'aon áitreabh ar a gcoimeádtar nó ag a gcoimeádtar nó ina gcoimeádtar taifid den sórt sin, nó a bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint go bhfuil taifid den sórt sin á gcoimeád air, aige nó ann nó uirthi, aici nó inti, a dhaingniú chun iniúchadh a dhéanamh air nó uirthi ina dhiaidh sin,
- (c) a cheangal ar aon duine a sheolann an trádáil, an gnó nó an ghníomhaíocht sin, nó ar aon duine atá ar fostú i leith na trádála, an ghnó nó na gníomhaíochta sin, na taifid sin a thabhairt ar aird don oifigeach údaraithe agus i gcás go gcoimeádtar na taifid sin i bhfoirm neamh-inléite iad a atáirgeadh i bhfoirm inléite nó aon fhaisnéis a bheidh ag teastáil le réasún ón oifigeach údaraithe i ndáil leis na taifid sin a thabhairt dó nó di,
- (d) aon taifid den sórt sin a iniúchadh agus cóipeanna a thógáil díobh nó sleachta a thógáil astu ar an áitreabh, ar an áit, nó ag an gcéanna nó sa chéanna, lena n-áirítear i gcás

faisnéise i bhfoirm neamh-inléite, cóipeanna den fhaisnéis sin nó sleachta aisti i mbuanfhoirm inléite,

- (e) taifid den sórt sin a thabhairt chun siúil agus a choimeád ar feadh cibé tréimhsí a bheidh réasúnach chun iad a scrúdú tuilleadh, ach sin faoi réir breitheamh den Chúirt Dúiche d'eisiúint barántais chun na críche sin,
- (f) a cheangal ar aon duine den sórt sin aon fhaisnéis a theastóidh le réasún ón oifigeach údaraithe a thabhairt don oifigeach údaraithe maidir leis an trádáil, leis an ngnó nó leis an ngníomhaíocht sin nó i leith na ndaoine a bheidh ag seoladh na trádála, an ghnó nó na gníomhaíochta sin nó a bheidh ar fostú i dtaca leis an trádáil, leis an ngnó nó leis an ngníomhaíocht sin,
- (g) a cheangal ar aon duine den sórt sin aon fhaisnéis eile a theastóidh le réasún ón oifigeach údaraithe i leith na trádála, an ghnó nó na gníomhaíochta sin a thabhairt don oifigeach údaraithe,
- (h) a cheangal ar aon duine a bhfuil nó a raibh trealamh sonraí á úsáid aige nó aici nó á úsáid thar a cheann nó thar a ceann nó ar aon duine atá i bhfeighil an trealamh sonraí nó i bhfeighil aon ghairis nó ábhair ghaolmhair, nó a bhfuil baint aige nó aici ar shlí eile le hoibriú an chéanna, gach cúnaimh réasúnach a thabhairt don oifigeach údaraithe i ndáil leis sin agus cúnaimh a thabhairt i leith aisghabháil faisnéise a bhaineann le trealamh sonraí, gaireas nó ábhar den sórt sin a oibriú,
- (i) aon duine eile atá fostaithe i dtaca leis an trádáil sin, leis an ngnó sin nó leis an ngníomhaíocht sin a ghairm aon tráth réasúnach chun aon fhaisnéis a theastóidh le réasún ón oifigeach údaraithe i ndáil leis an trádáil, leis an ngnó nó leis an ngníomhaíocht sin a thabhairt don oifigeach údaraithe agus aon taifid a bheidh faoi urláimh an duine eile sin a thabhairt ar aird don oifigeach údaraithe.

(6) Féadfaidh oifigeach údaraithe, chun aon fhaisnéis a fhéadfaidh a bheith ag teastáil i ndáil le ní atá á imscrúdú faoi na forálacha reachtúla iomchuí, dul isteach gach tráth réasúnach in aon áitreabh, a mbeidh forais réasúnacha ann chun a chreidiúint ina leith go bhfuil nó go raibh aon trádáil nó gnó nó aon ghníomhaíocht i dtaca le trádáil nó gnó á seoladh nó á sheoladh ann agus aon earraí san áitreabh a iniúchadh agus féadfaidh sé nó sí—

- (a) aon chuid de na hearraí a thógáil ar íoc astu nó ar thairiscint íoc astu, nó
- (b) an praghas ar a bhfuil na hearraí á dtairiscint nó aon fhaisnéis eile a bhaineann leis na hearraí a dhaingniú ar cibé modh eile is cuí chun críche imscrúdaithe.

(7) Ní rachaidh oifigeach údaraithe, seachas le toiliú an áititheora, isteach i dteaghais phríobháideach mura mbeidh barántas faighte aige nó aici ón gCúirt Dúiche faoi *fho-alt (10)* lena n-údaraitear dó nó di dul isteach amhlaidh.

(8) I gcás go gcoisctear ar oifigeach údaraithe, i bhfeidhmiú a chumhachtaí nó a cumhachtaí faoin alt seo, dul isteach in aon

áitreabh, féadfar iarratas a dhéanamh faoi *fho-alt (10)* chun é nó í a údarú dul isteach amhlaidh.

(9) Maidir le hoifigeach údaraithe atá ceaptha faoin alt seo, féadfaidh cibé oifigh údaraithe eile nó comhaltaí den Gharda Síochána nó iad araon de réir mar a mheasfaidh sé nó sí is gá, a bheith in éineacht leis nó léi le linn dó nó di aon chumhachtaí a thugtar d'oifigeach údaraithe leis an Acht seo a fheidhmiú,

(10) Gan dochar do na cumhachtaí a thugtar d'oifigeach údaraithe le haon fhoráil den alt seo nó faoi, más deimhin le breitheamh den Chúirt Dúiche ar fhaisnéis faoi mhionn ó oifigeach údaraithe go bhfuil forais réasúnacha amhrais ann go bhfuil faisnéis a theastaíonn ó oifigeach údaraithe faoin alt seo á sealbhú in nó ag aon áitreabh, nó in nó ag aon chuid d'aon áitreabh, féadfaidh an breitheamh barántas a eisiúint á údarú d'oifigeach údaraithe (agus cibé oifigh údaraithe eile nó comhaltaí den Gharda Síochána nó iad araon in éineacht leis nó léi mar a fhoráiltear i *bhfo-alt (9)*), aon tráth nó tráthanna laistigh de mhí amháin ó dháta eisiúna an bharántais, ar an mbarántas a thabhairt ar aird má iarrtar amhlaidh air nó uirthi, dul isteach san áitreabh, trí fhorneart réasúnach a úsáid más gá, agus gach cumhacht nó aon cheann de na cumhachtaí a thugtar d'oifigeach údaraithe faoin alt seo a fheidhmiú.

(11) Aon duine a thugann le fios go bréagach gur oifigeach údaraithe é féin nó í féin, tá cion déanta aige nó aici agus dlífear ar é nó í a chiontú go hachomair na fíneálacha agus na pionóis dá bhforáiltear i *gCaibidil 4* de *Chuid 5* a chur air nó uirthi.

(12) Aon duine—

- (a) a chuireann bac nó treampán ar oifigeach údaraithe i bhfeidhmiú cumhachta faoin alt seo,
- (b) nach gcomhlíonann iarraidh nó ceanglas ó oifigeach údaraithe faoin alt seo, gan leithscéal réasúnach, nó
- (c) a thugann faisnéis atá bréagach nó míthreorach i bponc ábhartha i gcomhlíonadh airbheartaithe ceanglais den sórt sin,

tá cion déanta aige nó aici agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, na fíneálacha agus na pionóis dá bhforáiltear i *gCaibidil 4* de *Chuid 5* a chur air nó uirthi.

(13) I gcás go mbeartaíonn an Ghníomhaireacht nó oifigeach údaraithe, de bhun an ailt seo, leabhair, doiciméid nó taifid a choimeád ar feadh tréimhse is faide ná 14 lá tar éis an dáta a d'urghabh nó a fuair an t-oifigeach údaraithe iad, déanfaidh an Ghníomhaireacht nó an t-oifigeach sin, sula rachaidh an tréimhse 14 lá sin in éag, nó cibé tréimhse is faide ná sin le ceadú an duine a luaitear anseo ina dhiaidh seo, cóip de na leabhair, na doiciméid nó na taifid sin a thabhairt, ar sin a iarraidh, don duine ar dealraitheach don Ghníomhaireacht nó don oifigeach, murach feidhmiú na gcumhachtaí faoin alt seo, é nó í a bheith i dteideal iad a shealbhú.

(14) I gcás go bhfoilsítear fógrán i ndáil le haon táirge a sholáthar nó a chur ar fáil agus nach bhfuil ainm agus seoladh an duine a thug an foilsíú sin i gcrích nó ainm agus seoladh a ghníomhaire nó a gníomhaire ar áireamh ann, déanfaidh foilsitheoir an fhógráin, i gcás go n-iarrann an Ghníomhaireacht nó an t-oifigeach údaraithe sin amhlaidh laistigh de 12 mhí ó fhoilsíú an fhógráin, ainm agus seoladh

an duine sin nó a ghníomhaire nó a gníomhaire a thabhairt don Ghníomhaireacht nó don oifigeach údaraithe.

(15) Aon duine a mhainníonn iarraidh faoi *fho-alt (14)* a chomhlíonadh nó i gcomhlíonadh airbheartaithe iarrata den sórt sin a thugann faisnéis atá bréagach nó míthreorach i bponc ábhartha, tá cion déanta aige nó aici agus, ar é nó í a chiontú go hachomair, dlífead na fíneálacha agus na pionóis a chur air nó uirthi dá bhforáiltear i gCaibidil 4 de Chuid 5.

(16) San alt seo—

ciallaíonn “áitreabh” aon áit nó feithicil;

folaíonn “taifid”, i dteannta taifid i scríbhinn—

- (a) dioscaí, téipeanna, fuaimrianta nó feistí eile, lena n-áirítear feistí leictreonacha, ina gcorpraítear faisnéis, fuaimneanna nó comharthaí ionas gur féidir (le cúnaimh nó gan chúnaimh aon ghléis eile) iad a atáirgeadh i bhfoirm inléite nó inchloiste,
- (b) scannáin, téipeanna nó feistí eile, lena n-áirítear feistí leictreonacha, ina gcorpraítear amharciómhánna ionas gur féidir (le cúnaimh nó gan chúnaimh aon ghléis eile) iad a atáirgeadh in amharcfhoirm,
- (c) grianghraif,

agus folaíonn tagairt do thaifid—

- (i) i gcás taifead a thagann faoi réim *mhír (a)* amháin, trasríbhinní na bhfuaimneanna nó na gcomharthaí a gcorpraítear iontu,
- (ii) i gcás taifead a thagann faoi réim *mhír (b)* amháin, atáirgí socra na n-íomhánna a gcorpraítear iontu, agus
- (iii) i gcás taifead a thagann faoi réim *mhír (a)* agus *(b)* araon, na trasríbhinní sin i dteannta na n-atáirgí sin;

ciallaíonn “feithicil” aon chóir thaistil a ndéantar aon duine nó rud, nó an dá ní araon, a iompar inti nó léi agus a dearadh lena húsáid ar thalamh, nó ar uisce nó san aer, nó ar níos mó ná slí amháin díobh sin, agus folaíonn sé—

- (a) cuid d’fheithicil,
- (b) airceadal a dearadh mar fheithicil ach nach féidir di feidhmiú mar fheithicil,
- (c) scib nó coimeádán eile a dearadh nó a úsáidtear lena hiompar nó lena iompar ar fheithicil,
- (d) leantóir a dearadh lena úsáid nó a úsáidtear le feithicil.

Nochtadh faisnéise a bhaineann le cionta.

31.—(1) D’ainneoin aon dlí eile, maidir le faisnéis, ar dóigh—

- (a) leis an Údarás Iomaíochta,
- (b) le comhalta den Gharda Síochána,

- (c) leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach,
- (d) le hoifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim,
- (e) leis an mBanc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, nó
- (f) le cibé duine eile a bheidh forordaithe tar éis don Aire dul i gcomhairle le haon Aire eile den Rialtas ar dóigh leis an Aire gur cúram dó nó di í,

gur faisnéis í a d'fhéadfadh a bheith bainteach le cion a dhéanamh faoi aon cheann de na forálacha reachtúla iomchuí, féadfaidh an comhlacht nó an duine eile dá dtagraítear in aon cheann de *mhíreanna* (a) go (f) í a nochtadh don Gníomhaireacht, do chomhalta den Gníomhaireacht nó do chomhalta d'fhoireann na Gníomhaireachta nó d'oifigeach údaraithe.

(2) D'ainneoin *alt 32*, maidir le faisnéis is dóigh leis an bpríomhfheidhmeannach a d'fhéadfadh a bheith bainteach le cion a dhéanamh nach cion faoi na forálacha reachtúla iomchuí, féadfar í a nochtadh—

- (a) don Údarás Iomaíochta,
- (b) do chomhalta den Gharda Síochána,
- (c) don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach,
- (d) d'oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim,
- (e) do Bhanc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, nó
- (f) do cibé duine eile a bheidh forordaithe tar éis don Aire dul i gcomhairle le haon Aire eile den Rialtas ar dóigh leis an Aire gur cúram dó nó di í.

32.—(1) Ní dhéanfaidh duine, mura n-údaráinn an Gníomhaireacht nó comhalta d'fhoireann na Gníomhaireachta a bheidh údaraithe go cuí chuige sin déanamh amhlaidh dó nó di é, nó mura gceanglaítear air nó uirthi é de réir dlí, faisnéis faoi rún a nochtadh arna fáil aige nó aici ina cháil nó ina cáil, nó le linn dó nó di dualgais a chomhlíonadh—

Toirmeasc ar nochtadh neamhúdaraithe faisnéise.

- (a) mar chomhalta den Gníomhaireacht nó de choiste,
- (b) mar phríomhfheidhmeannach,
- (c) mar chomhalta d'fhoireann na Gníomhaireachta,
- (d) mar shainchomhairleoir nó comhairleoir arna fhostú nó arna fhostú ag an nGníomhaireacht nó mar fhostaí de chuid sainchomhairleora nó comhairleora den sórt sin,
- (e) mar oifigeach údaraithe, nó
- (f) mar dhuine arna fhostú nó arna fhostú ag an nGníomhaireacht in aon cháil eile.

(2) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)*—

- (a) maidir le cumarsáid ó chomhalta den Gníomhaireacht nó de choiste, ón bpríomhfheidhmeannach, ó chomhalta d'fhoireann na Gníomhaireachta nó ó oifigeach údaraithe, i gcomhlíonadh aon fheidhmeanna dá chuid nó dá cuid faoin Acht seo, is cumarsáid ar ghá í a dhéanamh chun go gcomhlíonfadh an comhalta, an príomhfheidhmeannach, an comhalta d'fhoireann na Gníomhaireachta nó an t-oifigeach údaraithe aon fheidhm den sórt sin, nó
- (b) maidir le nochtadh faisnéise d'aon chomhalta den Gharda Síochána ag comhalta den Gníomhaireacht nó de choiste, ag an bpríomhfheidhmeannach, ag comhalta d'fhoireann na Gníomhaireachta nó oifigeach údaraithe ar faisnéis í is dóigh leis an gcomhalta nó leis an bpríomhfheidhmeannach nó leis an gcomhalta d'fhoireann na Gníomhaireachta nó leis an oifigeach údaraithe a d'fhéadfadh a bheith bainteach le cion a dhéanamh (cibé acu is cion é faoin Acht seo nó nach ea).

(3) Aon duine a sháraíonn *fo-alt (1)*, tá cion déanta aige nó aici agus dlífeair, ar é nó í a chiontú go hachomair, na fíneálacha agus na pionóis dá bhforáiltear i *gCaibidil 4 de Chuid 5* a chur air nó uirthi.

(4) Ní choiscfidh aon ní i *bhfo-alt (1)* nochtadh faisnéise trí thuarascáil—

- (a) arna tabhairt don Gníomhaireacht nó do choiste, de réir mar a bheidh, nó
- (b) ag an nGníomhaireacht nó ag coiste, nó thar ceann na Gníomhaireachta nó coiste, chuig an Aire.

(5) Beidh teideal ag aon duine a mbainfidh caillteanas nó díobháil dó nó di mar thoradh ar shárú ar *fho-alt (1)* imeachtaí a thionscnamh i gcoinne an duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (6)* in aon chúirt dlínse inniúla chun aon cheann amháin, nó níos mó de réir mar is cuí, de na faoisimh seo a leanas a lorg i leith an chaillteanais nó na díobhála sin:

- (a) faoiseamh ar mhodh urghaire nó dearbhaithe;
- (b) damáistí.

(6) Is é nó is í an duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (5)*—

- (a) más duine eile seachas comhalta den Gníomhaireacht nó comhalta d'fhoireann na Gníomhaireachta nó oifigeach údaraithe an duine a sháraigh *fo-alt (1)*, an duine sin,
- (b) más comhalta den Gníomhaireacht nó comhalta d'fhoireann na Gníomhaireachta nó oifigeach údaraithe an duine a sháraigh *fo-alt (1)*, agus más rud é, maidir leis an bhfaoiseamh atá á lorg, nó a mhéid atá an faoiseamh á lorg, sna himeachtaí—
- (i) gur faoiseamh é dá dtagraítear i *bhfo-alt (5)(a)*, an duine sin,
- (ii) gur faoiseamh é dá dtagraítear i *bhfo-alt (5)(b)*, an Gníomhaireacht.

(7) Measfar gur caingean ar tort is bonn dó caingean faoi *fh-alt* (5).

(8) San alt seo folaíonn “faisnéis rúnda” faisnéis a mbeidh sé ráite ina leith ag an nGníomhaireacht nó ag coiste, de réir mar a bheidh, í a bheith rúnda maidir le faisnéis áirithe nó maidir le faisnéis d’aicme nó de thuairisc áirithe.

33.—Ar an lá bunaithe, leasaítear an tAcht um Shaoráil Faisnéise 1997—

Leasú ar an Acht um Shaoráil Faisnéise 1997.

(a) trí “An Gníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí,” a chur isteach i mír 1(2) den Chéad Sceideal, agus

(b) i ndeireadh Chuid I den Tríú Sceideal—

(i) trí “*An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí 2007*” a chur isteach i gcolún (2), agus

(ii) trí “*Alt 32.*” a chur isteach i gcolún (3) os coinne lua an *Achta um Chosaint Tomhaltóirí 2007* i gcolún (2).

CAIBIDIL 2

Foireann na Gníomhaireachta

34.—(1) Faoi réir *alt 35*, féadfaidh an Gníomhaireacht, le ceadú an Aire arna thabhairt le toiliú an Aire Airgeadais— Foireann.

(a) cibé daoine agus cibé líon daoine a cheapadh chun bheith ina gcomhaltaí d’fhoireann na Gníomhaireachta a chinnfidh sí ó am go ham, agus

(b) gráid na foirne sin den Gníomhaireacht agus an líon foirne i ngach grád díobh a chinneadh.

(2) Faoi réir *alt 35*, is iad na téarmaí agus na coinníollacha seirbhíse, lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair agus liúntais i leith caiteachas (a n-íocfaidh an Gníomhaireacht iad as airgead a bheidh faoina réir aici) a bheidh ag comhaltaí fhoireann na Gníomhaireachta na téarmaí agus na coinníollacha sin a chinnfidh an Gníomhaireacht ó am go ham, le ceadú an Aire arna thabhairt le toiliú an Aire Airgeadais.

35.—(1) Ar iarratas ón bpríomhfheidhmeannach arna dhéanamh laistigh de 24 mhí tar éis an lae bunaithe, féadfaidh an tAire, le hordachán i scríbhinn, fostaíocht duine a aistriú chun na Gníomhaireachta is duine atá fostaithe i Roinn Stáit nó ag comhlacht poiblí, ach sin amháin má chomhaontaigh an duine go n-aistreofaí an fhostaíocht sin chun na Gníomhaireachta.

Fostaíocht daoine áirithe a aistriú chun na Gníomhaireachta.

(2) Ní ceadmhach don phríomhfheidhmeannach iarraidh den sórt sin a dhéanamh ach amháin le comhthoiliú na Gníomhaireachta.

(3) Ní lú fabhar na coinníollacha fostaíochta a bheidh ag duine a n-aistreofar a fhostaíocht nó a fostaíocht faoin alt seo ná na coinníollacha fostaíochta is infheidhme i leith an duine díreach roimh an aistriú, ach amháin a mhéid a fhoráiltear go sainráite dá mhalairt

le comhaontú comhchoiteann arna chaibidil le haon cheardchumann nó comhlachas foirne aitheanta ar comhalta ann an duine.

(4) Má éiríonn aon díospóid idir duine a n-aistrefar a fhostaíocht nó a fostaíocht faoin alt seo agus an Ghníomhaireacht i dtaobh na gcoinníollacha fostaíochta is infheidhme i leith an duine díreach roimh an aistriú, is é nó is í an tAire a réiteoidh an díospóid.

(5) Má aistrítear fostaíocht duine faoin alt seo, áireofar seirbhís an duine roimhe sin le Roinn Stáit nó le comhlacht poiblí mar sheirbhís chun críocha na nAchtanna seo a leanas den Oireachtas:

- (a) na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967 go 2003;
- (b) an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha) 2001;
- (c) an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe) 2003;
- (d) na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta 1973 go 2005;
- (e) na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977 go 2005;
- (f) na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis) 1994 agus 2001;
- (g) an tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997;
- (h) na hAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí 1998 agus 2006;
- (i) an tAcht um Shaoire Cúramóra 2001.

(6) San alt seo ciallaíonn “ceardchumann nó comhlachas foirne aitheanta” cearrchumann nó comhlachas foirne atá aitheanta ag an nGníomhaireacht chun críocha caibidilí a bhaineann le luach saothair nó le coinníollacha fostaíochta nó le dálaí oibre fostaithe.

Aoisliúntas.

36.—(1) Féadfaidh an Ghníomhaireacht, le ceadú an Aire arna thabhairt le toiliú an Aire Airgeadais, cibé foráil a dhéanamh is dóigh léi is cuí i ndáil le haoisliúntas daoine a cheapfar faoi *alt 34* nó a aistrefar chuig an nGníomhaireacht faoi *alt 35*.

(2) Féadfaidh an Ghníomhaireacht, le ceadú an Aire arna thabhairt le toiliú an Aire Airgeadais, scéim nó scéimeanna a dhéanamh chun sochair aoisliúntais a dheonú do chomhaltaí fhoireann na Gníomhaireachta nó ina leith de réir mar is cuí leis an nGníomhaireacht, agus déanfaidh sí scéim den sórt sin a chur i gcrích de réir a téarmaí.

(3) Socrófar le scéim aoisliúntais an tráth scoir agus na coinníollacha scoir do na daoine go léir a mbeidh sochair aoisliúntais iníochta leo nó ina leith faoin scéim, agus féadfar tráthanna éagsúla agus coinníollacha éagsúla a shocrú i leith aicmí éagsúla daoine.

(4) Féadfaidh an Ghníomhaireacht, le ceadú an Aire arna thabhairt le toiliú an Aire Airgeadais, scéim a dhéanamh lena leasófar nó lena gcúlghairfear scéim aoisliúntais, agus déanfaidh sí scéim den sórt sin a chur i gcrích de réir a téarmaí.

(5) Maidir leis na sochair aoisliúntais a dheonófar faoin alt seo do dhaoine a aistrefar chuig an nGníomhaireacht faoi *alt 35*, agus maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann leis na sochair sin, ní lú fabhar iad do na daoine sin ná iad sin a raibh siad ina dteideal díreach sular aistríodh iad faoin *alt 35* sin.

(6) Ní dhéanfaidh an Gníomhaireacht sochair aoisliúntais a dheonú d'aon chomhalta d'fhoireann na Gníomhaireachta nó ina leith, ná ní dhéanfaidh an Gníomhaireacht aon socrú eile chun sochair den sórt sin a sholáthar don duine sin, ach amháin de réir scéime aoisliúntais nó, má cheadaíonn an Gníomhaireacht, le ceadú an Aire arna thabhairt le toiliú an Aire Airgeadais, sochair den sórt sin a dheonú, de réir an cheadaithe sin.

(7) Beidh foráil i scéim aoisliúntais maidir le hachomharc i gcoinne breithe a bhaineann le sochair aoisliúntais is iníoctha faoin scéim.

(8) Más rud é, aon tráth le linn na tréimhse idir a aistriú nó a haistriú faoi *alt 35* agus teacht i ngníomh scéime faoin alt seo, go mbeidh sochar aoisliúntais le híoc le duine, nó i leith duine, a aistríodh faoi *alt 35*, déanfaidh an Gníomhaireacht an sochar a ríomh agus a íoc de réir na scéime nó de réir cibé forálacha i ndáil le haoisliúntas a raibh feidhm acu maidir leis an duine díreach sular aistríodh é nó í faoin *alt 35* sin, agus chun na críche sin déanfar seirbhís inphinsin an duine sin leis an nGníomhaireacht agus a sheirbhís nó a seirbhís inphinsin roimhe sin a chomhiomlánú.

(9) Cuirfidh an tAire faoi deara scéim aoisliúntais a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a déanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an scéim a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú na scéime, beidh an scéim ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin scéim.

(10) San alt seo—

ciallaíonn “sochair aoisliúntais” pinsin, aiscí agus liúntais eile is iníoctha le duine, nó i leith duine, ar scor dó nó di de bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann na Gníomhaireachta;

ciallaíonn “scéim aoisliúntais” scéim aoisliúntais a dhéanfar faoi *fo-alt (2)* nó *(4)*.

CAIBIDIL 3

Feidhmeanna a Aistriú, etc.

37.—(1) Déantar an riarachán agus an gnó i dtaca le feidhmiú, comhlíonadh nó forghníomhú aon cheann de na feidhmeanna a aistrítear le *fo-alt (2)* a aistriú chuig an nGníomhaireacht ar an lá bunaithe. Feidhmeanna a aistriú chuig an nGníomhaireacht.

(2) Déantar na feidhmeanna a dhílsítear don Stiúrthóir leis na hachtacháin láithreacha nó fúthu a aistriú chuig an nGníomhaireacht ar an lá bunaithe.

(3) Aon tagairtí don Stiúrthóir agus d'oifig an Stiúrthóra in aon Acht (de réir bhrí an Achta Léiriúcháin 2005) nó ionstraim (lena n-áirítear ceadúnas nó deimhniú arna dheonú, ainmniú arna dhéanamh nó toiliú nó údarú arna thabhairt faoin gcéanna) a bhaineann le haon

fheidhmeanna a aistrítear le *fo-alt (2)*, léifear iad, an lá bunaithe agus dá éis, mar thagairtí don Ghníomhaireacht.

(4) Aon ní a bheidh tosaithe roimh an lá bunaithe ag an Stiúrthóir nó faoi údarás an Stiúrthóra féadfaidh an Ghníomhaireacht, a mhéid a bhaineann sé le feidhmeanna a aistrítear le *fo-alt (2)* chuig an nGníomhaireacht, leanúint leis nó é a chríochnú an lá sin nó dá éis.

(5) Más rud é, díreach roimh an lá bunaithe, go mbeidh aon imeachtaí dlí ar feitheamh ar páirtí iontu an Stiúrthóir nó arb é nó í an Stiúrthóir an t-ionchúisitheoir iontu agus go mbeidh tagairt sna himeachtaí d'aon fheidhmeanna a aistrítear chuig an nGníomhaireacht le *fo-alt (2)*, déanfar ainm na Gníomhaireachta a chur in ionad ainm an Stiúrthóra sna himeachtaí sin nó a chur isteach sna himeachtaí sin, a mhéid a bhaineann na himeachtaí le feidhmeanna a aistrítear le *fo-alt (2)*, agus ní rachaidh na himeachtaí sin ar ceal mar gheall ar an ionadú sin.

Conarthaí
láithreacha a
choimeád ar
marthain.

38.—(1) Gach banna, ráthaíocht nó urrús eile de chineál leanúnach a bheidh déanta nó tugtha ag an Stiúrthóir d'aon duine nó ag aon duine don Stiúrthóir agus a bheidh i bhfeidhm díreach roimh an lá bunaithe, agus gach Conradh nó comhaontú i scríbhinn a bheidh déanta idir an Stiúrthóir agus aon duine agus a bheidh i bhfeidhm ach nach mbeidh forghníomhaithe ná críochnaithe go hiomlán díreach roimh an lá bunaithe leanfaidh sé i bhfeidhm ar an lá sin agus dá éis agus forléireofar é agus beidh éifeacht leis amhail is dá gcuirfí ainm na Gníomhaireachta ann in ionad an Stiúrthóra.

(2) Gach doiciméad (lena n-áirítear aon deimhniú, ceadúnas, ainmniú, toiliú nó údarú) a bheidh deonaithe nó déanta ag an Stiúrthóir i bhfeidhmiú feidhme a aistrítear le *halt 37 agus* a bheidh i bhfeidhm díreach roimh an lá bunaithe, leanfaidh sé i bhfeidhm ar an lá sin agus dá éis amhail is dá mba rud é gur dheonaigh nó go ndearna an Ghníomhaireacht é agus forléireofar é agus beidh éifeacht leis dá réir sin.

Sócmhainní agus
dlíteanais a aistriú.

39.—(1) Lé héifeacht ón lá bunaithe aistrítear na nithe seo a leanas chuig an nGníomhaireacht:

- (a) na cearta agus an mhaoin go léir, agus na cearta a bhaineann leis an maoin sin, a bheidh, díreach roimh an lá sin, ar seilbh nó ar teachtadh ag an Stiúrthóir; agus
- (b) na dlíteanais go léir a bheidh tabhaithe roimh an lá sin ag an Stiúrthóir agus nach mbeidh urscaoilte roimh an lá sin;

agus, dá réir sin, gan aon tíolacas, aistriú ná sannadh breise—

- (i) dílseoidh an mhaoin sin, réadach agus pearsanta, ar an lá sin, don Ghníomhaireacht ar feadh an eastáit, an téarma nó an leasa go léir dá raibh sí, díreach roimh an lá sin, dílsithe don Stiúrthóir ach sin faoi réir na n-iontaobhas agus na gcothromas go léir a dhéanann difear don mhaoin agus atá inchomhlíonta,
- (ii) beidh na cearta sin, amhail ar an agus ón lá sin, ar teachtadh ag an nGníomhaireacht, agus
- (iii) beidh na dlíteanais sin, amhail ar an agus ón lá sin, ina ndlíteanais de chuid na Gníomhaireachta.

(2) Déanfar an t-airgead, na stoic, na scaireanna agus na hurrúis go léir a aistrítear chuig an nGníomhaireacht leis an alt seo agus a bheidh, díreach roimh an lá bunaithe, in ainm an Stiúrthóra a aistriú, ar an nGníomhaireacht é sin a iarraidh, isteach ina hainm.

(3) Gach ceart agus dliteanas a aistrítear chuig an nGníomhaireacht leis an alt seo, féadfaidh an Gníomhaireacht, ar an lá bunaithe nó dá éis, agra a dhéanamh ina leith, é a ghnóthú nó é a fhorfheidhmiú, nó féadfar agra a dhéanamh ina leith, é a ghnóthú nó é a fhorfheidhmiú i gcoinne na Gníomhaireachta, ina hainm féin agus ní gá don Gníomhaireacht fógra faoin aistriú a thabhairt don duine a n-aistrítear a cheart nó a ceart nó a dhliteanas nó a dliteanas leis an alt seo.

(4) Ní dhéanfaidh an Gníomhaireacht, gan toiliú an Aire, aon chuid d'aon talamh nó aon leas in aon talamh a aistrítear chuig an nGníomhaireacht nó a dhílsítear don Gníomhaireacht faoin alt seo a dhiúscairt.

40.—(1) Leasaítear na hAchtanna den Oireachtas a shonraítear i *gCuid 1* de *Sceideal 3* de réir mar a thaispeántar sa *Sceideal* sin.

Tagairtí in
achtacháin áirithe
eile don Stiúrthóir
nó d'Oifig an
Stiúrthóra.

(2) Leasaítear na hionstraimí a shonraítear i *gCuid 2* de *Sceideal 3* de réir mar a thaispeántar sa *Sceideal* sin.

CUID 3

CLEACHTAIS TRÁCHTÁLA

CAIBIDIL 1

Cleachtais Tráchtála Éagóracha

41.—(1) Ní ghabhfaidh trádálaí do chleachtas tráchtála éagórach.

Toirmeasc
ginearálta ar
chleachtais tráchtála
éagóracha.

(2) Is cleachtas tráchtála éagórach cleachtas tráchtála más rud é—

(a) go bhfuil sé contrártha do cheann amháin den dá ní seo a leanas nó dóibh araon (na ceanglais maidir le dúthracht ghairmiúil):

(i) prionsabal ginearálta an mheoin mhacánta i réimse gníomhaíochta an trádálaí;

(ii) an caighdeán scile agus cúraim a bhféadfar a bheith ag súil leis le réasún go bhfeidhmeoidh an trádálaí é i leith tomhaltóirí, agus

(b) gur dhóigh dó—

(i) a bheith ina chúis le lagú nach beag ar chumas an ghnáth-thomhaltóra rogha eolach a dhéanamh i ndáil leis an táirge lena mbaineann, agus

(ii) a bheith ina chúis leis an ngnáth-thomhaltóir do dhéanamh cinneadh idirbhirt nach ndéanfadh an gnáth-thomhaltóir murach sin.

(3) Le linn a chinneadh an bhfuil cleachtas tráchtála éagórach faoi *fho-alt* (2), breithneofar an cleachtas tráchtála ina chomhthéacs fíorasach, agus gnéithe uile an chleachtais agus na himthosca uile á gcur i gcuntas.

CAIBIDIL 2

Cleachtais Tráchtála Mhíthreoracha

Toirmeasc
ginearálta ar
chleachtais tráchtála
mhíthreoracha.

42.—(1) Ní ghabhfaidh trádálaí do chleachtas tráchtála míthreorach.

(2) Gan dochar do na leasuithe ar an Acht um Shainmharcáil 1981 arna ndéanamh le *halt 99*, sonraítear in *ailt 43 go 46* na himthosca éagsúla ina bhfuil cleachtas tráchtála míthreorach.

Míthreorach:
faisnéis bhréagach,
faisnéis
mhíthreorach nó
faisnéis mhealltach.

43.—(1) Tá cleachtas tráchtála míthreorach más rud é go mbíonn soláthar faisnéise bréagaí ar áireamh ann i ndáil le haon ní atá leagtha amach i *bhfo-alt* (3) agus gur dóigh don fhaisnéis sin a bheith ina cúis leis an ngnáth-thomhaltóir do dhéanamh cinneadh idirbhirt nach ndéanfadh an ngnáth-thomhaltóir murach sin.

(2) Tá cleachtas tráchtála míthreorach más dóigh don chleachtas a bheith ina chúis leis an ngnáth-thomhaltóir a mheabhlú nó a chur ar míthreoir i ndáil le haon ní atá leagtha amach i *bhfo-alt* (3) agus do dhéanamh cinneadh idirbhirt nach ndéanfadh an ngnáth-thomhaltóir murach sin.

(3) Leagtar amach na nithe seo a leanas chun críocha *fho-ailt* (1) agus (2):

- (a) táirge a bheith ann nó cineál an táirge;
- (b) príomh-shainghnéithe táirge, lena n-áirítear, gan teorainn, aon ní díobh seo a leanas:
 - (i) a bhunadh geografach nó a bhunadh tráchtála;
 - (ii) a infhaighteacht, lena n-áirítear, gan teorainn, a infhaighteacht tráth áirithe nó in áit áirithe nó ar phraghas áirithe;
 - (iii) a chainníocht, a mheáchan nó a thoirt;
 - (iv) a shochair nó a oiriúnacht chun a chuspóra;
 - (v) na torthaí a mbeidh súil leo as;
 - (vi) na priacail a chruthaíonn sé do thomhaltóirí;
 - (vii) an úsáid a bhaintear as nó a stair roimhe sin;
 - (viii) a chomhdhéanamh, a chomhábhair, a chomhpháirteanna nó a ghabhálaí;
 - (ix) sonraíochtaí an táirge, lena n-áirítear, gan teorainn, grád, caighdeán, stíl, stádas nó múnla an táirge;
 - (x) an cúnaimh iarsholáthair do chustaiméirí atá ar fáil do thomhaltóirí i ndáil leis an táirge;

- (xi) láimhseáil gearán ó thomhaltóirí i ndáil leis an táirge;
- (xii) modh nó dáta na nithe seo a leanas—
 - (I) seachadadh, soláthar nó cur ar fáil an táirge, nó
 - (II) i gcás earraí, monarú an táirge;
- (xiii) torthaí agus gnéithe ábhartha tástálacha nó seiceálacha a rinneadh ar an táirge;
- (xiv) i ndáil le seirbhís, a forghníomhú nó a comhlíonadh;
- (c) praghas an táirge, an modh ar a ríomhtar an praghas sin nó buntáiste praghais sonracha a bheith ann nó cineál an bhuntáiste sin;
- (d) an gá atá ann le haon pháirt, ionadú, seirbhísiú nó deisiú i ndáil leis an táirge;
- (e) aon cheadú don táirge nó urraíocht air (díreach nó neamhdhíreach) ag daoine eile a bheith ann nó méid nó cineál an cheadaithe nó na hurraíochta sin;
- (f) cineál, tréithe nó cearta an trádálaí, lena n-áirítear, gan teorainn, na nithe seo a leanas:
 - (i) céannacht, cáilíochtaí, sócmhainní nó stádas an trádálaí;
 - (ii) comhcheangal an trádálaí le daoine eile nó an bhaint atá aige nó aici leo;
 - (iii) na nithe seo a leanas a bheith ann, a mhéid atá siad ann nó a gcineál—
 - (I) aon chearta tionsclaíochta, tráchtála nó maoine intleachtúla a bheidh ag an trádálaí, nó
 - (II) aon dámhachtain, aon ghradam, aon cheadú nó aon urraíocht (díreach nó neamhdhíreach) atá ag an trádálaí nó a fuair an trádálaí;
- (g) méid ghealltanais an trádálaí;
- (h) tucaidí an trádálaí le haghaidh an chleachtais tráchtála;
- (i) cineál an phróisis soláthair atá ag an trádálaí;
- (j) cearta dlíthiúla tomhaltóra (cibé acu conarthach nó eile) nó nithe i leith cathain nó conas a fhéadfar, nó cé na himthosca ina bhféadfar, na cearta sin a fheidhmiú.

(4) Má bhaineann an cleachtas tráchtála i *bhfo-alt* (2) le soláthar faisnéise, ní cosaint in aon imeacht é a thaispeáint go bhfuil an fhaisnéis ceart go fíorasach.

(5) Le linn a chinneadh an bhfuil cleachtas tráchtála faoi *fh-alt*(1) nó (2) míthreorach, breithneofar an cleachtas tráchtála ina chomhthéacs fíorasach, agus gnéithe uile an chleachtais agus na himthosca uile á gcur i gcountas.

(6) Gan *fo-alt* (5) a theorannú—

- (a) má bhaineann léiriú leis an gcleachtas tráchtála nó má chruthaíonn sé imprisean (cibé acu i bhfógraíocht, i margaíocht nó ar shlí eile) gur tairgeadh táirge roimhe sin ar phraghas éagsúil nó ar phraghas áirithe, breithneofar cibé acu ar tairgeadh an táirge roimhe sin go hoscailte agus de mheon macánta ar an bpraghas sin agus san áit chéanna ar feadh tréimhse réasúnaí ama sula ndearnadh an léiriú, agus
- (b) má bhaineann léiriú leis an gcleachtas tráchtála nó má chruthaíonn sé tuiscint (cibé acu i bhfógraíocht, i margaíocht nó ar shlí eile) go bhfuil táirge á thairiscint ag trádálaí ar phraghas, nó faoi phraghas, a mhol monaróir, táirgeoir nó soláthróir an táirge (seachas an trádálaí), déanfar breithniú i dtaobh ar phraghas é an praghas sin a moladh a rinne an monaróir sin, an táirgeoir sin nó an soláthróir sin a mholadh de mheon macánta.

(7) Le linn bunadh geografach earraí a chinneadh, ar earraí iad a bhfuil baint ag níos mó ná tír amháin lena monarú nó lena dtairgeadh, breithneofar cén áit is déanaí a ndearnadh an phróiseáil shubstantiúil deiridh nó an t-oibriú substantiúil deiridh, a raibh údar léi nó leis ar bhonn eacnamaíoch (in áit arna trealmhú chun na críche sin), orthu, agus ar mar thoradh uirthi nó air a monaraíodh earraí nua, nó arb ionann í nó é agus céim thábhachtach den mhonarú nó den tairgeadh.

Míthreorach:
mearbhall maidir le
hiomaitheoir nó
táirge i margaíocht
nó i bhfógraíocht.

44.—(1) Maidir le cleachtas tráchtála lena mbaineann margaíocht nó fógraíocht, tá sé míthreorach más dóigh dó—

- (a) a bheith ina chúis leis an ngnáth-thomhaltóir a mhearú—
- (i) idir táirge iomaitheora agus táirge an trádálaí, nó
- (ii) idir ainm trádála, trádmharc nó gné nó marc idirdhealaitheach éigin eile de chuid iomaitheora agus ceann an trádálaí,
- agus
- (b) a bheith ina chúis leis an ngnáth-thomhaltóir do dhéanamh cinneadh idirbhirt nach ndéanfadh an gnáth-thomhaltóir murach sin.

(2) Le linn a chinneadh an bhfuil cleachtas tráchtála míthreorach faoi *fo-alt* (1), breithneofar an cleachtas tráchtála ina chomhthéacs fíorasach, agus gnéithe uile an chleachtais agus na himthosca uile á gcur i gcuntas.

Míthreorach:
neamhchomhlíonadh
gealltanais faoi
chód cleachtais a
bhfuil an trádálaí
faoina cheangal.

45.—(1) Tá cleachtas tráchtála míthreorach—

- (a) má bhaineann léiriú leis go gcloíonn an trádálaí le cód cleachtais nó go bhfuil sé nó sí faoi cheangal an chóid sin,
- (b) más dóigh don léiriú dá dtagraítear i *mír* (a) a bheith ina chúis leis an ngnáth-thomhaltóir do dhéanamh cinneadh idirbhirt nach ndéanfadh an gnáth-thomhaltóir murach sin, agus

- (c) má mhainníonn an trádálaí gealltanais daingean sa chód cleachtais sin a chomhlíonadh.

(2) Le linn a chinneadh an bhfuil cleachtas tráchtála míthreorach faoi *fho-alt (1)*, breithneofar an cleachtas tráchtála ina chomhthéacs fíorasach, agus gnéithe uile an chleachtais agus na himthosca uile á gcur i gcuntas.

(3) Chun críocha an ailt seo, is gealltanais daingean i gcód cleachtais gealltanais nach gealltanais ard-aidhme amháin é ach gealltanais is féidir a fhíorú.

46.—(1) Tá cleachtas tráchtála míthreorach má dhéanann an trádálaí faisnéis ábhartha a fhágáil gan nochtadh nó a cheilt, ar faisnéis í a theastódh ón ngnáth-thomhaltóir sa chomhthéacs chun cinneadh idirbhirt eolach (“faisnéis ábhartha”) a dhéanamh agus más dóigh don chleachtas sin a bheith ina chúis leis an ngnáth-thomhaltóir do dhéanamh cinneadh idirbhirt nach ndéanfadh an gnáth-thomhaltóir murach sin.

Míthreorach:
faisnéis ábhartha a
choimeád siar, a
fhágáil gan
nochtadh nó a
cheilt.

(2) Tá cleachtas tráchtála míthreorach—

(a) má dhéanann an trádálaí—

- (i) faisnéis ábhartha dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a sholáthar ar mhodh atá neamhléir, dothuigthe, débhríoch nó antráthach, nó
- (ii) mainneachtain intinn tráchtála an chleachtais a aithint (mura follasach an intinn sin cheana féin ón gcomhthéacs), agus

(b) más dóigh don chleachtas sin a bheith ina chúis leis an ngnáth-thomhaltóir do dhéanamh cinneadh idirbhirt nach ndéanfadh an gnáth-thomhaltóir murach sin.

(3) Maidir le cleachtas tráchtála, más cuireadh chun ceannach é nó má fholáíonn sé cuireadh chun ceannach, is faisnéis ábhartha gach ceann díobh seo a leanas chun críocha an ailt seo, mura follasach cheana féin don tomhaltóir iad i gcomhthéacs an chleachtais tráchtála:

- (a) príomh-shaintréithe an táirge, go feadh méid atá oiriúnach ó thaobh an mheáin agus an táirge;
- (b) seoladh geografach an trádálaí, céannacht an trádálaí (ar nós a ainm trádála nó a hainm trádála) agus, má tá an trádálaí ag gníomhú in idirbheart tomhaltóra mar ghníomhaire de chuid trádálaí eile, seoladh geografach agus céannacht an trádálaí eile sin;
- (c) praghas an táirge (lena n-áirítear cánacha) nó, más de shórt é cineál an táirge nach féidir an praghas a ríomh le réasún roimh ré, an modh ar a ríomhtar an praghas;
- (d) aon mhuirir fartha, seachadta nó poist a bhfuil feidhm acu i ndáil leis an táirge nó, mura féidir na muirir sin a ríomh le réasún roimh ré, ráiteas faoin bhfíoras go mbeidh feidhm ag na muirir sin agus go mbeidh siad iníoctha ag an tomhaltóir;

- (e) láimhseáil gearán ó thomhaltóirí i ndáil leis an táirge nó leis an socrú maidir le híoc, seachadadh nó comhlíonadh, mura gcomhlíonann an láimhseáil sin nó an socrú sin na nithe seo a leanas nó mura bhfuil sí nó sé dá réir—
 - (i) an caighdeán scile agus cúraim a bhféadfar a bheith ag súil leis le réasún go bhfeidhmeoidh an trádálaí é i leith tomhaltóirí, nó
 - (ii) prionsabal ginearálta an mheoin mhacánta i réimse gníomhaíochta an trádálaí;
- (f) más infheidhme, cearta dlíthiúla tomhaltóra (cibé acu conarthach nó eile) chun tarraingt siar as an idirbheart tomhaltóra nó chun é a chealú.

(4) Maidir leis an bhfaisnéis ábhartha a leagtar amach i *bhfo-alt* (3), is faisnéis í i dteannta, agus ní faisnéis in ionad, aon fhaisnéise eile a cheanglaítear le dlí ar an trádálaí a sholáthar do thomhaltóir, lena n-áirítear, gan teorainn, aon fhaisnéis a cheanglaítear a sholáthar le rialacháin faoin Acht seo.

(5) Le linn a chinneadh an bhfuil cleachtas tráchtála míthreorach faoin alt seo, breithneofar an cleachtas tráchtála ina chomhthéacs fíorasach, agus gnéithe uile an chleachtais agus na himthosca uile á gcur i gcuntas, lena n-áirítear—

- (a) an spás nó an t-am atá ar fáil in aon mheán cumarsáide a úsáidtear, agus
- (b) aon bhearta a bheidh déanta ag an trádálaí chun an fhaisnéis ábhartha a chur ar fáil do thomhaltóirí ar mhodhanna eile.

Cion: cleachtais tráchtála mhíthreoracha.

47.—Aon trádálaí a ghabhann d'aon chleachtas tráchtála míthreorach a bhfuil a thuairisc in *alt 43 (1)* nó *(2)*, tá cion déanta aige nó aici agus dlífear, ar é nó í a chiontú ar díotáil nó a chiontú go hachomair, de réir mar a bheidh, na fíneálacha agus na pionóis dá bhforáiltear i *gCaibidil 4* de *Chuid 5* a chur air nó uirthi.

Toirmeasc ar fhormhuirir i gcás go roghnaítear aon mhodh íocaíochta amháin thar mhodh íocaíochta eile.

48.—(1) San alt seo—

ciallaíonn “airgead tirim” airgead is dlíthairiscint;

ciallaíonn “modh íomchuí”, i ndáil le híocaíocht, gach ceann de na modhanna íocaíochta seo a leanas—

- (a) airgead tirim,
- (b) cárta creidmheasa,
- (c) dochar díreach,
- (d) aon mhodh íocaíochta eile nó aon mhodhanna íocaíochta eile a fhorordóidh an tAire.

(2) San alt seo, foláíonn tagairt do léiriú tagairt do léiriú a dhéantar aon tráth go dtí an tráth a ghlacfaidh an trádálaí íocaíocht i leith an táirge lena mbaineann.

(3) Más rud é—

- (a) go ndéanann trádálaí uiríoll go nglacfaidh an trádálaí íocaíocht i leith táirge ar aon cheann amháin ar bith de 2 mhodh iomchuí éagsúla nó níos mó, nó
- (b) gurb é an gnás atá ag trádálaí íocaíocht a ghlacadh i leith táirge ar mhodhanna iomchuí éagsúla,

ní fhorchuirfidh an trádálaí muirear breise ar aon duine de dhroim an duine do dhéanamh íocaíochta i leith an táirge ar aon cheann amháin de na modhanna iomchuí (lena mbaineann an léiriú sin roimhe seo nó a bhfuil an gnás sin roimhe seo ann maidir leo) seachas ar mhodh eile díobh.

(4) Chun críocha *fho-alt* (3)—

- (a) gan teorannú a dhéanamh ar aon cheann de na modhanna eile ar a bhféadfar an fo-alt sin a shárú, measfar muirear breise a bheith á fhorchur ag trádálaí, de dhroim an duine lena mbaineann do dhéanamh íocaíochta mar atá luaite san *fho-alt* sin, más mó an praghas a ghearrann an trádálaí i leith an táirge lena mbaineann, i gcás go n-úsáideann an duine sin aon cheann amháin de na modhanna íocaíochta iomchuí, ná an praghas a ghearrfaí amhlaidh dá n-úsáidfeadh an duine sin ceann eile díobh,
- (b) más rud é nach é amháin go mbaineann an léiriú nó an gnás dá dtagraítear san *fho-alt* sin le modhanna íocaíochta iomchuí ach le haon mhodh íocaíochta amháin eile nó níos mó freisin, ní bhainfidh an fíoras sin le hábhar, agus
- (c) ní bhainfidh sé le hábhar gur féidir leis an trádálaí a shuíomh gur mó aon chaiteachais a bheidh tabhaithe ag an trádálaí de thoradh íocaíochta a ghlacadh ar cheann de na modhanna iomchuí ná na caiteachais a bheidh tabhaithe ag an trádálaí de thoradh íocaíochta a ghlacadh ar cheann eile acu.

(5) Aon trádálaí a sháraíonn *fo-alt* (3) tá cion déanta aige nó aici agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, na fíneálacha agus na pionóis dá bhforáiltear i *gCaibidil 4* de *Chuid 5* a chur air nó uirthi.

(6) In imeachtaí mar gheall ar chion faoin alt seo, i gcás go dtugtar fianaise gur ghlac an cosantóir, ar ócáid áirithe, íocaíocht i leith an táirge lena mbaineann ar mhodh iomchuí a bhí éagsúil leis an modh ar ghlac an cosantóir leis i leith an táirge ar ócáid eile sa tréimhse 12 mhí roimh an ócáid chéadluaite (agus gur modh iomchuí é an modh sin roimhe freisin), toimhdeofar ansin, go dtí go gcruthófar a mhalairt, go raibh gnás ann ar thaobh an chosantóra íocaíocht a ghlacadh i leith an táirge ar na modhanna sin roimhe seo.

49.—(1) I gcás gur cleachtas trádálaí é glacadh le híocaíocht i leith táirge—

- (a) ar mhodh iomchuí amháin agus ar an modh sin amháin agus muirear a fhorchur ar dhuine as an duine do dhéanamh íocaíochta i leith an táirge ar an modh sin, nó

Ceanglas go luafar formhuirear mar chuid den phraghas (i gcás gur ceadmhach sin ar shlí eile).

- (b) ar mhodhanna iomchuí éagsúla agus an muirear céanna a fhorchur ar dhuine as an duine do dhéanamh íocaíochta i leith an táirge ar aon mhodh de na modhanna sin,

déanfaidh an trádálaí a chinntiú go luafar an praghas go soiléir in aon léiriú a dhéanann an trádálaí, nó a dhéantar thar ceann an trádálaí, i ndáil leis an bpraghas is infoctha i leith an táirge, mar aon mhéid amháin lena n-áirítear an muirear sin roimhe seo.

(2) Chun críocha *fho-alt (1)*, ní bhaineann sé le hábhar go nglacann an trádálaí le híocaíocht freisin i leith an táirge lena mbaineann ar aon mhodh íocaíochta amháin nó níos mó nach modhanna íocaíochta iomchuí iad agus léifear an tagairt san *fho-alt* sin do chleachtas trádálaí gan íocaíocht a ghlacadh i leith táirge ach ar aon mhodh iomchuí amháin dá réir sin.

(3) Aon trádálaí a sháraíonn *fo-alt (1)*, tá cion déanta aige nó aici agus dlífear ar é nó í a chiontú go hachomair na fíneálacha agus na pionóis dá bhforáiltear i *gCaibidil 4 de Chuid 5* a chur air nó uirthi.

(4) I gcás a thagann faoi réim *mhír (a)* nó *(b)* d'*fho-alt (1)*, ní cosc aon ní san *fho-alt* sin ar ní de na nithe seo a leanas a áireamh in aon léiriú dá dtagraítear san *fho-alt* sin—

- (a) tásc go n-áirítear muirear ar íocaíocht a dhéanamh ar an modh lena mbaineann nó, de réir mar a bheidh, ar aon mhodh de na modhanna lena mbaineann, sa phraghas singil a luaitear, nó

- (b) tásc ar mhéid an mhuirir sin.

(5) San alt seo, tá le ‘modh iomchuí’, i ndáil le híocaíocht, an bhrí chéanna atá leis in *alt 48*.

Rialacháin maidir le faisnéis do thomhaltóirí.

50.—(1) Faoi réir *fho-alt (5)*, más dóigh leis an Aire gurb é leas tomhaltóirí é aon fhaisnéis a bheith marcáilte ar tháirge, nó ar aicme nó ar chineál táirge nó a bheith ag gabháil leis nó léi (nó iad araon), féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh lena ndéanfar—

- (a) an táirge nó an aicme nó an cineál táirge a fhorordú,

- (b) na nithe seo a leanas a fhorordú—

- (i) aon stampaí, marcanna, clibeanna agus lipéid lena n-úsáid ar na táirgí sin agus an modh ar a n-úsáidfear iad, nó

- (ii) aon fhaisnéis a bheidh le cur ag gabháil leis na táirgí sin nuair a sholáthróidh trádálaithe iad do thomhaltóirí, nó

- (iii) na nithe dá dtagraítear sa dá fhomhír sin roimhe seo,

- (c) na nithe seo a leanas a cheangal ar thrádálaithe a sholáthraíonn táirge forordaithe, nó táirge d'aicme fhorordaithe nó de chineál forordaithe—

- (i) iad a stampaíl, a mharcáil, a chlibeáil nó a lipéadú de réir rialachán arna ndéanamh faoi *mhír (b)(i)*, nó

(ii) a chur faoi deara faisnéis a fhorordaítear faoi *mhír*
(b)(ii) a chur ag gabháil leis na táirgí sin ar an modh
agus san fhoirm a shonraítear sna rialacháin, nó

(iii) na nithe dá dtagraítear sa dá fhomhír sin roimhe seo
a dhéanamh,

agus

(d) soláthar táirge fhorordaithe, nó táirge d'aicme nó de
chineál forordaithe a rialáil nó a thoirmeasc, más rud é
maidir le haon rialachán faoi *mhír* (b) nó (c) nach
ndéantar é a chomhlíonadh.

(2) Faoi réir *fho-alt* (5), más dóigh leis an Aire gurb é leas
tomhaltóirí é, aon fhaisnéis, nó tagairt d'aon fhaisnéis, (nó an dá ní
sin) is faisnéis a bhaineann leis na táirgí sin, a bheith i bhfógráin le
haghaidh táirge, nó aicme nó cineál táirge, féadfaidh an tAire
rialacháin a dhéanamh lena ndéanfar—

(a) an táirge, nó an aicme nó an cineál táirge, agus an fhaisnéis
sin, a fhorordú, agus

(b) a cheangal ar thrádálaithe a dhéanann na táirgí sin a
mhargú nó a fhógairt ceachtar de na nithe seo a leanas
nó iad ar aon a dhéanamh, de réir mar is dóigh leis an
Aire is gá nó is cuí:

(i) an fhaisnéis sin a áireamh ina bhfógráin agus é sin a
dhéanamh ar an modh agus san fhoirm a shonrófar
sna rialacháin;

(ii) an modh ar a bhféadfaidh tomhaltóir an fhaisnéis sin
a fháil a shonrú ina bhfógráin.

(3) Féadfaidh an tAire rialacháin éagsúla a dhéanamh faoin alt
seo—

(a) le haghaidh aicmí éagsúla nó cineálacha éagsúla táirgí nó
trádálaithe,

(b) le haghaidh aicmí éagsúla nó cineálacha éagsúla fógrán,

(c) le haghaidh imthosca éagsúla, agus

(d) le haghaidh limistéar geografach éagsúil den Stát.

(4) Féadfaidh feidhm a bheith ag rialachán arna dhéanamh faoin
alt seo maidir leis an Stát ar fad nó le limistéar geografach sonraithe
den Stát.

(5) Ní ceadmhach don Aire rialachán a dhéanamh faoin alt seo
mura deimhin leis an Aire sa chomhthéacs—

(a) go dteastódh an stampa, an marc, an chlib, an lipéad nó an
fhaisnéis ón ngnáth-thomhaltóir chun cinneadh idirbhirt
eolach a dhéanamh (“faisnéis ábhartha”), agus

(b) gur dóigh, dá ndéanfaí an fhaisnéis ábhartha sin a
choinneáil siar, a fhágáil ar lár nó a cheilt, go mbeadh
sé sin ina chúis leis an ngnáth-thomhaltóir do dhéanamh
cinneadh idirbhirt nach ndéanfadh an gnáth-thomhaltóir
murach sin.

(6) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt* (5) maidir le rialacháin a dhéanfar faoi *fho-alt* (1) agus a bhaineann le caighdeán míne earraí de mhiotal lómhar a léiriú.

Cionta: rialacháin um fhaisnéis do thomhaltóirí a shárú.

51.—(1) Aon trádálaí a sholáthraíonn táirge de shárú ar rialachán faoi *alt* 50(1), tá cion déanta aige nó aici.

(2) Má mhainnítear i bhfógrán déanamh de réir aon cheanglais de chuid rialacháin faoi *alt* 50(2), aon trádálaí a fhoilsíonn an fógrán nó a chuireann faoi deara é a fhoilsiú tá cion déanta aige nó aici.

(3) Aon trádálaí a bhfuil cion déanta aige nó aici faoi *fho-alt* (1) nó (2), dlífead ar é nó í a chiontú go hachomair na líneálacha agus na pionóis dá bhforáiltear i *gCaibidil 4* de *Chuid 5* a chur air nó uirthi.

CAIBIDIL 3

Cleachtais Tráchtála Fhóbartacha

Toirmeasc ginearálta ar chleachtais tráchtála fhóbartacha.

52.—Ní ghabhfaidh trádálaí do chleachtas tráchtála fóbartach.

Cleachtais tráchtála fhóbartacha.

53.—(1) Is cleachtas fóbartach é cleachtas tráchtála más rud é gur dhóigh dó, trí chiapadh, trí chomhéigean nó trí thionchar míchuí—

- (a) a bheith ina chúis le lagú suntasach a dhéanamh ar shaoirse rogha nó ar iompar an ghnáth-thomhaltóra i ndáil leis an táirge lena mbaineann, agus
- (b) a bheith ina chúis leis an ngnáth-thomhaltóir do dhéanamh cinneadh idirbhirt nach ndéanfadh an gnáth-thomhaltóir murach sin.

(2) Le linn a chinneadh an bhfuil cleachtas tráchtála fóbartach faoi *fho-alt* (1), breithneofar an cleachtas tráchtála ina chomhthéacs fíorasach, agus gnéithe uile an chleachtais agus na himthosca uile á gcur i gcuntas.

(3) Gan teorainn a chur le *fo-alt* (2), cuirfead an méid seo a leanas i gcuntas le linn a chinneadh an mbaintear úsáid as ciapadh, comhéigean nó tionchar míchuí sa chleachtas tráchtála:

- (a) tráth, suíomh, nádúr nó leanúnachas an chleachtais tráchtála;
- (b) an trádálaí do bheith ag úsáid cainte nó iompair atá bagrach nó maslach;
- (c) teacht i dtír ar mhí-ádh nó ar imthoisce tomhaltóra i gcás gurb eol don trádálaí go bhfuil breithiúnas an tomhaltóra lagaithe mar gheall ar thromaíocht an mhí-áidh nó na himthoisce, chun tionchar a imirt ar chinneadh idirbhirt an tomhaltóra;
- (d) an trádálaí d'fhorchur bacainní neamhchonarthacha atá dochraideach nó neamhréireach i gcás gur mian leis an tomhaltóir an conradh a fhoirceannadh, ceart conarthach a fheidhmiú nó malairt táirge nó trádálaí a roghnú;
- (e) an trádálaí do bheith ag bagairt—

- (i) gníomh a dhéanamh nó imeachtaí a thionscnamh in aghaidh an tomhaltóra nuair nach bhfuil aon bhonn dlíthiúil ag an trádálaí le gníomh den sórt sin a dhéanamh nó le himeachtaí den sórt sin a thionscnamh, nó

- (ii) ní éigin mídhleathach a dhéanamh.

(4) San alt seo, ciallaíonn “tionchar míchuí” teacht i dtír ar phost lena ngabhann cumhacht i ndáil le tomhaltóir chun brú a chur air nó uirthi (agus níor ghá go mbeadh forneart fisiciúil á úsáid ná bagairt á déanamh é a úsáid) ar shlí lena gcuirtear teorainn shuntasach le cumas an tomhaltóra rogha eolach a dhéanamh i ndáil le táirge an trádálaí.

54.—Aon trádálaí a ghabhfaidh d’aon chleachtas tráchtála fóbartach a thuiriscítear in *alt 53 (1)*, tá cion déanta aige nó aici agus dlífear, ar é nó í a chiontú ar díotáil nó go hachomair, de réir mar a bheidh, na fíneálacha agus na pionóis dá bhforáiltear i *gCaibidil 4 de Chuid 5* a chur air nó uirthi.

Cion: cleachtais tráchtála fóbartacha.

CAIBIDIL 4

Cleachtais Tráchtála Thoirmiscithe

55.—(1) Ní ghabhfaidh trádálaí d’aon cheann de na cleachtais tráchtála seo a leanas:

Cleachtais tráchtála thoirmiscithe.

- (a) léiriú go bhfuil ceadú, údarú nó formhuiniú ag an trádálaí nach bhfuil ag an trádálaí, nó léiriú den sórt sin a thabhairt nuair nach bhfuil an ceadú, an t-údarú nó an formhuiniú sin á chomhlíonadh ag an trádálaí;
- (b) léiriú gur shínigh an trádálaí cód cleachtais, más rud é nár shínigh an trádálaí é;
- (c) léiriú go bhfuil an trádálaí ar tí scor de thrádáil nó ar tí aistriú go dtí áitreabh eile, más rud é nach bhfuil an trádálaí ar tí sin a dhéanamh;
- (d) léiriú go bhfuil ceadú, údarú nó formhuiniú ag táirge nach bhfuil aige, nó léiriú den sórt sin a thabhairt nuair nach bhfuil an ceadú, an t-údarú nó an formhuiniú sin á chomhlíonadh ag an trádálaí;
- (e) léiriú go bhfuil táirge in ann a éascú do dhuine an bua a fháil i gcluichí cearrbhachais;
- (f) léiriú go bhfuil soláthar táirge dleathach, más rud é nach bhfuil sé, nó tuiscint den sórt sin a chruthú;
- (g) léiriú gur féidir le táirge breoiteacht, mífheidhmiú nó anchuma a leigheas, más rud é nach féidir leis é sin a dhéanamh;
- (h) léiriú lena dtugtar tuairisc ar tháirge mar tháirge atá “saor in aisce”, “saor”, “gan mhuirear” nó aon rud den tsamhail sin, más rud é gur gá don tomhaltóir aon rud a íoc seachas an costas riachtanach réasúnach a bhainfidh—

- (i) le freagra a thabhairt ar an léiriú, agus
- (ii) leis an táirge a bhailiú nó a chur faoi deara é a sheachadadh;
- (i) léiriú go bhfuil ceadú, údarú nó formhuiniú ag cleachtas tráchtála de chuid an trádálaí nach bhfuil aige, nó léiriú den sórt sin a thabhairt nuair nach bhfuil an ceadú, an t-údarú nó an formhuiniú á chomhlíonadh ag an trádálaí;
- (j) léiriú go bhfuil ceadú nó formhuiniú eile ag cód cleachtais nach bhfuil aige;
- (k) marc cáilíochta, caighdeán nó iontaobhais nó siombail cháilíochta, chaighdeán nó iontaobhais, nó cineál éigin mairc nó siombaile coibhéiseach, a chur ar taispeáint, gan údarú riachtanach chun déanamh amhlaidh a fháil;
- (l) cuireadh a thabhairt chun táirge a cheannach gan a nochtadh gurb ann d'aon fhorais réasúnacha a fhéadfaidh a bheith ag an trádálaí chun a chreidiúint nach mbeidh an trádálaí in ann an táirge nó táirge coibhéiseach a sholáthar, nó trádálaí eile a aslú chun an táirge nó táirge coibhéiseach a sholáthar, ar an bpraghas a shonraítear sa chuireadh, nó déanamh amhlaidh ar feadh tréimhse réasúnaí ama nó i gcainníochtaí réasúnacha, ag féachaint do scála aon mhargaíochta nó fógraíochta maidir leis an táirge agus don phraghas a shonraítear (fógraíocht bhaoite);
- (m) cuireadh a thabhairt chun táirge a cheannach, ansin—
 - (i) sampla lochtach den táirge a thaispeáint, nó
 - (ii) diúltú—
 - (I) an táirge a thaispeáint nó a chur ar taispeáint don tomhaltóir,
 - (II) glacadh le hordú ón tomhaltóir ar an táirge, nó
 - (III) an táirge a sheachadadh ar an tomhaltóir laistigh de thréimhse réasúnach ama,
- le hintinn táirge eile a chur chun cinn (baoite agus athrú);
- (n) léiriú bréagach a thabhairt nach bhfuil táirge ar fáil ach amháin ar feadh tréimhse ama teoranta, nó ar théarmaí áirithe ar feadh tréimhse ama teoranta, d'fhonn cinneadh láithreach a fháil ó thomhaltóir, agus deis leordhóthanach nó am leordhóthanach a bhaint den tomhaltóir chun rogha eolach a dhéanamh i ndáil le táirge an trádálaí;
- (o) faoi réir *fho-alt (2)*, seirbhís iarsholáthair a sholáthar do thomhaltóir i dteanga nach teanga oifigiúil de chuid an Stáit iomchuí ina bhfuil an trádálaí lonnaithe, ná nach í an teanga ina ndearna an trádálaí agus an tomhaltóir cumarsáid sula ndearnadh an comhaontú chun soláthar a dhéanamh;

- (p) léiriú a thabhairt nó tuiscint a chruthú gur gné shainiúil de chuid chur chun cinn nó sholáthar an trádálaí ceart a thugtar do thomhaltóirí faoi achtachán;
 - (q) úsáid a bhaint as ábhar eagarfhocail sna meáin chun táirge a chur chun cinn (má d'íoc trádálaí as an gcur chun cinn sin) más rud é nach soiléirítear gur cur chun cinn ar íocadh as an cur chun cinn, cibé acu san ábhar féin nó in aon léiriú ó bhéal, léiriú i scríbhinn, amharcléiriú nó léiriú tuairisce sa chur chun cinn;
 - (r) léiriú a thabhairt do thomhaltóir atá míchruinn go hábhartha maidir le cineál agus méid an phriacail do shlándáil phearsanta an tomhaltóra, nó do shlándáil daoine eile de theaghlach an tomhaltóra, mura gceannóidh an tomhaltóir táirge an trádálaí;
 - (s) táirge (atá cosúil le táirge monaróra eile) a chur chun cinn ar shlí a chuirfidh tomhaltóir ar míthreoir nó a mheabhlóidh tomhaltóir d'aon turas chun a chreidiúint gurb é an monaróir sin a dhéanann an táirge a mhonarú, nuair nach é;
 - (t) léiriú a thabhairt do thomhaltóir atá míchruinn go feadh méid ábhartha maidir le dálaí an mhargaidh, nó maidir leis an bhféidearthacht táirge a aimsiú, le hintinn an tomhaltóir a mhealladh chun táirge a cheannach i ndálaí is lú fabhar ná gnáthdhálaí an mhargaidh;
 - (u) comórtas nó cur chun cinn duaise a oibriú, a reáchtáil nó a chur chun cinn gan na duaiseanna a thuairiscítear nó macasamhla réasúnacha a bhronnadh;
 - (v) léiriú a thabhairt nó tuiscint a chruthú gur bhuaigh nó go mhuafaidh tomhaltóir duais nó sochar comhionann eile, más rud é—
 - (i) nach bhfuil aon duais nó sochar comhionann ann, nó
 - (ii) le linn an duais a éileamh, go mbeidh ar an tomhaltóir íocaíocht a dhéanamh nó caillteanas a thabhu;
 - (w) sonrasc nó aon doiciméad dá shamhail lena lorgaítear íocaíocht ar thomhaltóir i leith táirge nár ordaigh an tomhaltóir a chur ar áireamh in ábhar margafochta;
 - (x) léiriú a thabhairt nó tuiscint a chruthú—
 - (i) nach bhfuil an trádálaí ag gníomhú chun críocha a bhaineann le trádáil, gnó nó gairm an trádálaí, nuair atá an trádálaí ag gníomhú amhlaidh, nó
 - (ii) go bhfuil an trádálaí ag gníomhú mar thomhaltóir, nuair nach bhfuil an trádálaí ag gníomhú amhlaidh;
 - (y) léiriú a thabhairt nó tuiscint a chruthú go bhfuil seirbhís iarsholáthair i ndáil le táirge ar fáil i Stát iomchuí seachas an ceann ina soláthraítear an táirge nuair nach bhfuil sí ar fáil amhlaidh.
- (2) Níl feidhm ag *fo-alt (1)(o)* i gceachtar de na cásanna seo a leanas:

- (a) go nochtann an trádálaí, sula ndéantar an comhaontú chun soláthar a dhéanamh, go soiléir don tomhaltóir cén teanga nó cé na teangacha ina bhfuil an tseirbhís iarsholáthair ar fáil;
- (b) gurb í teanga oifigiúil an Stáit iomchuí ina bhfuil an trádálaí lonnaithe an phríomhtheanga ina ndearna an trádálaí agus an tomhaltóir cumarsáid sula ndearnadh an comhaontú chun soláthar a dhéanamh ach nach í teanga oifigiúil Stát iomchuí an tomhaltóra í.
- (3) Ní ghabhfaidh trádálaí d'aon cheann de na cleachtais tráchtála seo a leanas:
- (a) léiriú a thabhairt nó tuiscint a chruthú nach féidir le tomhaltóir an t-áitreabh a fhágáil go dtí go ndéanfar conradh;
- (b) mainneachtain déanamh de réir iarrata ó thomhaltóir áit chónaithe an tomhaltóra a fhágáil nó gan filleadh (ach amháin in imthosca ina bhfuil bonn cirt leis an méid sin nó ina gceadaítear é, nó a mhéid atá bonn cirt leis nó a cheadaítear é, le dlí nó de réir dlí d'fhonn oibleagáid chonarhach a fhorfheidhmiú);
- (c) mainneachtain de shíor déanamh de réir iarrata ó thomhaltóir scor—
- (i) de chumarsáid a dhéanamh nó de theagmháil nach dteastaíonn nó nár iarradh a thionscnamh leis an tomhaltóir, nó
- (ii) de léirithe nach dteastaíonn nó nár iarraidh a thabhairt don tomhaltóir nó a sheoladh chuig an tomhaltóir,
- trí theileafón, trí fhacs, trí ríomhphost nó trí aon mheán leictreonach eile nó trí mheáin chianda (ach amháin in imthosca ina bhfuil bonn cirt leis an méid sin nó ina gceadaítear é, nó a mhéid atá bonn cirt leis nó a cheadaítear é, le dlí nó de réir dlí d'fhonn oibleagáid chonarhach a fhorfheidhmiú);
- (d) i ndáil le héileamh tomhaltóra ar pholasaí árachais, ceachtar de na nithe seo a leanas nó iad araon a dhéanamh:
- (i) a cheangal ar an tomhaltóir doiciméid nach mbaineann le bailíocht an éilimh a thabhairt ar aird;
- (ii) mainneachtain de shíor freagra a thabhairt ar chomhfhreagras an tomhaltóra maidir leis an ní, d'fhonn an tomhaltóir a chur ó chearta conarthacha a fheidhmiú i leith an éilimh sin;
- (e) spreagadh a chur ar áireamh i bhfógrán ar spreagadh díreach é chuig leanaí—
- (i) chun táirge a cheannach, nó
- (ii) chun a thabhairt ar thuismitheoir nó ar aosach an táirge a cheannach dóibh;

- (f) i ndáil le haon táirge nach n-iarrann an tomhaltóir, a éileamh, maidir leis an tomhaltóir—
- (i) go ndéanfaidh sé nó sí íocaíocht láithreach nó iarchurtha as an táirge, nó
 - (ii) go ndéanfaidh sé nó sí an táirge a thabhairt ar ais nó a choimeád slán;
- (g) a chur in iúl go sainráite do thomhaltóir go mbeidh post nó slí bheatha an trádálaí i gcontúirt mura gceannóidh an tomhaltóir táirge.

(4) Níl feidhm ag *fo-alt (3)(f)* i ndáil le táirge arna sholáthar ag trádálaí de réir Rialachán 9(3) de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Tomhaltóirí a Chosaint i leith Conarthaí arna nDéanamh trí Chianchumarsáid) 2001 (I.R. Uimh. 207 de 2001).

56.—Aon trádálaí a sháróidh *alt 55(1)* nó *(3)*, tá cion déanta aige nó aici agus dlífeair, ar é nó í a chiontú ar díotáil nó go hachomair, de réir mar a bheidh, na fíneálacha agus na pionóis dá bhforáiltear i *gCaibidil 4* de *Chuid 5* a chur air nó uirthi.

Cion: cleachtais
tráchtála
thoirmisce.

57.—(1) Más dóigh leis an Aire gur ar mhaithe le leas tomhaltóirí é, féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh á cheangal ar thrádálaithe a sholáthraíonn táirge, nó aicme nó cineál táirge, praghas na dtáirgí sin, nó an muirear a ghearrfar ar thomhaltóirí as na táirgí sin, a chur ar taispeáint ar aon mhodh nó in aon fhoirm a shonrófar sna rialacháin.

Rialacháin um
thaispeáint
praghsanna.

(2) Gan *fo-alt (1)* a theorannú, féadfar, le rialachán faoin alt seo—

- (a) a cheangal go ndéanfar praghsanna nó muirir, nó aon teaglam de phraghsanna agus muirir, a chur ar taispeáint in aon mhéid amháin agus aon mhuirir, táillí nó cánacha is infoctha a áireamh ann,
- (b) a cheangal go ndéanfar an raon praghsanna nó muirear ar na táirgí a lua i dtaispeántas an phraghais nó an mhuirir, nó i dtaispeántas teaglamaithe an phraghais agus an mhuirir, agus
- (c) toirmeasc a chur le soláthar na dtáirgí do thomhaltóirí ar aon phraghas is mó ná an praghas nó an muirear a chuirtear ar taispeáint amhlaidh.

(3) Féadfaidh an tAire rialacháin éagsúla a dhéanamh faoin alt seo le haghaidh aicmí nó cineálacha éagsúla táirgí nó trádálaithe.

(4) Féadfaidh feidhm a bheith ag rialachán faoin alt seo maidir leis an Stát ar fad nó maidir le limistéar geografach forordaithe de chuid an Stáit.

(5) Tá an t-alt seo i dteannta *alt 49* (maidir le formhuirir áirithe a lua mar chuid den phraghas).

Cion: sáruiithe maidir le taispeáint praghsanna.

58.—Aon trádálaí a sháraíonn rialachán faoi *alt 57* tá cion déanta aige nó aici agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, na fíneálacha agus na pionóis dá bhforáiltear i *gCaibidil 4* de *Chuid 5* a chur air nó uirthi.

Cion: saoráidí meáite i miondíol grósaeireachta.

59.—(1) San alt seo, ciallaíonn “miondíoltóir grósaeireachta” trádálaí is miondíoltóir de réir bhrí alt 15A den Acht Iomaíochta 2002.

(2) Déanfaidh aon mhiondíoltóir grósaeireachta a thairgeann bia lena dhíol le tomhaltóirí ar bhonn meáchain (seachas bia arna phacáil lena dhíol ag a mhonaróir nó ag a tháirgeoir nó ag an duine a sholáthair an bia lena dhíol)—

(a) meá-scála, nó meá-inneall, a sholáthar—

(i) a bheidh in áit phoiblí fheiceálach san áitreabh ina ndíoltar an bia sin, agus

(ii) faoi réir cúrsaí sláinte agus cúrsaí sábháilteachta bia, a bheidh chomh cóngarach agus is féidir le réasún don áit a mbeidh an bia sin ar taispeáint lena dhíol, agus

(b) a cheadú d’aon duine a bheidh ag ceannach an bhia sin, nó a bheidh ar tí é a cheannach, é a mheá nó meá an bhia ar mheá-scála nó ar mheá-inneall a fhaire ar mhodh lena ligtear don duine an léamh meáchain arna sholáthar ag an meá nó ag an meaisín a fheiceáil agus an fhaisnéis faoin bpraghas a bheidh ann dá thoradh a fháil roimh an íocaíocht.

(3) Aon mhiondíoltóir grósaeireachta a sháraíonn *fo-alt (2)(a)* nó *(b)* tá cion déanta aige nó aici agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, na fíneálacha agus na pionóis dá bhforáiltear i *gCaibidil 4* de *Chuid 5*, a chur air nó uirthi.

Cion: cosc a chur le praghsanna a léamh.

60.—(1) Ní dhéanfaidh trádálaí, gan chúis réasúnach, duine a chosc ar na nithe seo a leanas a dhéanamh, ná bac ná treampán a chur ar an duine sin le linn dó nó di na nithe seo a leanas a dhéanamh—

(a) na praghsanna a bheidh ar taispeáint ar tháirgí arna soláthar ag an trádálaí, nó i ndáil leo, a léamh, nó

(b) dul isteach in áitreabh chun críocha a thuairiscítear i *mír (a)*, más san áitreabh sin a sholáthraíonn an trádálaí na táirgí sin.

(2) Aon trádálaí a sháraíonn *fo-alt (1)(a)* nó *(b)* tá cion déanta aige nó aici agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, na fíneálacha agus na pionóis dá bhforáiltear i *gCaibidil 4* de *Chuid 5*, a chur air nó uirthi.

Staid éigeandála a bheith ann maidir le táirge a sholáthar.

61.—(1) Más rud é go bhfuil an Rialtas den tuairim go bhfuil imthosca neamhghnácha ann nó gur dóigh dóibh a bheith ann i ndáil le táirge a sholáthar, féadfaidh an Rialtas a dhearbhu le hordú (“ordú éigeandála”) go bhfuil staid éigeandála ann maidir leis an táirge sin a sholáthar.

(2) Féadfaidh baint a bheith ag ordú éigeandála le táirge amháin nó níos mó agus féadfar na táirgí a mhíniú ann i cibé slí is cuí leis an Rialtas.

(3) Maidir le hordú éigeandála, mura ndéantar téarma ordaithe éigeandála a fhadú faoi *fho-alt* (4) nó (5) nó mura ndéantar an t-ordú a chúlghairm—

- (a) fanann sé i bhfeidhm go ceann cibé tréimhse (nach faide ná 6 mhí ón dáta a dhéantar an t-ordú) is dóigh leis an Rialtas is cuí agus a shonróidh an Rialtas san ordú, agus
- (b) téann sé in éag i ndeireadh an lae deiridh den téarma a shonrófar.

(4) Faoi réir *fho-alt* (5), más rud é go bhfuil ordú éigeandála i bhfeidhm (“príomhordú”) agus más é tuairim an Rialtais go bhfuil imthosca neamhghnácha i gcónaí ann i ndáil le soláthar táirge lena mbaineann an t-ordú, féadfaidh an Rialtas aon ordú amháin a dhéanamh (“ordú fadaithe”) i ndáil leis an táirge sin lena bhfadófar téarma an phríomhordaithe mar a bhainfidh sé leis an táirge sin go ceann tréimhse nach faide ná 6 mhí ón dáta a dhéanfar an t-ordú fadaithe.

(5) Más rud é le linn na tréimhse fadaithe faoi *fho-alt* (4), gurb é tuairim an Rialtais go bhfuil imthosca neamhghnácha i gcónaí ann i ndáil le soláthar an táirge lena mbaineann an t-ordú fadaithe, ní ceadmhach don Rialtas ach aon ordú amháin eile a dhéanamh (“ordú fadaithe deiridh”) i ndáil leis an táirge sin lena bhfadófar téarma an phríomhordaithe mar a bhainfidh sé leis an táirge sin go ceann tréimhse nach faide ná 6 mhí ón dáta a dhéanfar an t-ordú fadaithe deiridh.

62.—(1) Má tá ordú éigeandála i bhfeidhm i leith táirge faoi *alt 61*, féadfaidh an Rialtas le hordú an praghas uasta a shocrú ar a bhféadfaidh trádálaí an táirge sin a sholáthar do thomhaltóirí.

Cumhacht chun praghsanna uasta a shocrú le linn staidé éigeandála.

(2) Maidir le hordú faoi *fho-alt* (1)—

- (a) féadfar leis feidhm an ordaithe a theorannú chuig aicme nó cineál den táirge,
- (b) féadfar leis coinníollacha a shonrú a socrófar praghas uasta faoina dtreoir agus féadfar praghsanna uasta éagsúla a shocrú i ndáil le coinníollacha éagsúla,
- (c) féadfaidh feidhm a bheith aige maidir leis an Stát iomlán, le limistéar geografach áirithe sa Stát, nó le haicme nó cineál áirithe trádálaí do sholáthar an táirge,
- (d) féadfar leis praghas uasta a shocrú trína shonrú nó tríd an modh ar a ríomhfar é a shonrú, agus
- (e) féadfar leis foráil a dhéanamh d’aon ní teagmhasach nó coimhdeach (lena n-áirítear ceanglas nach ndíolfar an táirge lena mbaineann an t-ordú ach ina aonaid shonraithe meáchain, tomhais nó toirte) a mheasann an Rialtas a bheith riachtanach nó fóirsteanach chun lánéifeacht a thabhairt d’aon fhoráil den ordú nó chun a áirithiú go gcomhlíonfar é.

(3) Mura rud é gur cúlghaireadh roimhe sin é, téann ordú arna dhéanamh faoin alt seo in éag an tráth a théann an t-ordú éigeandála in éag ar ina leith a dhéanfar é.

Cion: sárú ar orduithe um praghas uasta.

63.—Aon trádálaí a sháraíonn ordú arna dhéanamh faoi *alt 62*, tá cion déanta aige nó aici agus dlífeair ar é nó í a chiontú ar díotáil nó go hachomair, de réir mar a bheidh, na fíneálacha agus na pionóis dá bhforáiltear i *gCaibidil 4* de *Chuid 5* a chur air nó uirthi.

CUID 4

STUAICSCÉIMEANNA CUR CHUN CINN

Míniú (*Cuid 4*).

64.—(1) Sa *Chuid* seo, ciallaíonn “stuaicscéim cur chun cinn” scéim trína dtugann duine comaoín ar mhodh airgid nó luacha airgid, nó trína dtugann duine bronntanas ar mhodh airgid nó luacha airgid, as deis ar chúiteamh a fháil atá le baint go príomha as daoine eile a thabhairt isteach sa scéim seachas as soláthar nó tomhailt táirge.

(2) Tá feidhm ag na nithe seo a leanas i leith *fho-alt (1)*:

- (a) ní gá gur leis an duine do thabhairt daoine eile isteach sa scéim agus leis sin amháin a bhainfidh an deis ar chúiteamh a fháil ach féadfaidh daoine eile do thabhairt daoine eile isteach a bheith san áireamh;
- (b) féadfaidh soláthar táirge a bheith bainteach leis an scéim ach ní gá go mbeidh.

Cion indíotáilte: páirt a ghlacadh i stuaicscéimeanna cur chun cinn a bhunú, a oibriú nó a chur chun cinn.

65.—(1) Ní dhéanfaidh aon duine—

- (a) stuaicscéim cur chun cinn a bhunú, a oibriú ná a chur chun cinn,
- (b) páirt a ghlacadh go feasach i scéim den sórt sin, ná
- (c) duine eile a aslú ná féachaint le duine eile a aslú chun páirt a ghlacadh i scéim den sórt sin.

(2) Aon duine a sháraíonn *fo-alt (1)*, tá cion déanta aige nó aici.

(3) In imeachtaí mar gheall ar chion faoin alt seo nó le haghaidh ordaithe toirmisc faoi *alt 71*, ní gá do thaobh an ionchúisimh nó don irratasóir, de réir mar a bheidh, a chruthú—

- (a) gur ceart a bhí infheidhmithe le dlí an deis ar chúiteamh a fháil,
- (b) gur laistigh den Stát a tugadh an chomaoín nó an bronntanas a tugadh, de réir mar a bheidh,
- (c) gurb é comaoín nó bronntanas a thabhairt an t-aon cheanglas a bhí le comhlíonadh ag duine chun—
 - (i) bheith páirteach, nó bheith incháilithe le bheith páirteach, sa scéim, nó

- (ii) bheith incháilithe ar chúiteamh a fháil, nó chun deis a bheith aige nó aici cúiteamh a fháil, faoin scéim,
- (d) gur laistigh den Stát a fuarthas aon chúiteamh a fuarthas,
- (e) go raibh sé beartaithe gur admháil i leith an chúitimh sin laistigh den Stát aon deis ar chúiteamh a fháil, ná
- (f) go ndearnadh aon socrúithe faoin scéim a thaifeadadh i scríbhinn.

(4) Más rud é, in imeachtaí mar gheall ar chion faoin alt seo nó le haghaidh ordaithe toirmisc faoi *alt 71*, go bhfuil soláthar táirge i gceist sa stuaicscéim cur chun cinn líomhnaithe, ansin féadfar an méid seo a leanas a bhreithniú (i measc nithe eile) le linn a chinneadh an ó dhaoine eile a thabhairt isteach sa scéim go príomha a fhaightear an deis ar chúiteamh a fháil:

- (a) i ndáil leis an scéim a chur chun cinn, an bhéim a chuirtear ar theideal an rannpháirtí chun an táirge, i gcomparáid leis an mbéim a chuirtear ar chúiteamh atá le fáil as daoine eile a thabhairt isteach sa scéim;
- (b) a mhéid a bhfuil coibhneas réasúnach leis an táirge ag an gcomaoin a thugtar, faoi threoir phraghas an chéanna nó táirge inchomparáide atá ar fáil in áit eile.

(5) Aon duine atá ciontach i gcion faoin alt seo dlífear, ar é nó í a chiontú ar díotáil, na fíneálacha agus na pionóis dá bhforáiltear i *gCaibidil 4 de Chuid 5* a chur air nó uirthi.

66.—(1) Tá aon chomhaontú idir tionscnóir scéime agus duine eile, a mhéid a cheanglaíonn sé airgead nó luach airgid a íoc i leith stuaicscéime cur chun cinn nó a mhéid dá ndéantar foráil leis maidir leis an gcéanna, ar neamhní agus gan éifeacht a bheith leis, agus níl aon ábhar caingne ann in aon chúirt chun airgead nó luach airgid den sórt sin a ghnóthú faoin gcomhaontú sin nó dá bhun.

Comhaontuithe maidir le stuaicscéim cur chun cinn a bheith ar neamhní.

(2) Chun críocha *fho-alt (1)*, ciallaíonn “tionscnóir scéime” duine a bhunóidh, a oibreoidh nó a chuirfidh chun cinn stuaicscéim cur chun cinn nó a aslaíonn daoine eile, nó a dhéanann iarracht iad a aslú, chun bheith páirteach i scéim den sórt sin agus folaíonn sé aon duine a ghníomhóidh thar ceann tionscnóra scéime.

CUID 5

IMEACHTAÍ, LEIGHEASANNA AGUS PIONÓIS

CAIBIDIL 1

Léiriú agus Nithe Ginearálta a bhaineann le hImeachtaí

67.—Sa Chuid seo, ciallaíonn “gníomh nó cleachtas toirmiscithe” Míniú (*Cuid 5*).
aon cheann díobh seo a leanas:

- (a) aon chleachtas tráchtála éagórach, míthreorach nó fóbartach faoi *Chuid 3*;
- (b) aon sárú ar *alt 48(3)* nó *49(1)*;

- (c) aon sárú ar *alt 55(1)* nó (3), *59(2)* nó *60(1)*;
- (d) aon sárú ar *alt 65(1)*;
- (e) aon sárú ar rialachán faoi *alt 50* nó *57* nó ar ordú dá dtagraítear in *alt 92*;
- (f) aon sárú ar ordú faoi *alt 62(1)*,

ach sin faoi réir ceann amháin nó níos mó de na forálacha sin roimhe seo dá bhforáiltear in *alt 71, 73, 74* nó *75* a eisiámh.

Toimhde maidir le léirithe.

68.—Más rud é, in aon imeachtaí faoin Acht seo, go bhfuil fírinne éilimh fhíorasáigh i léiriú ina saincheist agus nach suíonn an trádálaí a rinne an léiriú, nó a ndearnadh an léiriú thar a cheann nó thar a ceann, gur dóichí gur fíor é, ansin toimhdeofar nach fíor an léiriú.

Fógróirí.

69.—(1) San alt seo:

ciallaíonn “fógróir” duine a fhoilsíonn fógráin;

ciallaíonn “fógrán sáraitheach”—

- (a) cleachtas tráchtála éagórach, míthreorach nó fóbartach i bhfoirm fógráin, nó
- (b) fógrán—
 - (i) ar cleachtas tráchtála toirmisceithe é faoi *alt 55(1)* nó (3),
 - (ii) ar sárú é ar *alt 49(1)*, nó
 - (iii) ar sárú é ar rialachán faoi *alt 50(2)*.

(2) Níl cion faoi *alt 47, 49(3), 51(2)* nó *56* déanta ag fógróir a fhoilsíonn fógrán sáraitheach thar ceann trádálaí ná ní bheidh sé nó sí faoi dhliteanas faoi *alt 74* (maidir le ceart caingne tomhaltóra le haghaidh damáistí) más rud é go gcruthóidh an fógróir nach raibh a fhios aige nó aici agus nach raibh aon chúis aige nó aici drochamhras a bheith air nó uirthi gur sárú ar *alt 41(1), 42, 49(1), 50(2), 51(2), 52, 54, 55(1)* nó (3) nó *56* a bheadh ann é a fhoilsiú.

(3) Aon fhógróir a ghlacfaidh le fógrán le haghaidh trádálaí nó a chomhaontóidh fógrán le haghaidh trádálaí a fhoilsiú—

- (a) déanfaidh sé nó sí taifead ar ainm agus seoladh an trádálaí sin, agus
- (b) coimeádfaidh sé nó sí an taifead sin ar feadh 2 bhliain ar a laghad ón lá deiridh a fhoilseofar an fógrán.

(4) Aon fhógróir a sháraíonn *fo-alt (3)*, tá cion déanta aige nó aici agus dlífeair, ar é nó í a chiontú go hachomair, na fíneálacha agus na pionóis dá bhforáiltear i *gCaibidil 4* a chur air nó uirthi.

70.—(1) Más rud é, i ndáil le cleachtas tráchtála trádálaí, go ndéanann an trádálaí cion faoin Acht seo agus gur gníomh nó faillí duine eile is siocair lena dhéanamh, beidh an duine eile sin freisin ciontach i gcion agus féadfar é nó í a chúiseamh agus a chiontú ann cibé acu a thionscnófar nó nach dtionscnófar imeachtaí i leith ciona in aghaidh an trádálaí.

Cion trádálaí as siocair gnímh nó mainneachtana duine eile.

(2) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoi *fho-alt (1)* dlífeair, ar é nó í a chiontú, an réimse céanna fineálacha agus pionós dá bhforáiltear i *gCaibidil 4* a chur air nó uirthi a dhlífeair, nó a dhlífí, a chur ar an trádálaí dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* i leith an chiona sin.

CAIBIDIL 2

Imeachtaí Sibhialta

71.—(1) San alt seo ní fholáíonn “gníomh nó cleachtas toirmisce” sárú ar *alt 59(2)* (maidir le saoráidí meáite i miondíol grósaeireachta) ná ar *alt 60(1)* (maidir le léamh praghsanna a chosc).

Faoiseamh sibhialta ar mhodh orduithe toirmisc.

(2) Aon duine, lena n-áirítear an Ghníomhaireacht nó aon chomhlacht poiblí eile a fhorordaítear chun críocha an fho-ailt seo, féadfaidh sé nó sí iarratas a dhéanamh chun na Cúirte Cuarda nó chun na hArd-Chúirte ar ordú lena dtoirmiscear trádálaí nó duine ar gníomh nó cleachtas toirmisce a dhéanamh nó ar ghabháil don chéanna.

(3) Beidh iarratas faoi *fho-alt (2)* iar bhfógra—

- (a) chuig an trádálaí nó an duine a mbeidh an t-ordú á lorg ina choinne nó ina coinne, agus
- (b) chuig an nGníomhaireacht, murab í an Ghníomhaireacht an t-iarratasóir.

(4) Le linn iarratas a chinneadh faoin alt seo, breithneoidh an chúirt na leasanna uile atá i gceist agus, go háirithe, leas an phobail.

(5) Murab í an Ghníomhaireacht an t-iarratasóir ar ordú faoin alt seo, ní ceadmhach don chúirt an t-ordú a dhéanamh mura mbeidh deis tugtha don Ghníomhaireacht ar éisteacht a fháil agus ar fhianaise a thabhairt ar aird.

(6) Má mheasann an chúirt gur gá nó gur cuí sna himthosca, agus na leasanna uile atá i gceist, agus go háirithe leas an phobail, á gcur i gcuntas, féadfaidh an chúirt ordú a dhéanamh faoin alt seo gan cruthúnas ar aon chaillteanas nó damáiste iarbhír nó ar aon intinn nó faillí ar thaobh an trádálaí.

(7) Le linn ordú a dhéanamh faoin alt seo, féadfaidh an chúirt téarmaí nó coinníollacha a fhorchur san ordú a mheasfaidh an chúirt is cuí, lena n-áirítear ceanglas go bhfoilseoidh an trádálaí nó an duine ráiteas ceartaitheach, ar chostas an trádálaí nó an duine féin agus ar aon mhodh a mheasfaidh an chúirt is cuí, i leith na nithe is ábhar don ordú.

(8) Maidir le hiarratas faoin alt seo chun na Cúirte Cuarda, déanfar é chun an bhreithimh den Chúirt Chuarda don chuaird ina bhfuil an gníomh nó an cleachtas toirmisce lena mbaineann á dhéanamh nó ina bhfuiltear ag gabháil don chéanna.

(9) Beidh dlínse ag an gCúirt Chuarda iarratas faoin alt seo a éisteacht agus a chinneadh ar deimhin léi gur cuí di déileáil leis mar chúirt dlínse áitiúla agus teoranta agus, chun go ndéanfaidh an chúirt an ní sin a dheimhniú di féin, folaíonn na nithe a dtabharfaidh sí aird orthu—

- (a) cineál agus méid an ghnímh nó an chleachtais thoirmisce the lena mbaineann, agus
- (b) costas measta chomhlíonadh an ordaithe lena mbaineann an t-iarratas.

(10) Más rud é, i ndáil le hiarratas faoin alt seo chun na Cúirte Cuarda, go dtagann an chúirt ar an tuairim, le linn éisteacht an iarratais, nach cuí don Chúirt Chuarda déileáil leis an iarratas, féadfaidh sí, má mheasann sí gur cuí sin, an t-iarratas a aistriú go dtí an Ard-Chúirt.

(11) Ní dochar *fo-alt* (10) do dhlínse na Cúirte Cuarda iarratas faoin alt seo a chinneadh ar dheimhin léi, tráth déanta an iarratais, go raibh dlínse aici chun déileáil leis.

(12) I gcás go n-aistreofar iarratas faoi *fho-alt* (10) go dtí an Ard-Chúirt, measfar gurb í an Ard-Chúirt a rinne aon ordú de chineál nóis imeachta a rinne an chúirt óna n-aistrítear amhlaidh é sna himeachtaí i ndáil leis an iarratas.

(13) Aon trádálaí a mhainníonn, gan leithscéal réasúnach, ordú faoin alt seo a chomhlíonadh, tá cion déanta aige nó aici agus dlífear, ar é nó í a chiontú ar díotáil nó go hachomair, de réir mar a bheidh, na fíneálacha agus na pionóis dá bhforáiltear i *gCaibidil 4* a chur air nó uirthi.

Orduithe toirmisc in aghaidh úinéirí cóid.

72.—(1) San alt seo, ciallaíonn “úinéir cóid”, i ndáil le cód cleachtais, aon duine atá freagrach as an gcód a fhoirmiú nó a athbhreithniú nó as faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh ag na trádálaithe sin a chomhaontaíonn nó a gheallann cloí leis nó a bheith faoina cheangal nó a thugann gealltanais ina leith sin.

(2) Má chuirtear aon ghníomh nó cleachtas toirmisce chun cinn le cód cleachtais nó má dhéanann a úinéir cóid an céanna, féadfaidh an Ghníomhaireacht iarratas a dhéanamh chun na Cúirte Cuarda nó na hArd-Chúirte ar ordú lena dtoirmiscfean an cur chun cinn sin ar an úinéir cóid nó lena gceanglófar ar an úinéir cóid an cód a tharraingt siar nó é a leasú mar a mheasfaidh an chúirt is gá chun an cur chun cinn sin a chosc.

(3) Is iar bhfógra don úinéir cóid a dhéanfar iarratas faoi *fho-alt* (2).

(4) Le linn iarratas faoin alt seo a chinneadh, breithneoidh an chúirt na leasanna uile atá i gceist agus, go háirithe, leas an phobail.

(5) Le linn ordú faoi *fho-alt* (2) a dhéanamh, féadfaidh an chúirt téarmaí nó coinníollacha is cuí leis an gcúirt a fhorchur san ordú.

(6) Beidh feidhm ag *fo-ailt* (8) go (12) *d’alt 71* maidir le hiarratas faoin alt seo faoi mar atá feidhm acu maidir le hiarratas faoin alt sin fara na modhuithe seo a leanas—

- (a) “ina bhfuil an gníomh nó an cleachtas toirmisceithe lena mbaineann á chur chun cinn ag úinéir an chóid nó ina bhfuil cónaí ar úinéir an chóid nó ina seolann sé nó sí aon ghnó nó gairm” a chur in ionad “ina bhfuil an gníomh toirmisceithe nó an cleachtas toirmisceithe lena mbaineann á dhéanamh nó ina bhfuiltear ag gabháil don chéanna” i *bhfo-alt* (8), agus
- (b) an mhír seo a leanas a chur in ionad *mhír* (a) i *bhfo-alt* (9):

“(a) cineál agus méid an ghnímh nó an chleachtais thoirmisceithe atá á chur chun cinn leis an gcód cleachtais lena mbaineann nó ag a úinéir cóid.”.

(7) Aon úinéir cóid a mhainníonn, gan leithscéal réasúnach, ordú faoin alt seo a chomhlíonadh, tá cion déanta aige nó aici agus dlífear, ar é nó í a chiontú ar díotáil nó go hachomair, de réir mar a bheidh, na fíneálacha agus na pionóis dá bhforáiltear i *gCaibidil* 4, a chur air nó uirthi.

73.—(1) San alt seo ní fholaíonn “gníomh nó cleachtas toirmisceithe” sárú ar *alt* 59(2) (maidir le saoráidí meáite i miondíol grósaeireachta) ná ar *alt* 60(1) (maidir le léamh praghsanna a chosc). Gealltanais leis an nGníomhaireacht.

(2) Má tá cúis ag an nGníomhaireacht lena chreidiúint, maidir le trádálaí—

- (a) go bhfuil gníomh nó cleachtas toirmisceithe á dhéanamh aige nó aici nó go bhfuil sé nó sí ag gabháil don chéanna,
- (b) go bhfuil sé nó sí ar tí gníomh nó cleachtas toirmisceithe a dhéanamh nó gabháil don chéanna, nó
- (c) go ndearna sé nó sí gníomh nó cleachtas toirmisceithe nó go raibh sé nó sí ag gabháil don chéanna,

féadfaidh an Gníomhaireacht glacadh le gealltanais i scríbhinn ón trádálaí a bheidh sínithe ag an trádálaí san fhoirm, agus ina mbeidh na téarmaí agus na coinníollacha, a chinnfidh an Gníomhaireacht a bheith cuí sna himthosca.

(3) Má ghlacann an Gníomhaireacht le gealltanais ó thrádálaí faoin alt seo, déanfaidh an Gníomhaireacht an gealltanais a fhoilsiú, nó a chur faoi deara é a fhoilsiú, in aon fhoirm nó ar aon mhodh is cuí leis an nGníomhaireacht.

(4) Gan *fo-alt* (2) a theorannú, féadfaidh ceann amháin nó níos mó de na téarmaí agus na coinníollacha seo a leanas a bheith ar áireamh sa ghealltanais:

- (a) gealltanais an fhoráil nó na forálacha lena mbaineann de chuid an Achta seo nó de chuid rialachán faoin Acht seo a chomhlíonadh;
- (b) gealltanais staonadh ó aon gníomh nó cleachtas a dhéanamh nó ó gabháil don chéanna;
- (c) gealltanais tomhaltóirí nó aicme tomhaltóirí a chúiteamh, lena n-áirítear aon airgead a aisíoc, nó aon mhaoin nó

rud eile a fuarthas ó thomhaltóirí i dtaca le hidirbheart tomhaltóra a thabhairt ar ais;

- (d) gealltanais fógrán, ina mbeidh ráiteas ceartaitheach a bhaineann leis an ngníomh nó leis an gcleachtas toirmisce a leigheas, a fhoilsíú nó a chur faoi deara é a fhoilsíú ar chostas an trádálaí.

(5) Más comhlacht corpraithe an trádálaí faoi *fho-alt (2)*, déanfaidh stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile de chuid an trádálaí an gealltanais a shíniú.

(6) Féadfaidh an Ghníomhaireacht imeacht i gcoinne trádálaí faoi *alt 71* (maidir le faoiseamh sibhialta ar mhodh orduithe toirmisc) a fhoirceannadh ar ghlacadh le gealltanais ón trádálaí.

(7) D'ainneoin *fho-alt (6)*, féadfaidh an Ghníomhaireacht iarratas a dhéanamh ar ordú i gcoinne trádálaí faoi *alt 71* má mhainníonn an trádálaí téarmaí agus coinníollacha gealltanais faoin alt seo a chomhlíonadh.

(8) Beidh feidhm ag *fo-ailt (2)* go (5), fairis na modhnuithe seo a leanas agus aon mhodhnuithe eile is gá, maidir le haon trádálaí a bhfuil cúis ag an nGníomhaireacht chun a chreidiúint ina leith go bhfuil achtachán a shonraítear i *Sceideal 4* á shárú nó sáráithe aige nó aici, nó go bhfuil sé nó sí ar tí é a shárú, eadhon, fairis na modhnuithe—

- (a) go léifear tagairtí sna fo-ailt sin do ghníomh nó cleachtas toirmisce mar thagairtí d'achtachán a shonraítear sa *Sceideal* sin a shárú, agus
- (b) go léifear an tagairt i *bhfo-alt (4)(a)* don fhoráil nó do na forálacha lena mbaineann de chuid an Achta seo nó de chuid rialachán faoin Acht seo mar thagairtí don fhoráil nó do na forálacha lena mbaineann de chuid an achtacháin sin.

(9) Más rud é go n-íoctar cúiteamh le tomhaltóir de bhun gealltanais dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)(c)* agus go dtionscnaíonn an tomhaltóir caingean faoi *alt 74* ina dhiaidh sin agus go ndéanann an chúirt damáistí a dhámhachtain i leith an ghnímh nó an chleachtais toirmisce chéanna, meastar maidir leis an gcúiteamh arna íoc faoin ngealltanais gur sásamh é ar oiread sin de na damáistí a dhéanfar a dhámhachtain agus is comhionann leis an méid arna íoc leis an tomhaltóir faoin ngealltanais sin.

Ceart caingne tomhaltóra le haghaidh damáistí.

74.—(1) San alt seo, ní fholáíonn “gníomh nó cleachtas toirmisce”—

- (a) cleachtas tráchtála míthreorach a thuairiscítear in *alt 45*, nó
- (b) sárú ar *alt 65(1)* (maidir le stuaiscéimeanna cur chun cinn).

(2) Beidh ag tomhaltóir, arb éagóir leis nó léi gníomh nó cleachtas toirmisce, ceart caingne le haghaidh faoisimh ar mhodh damáistí, lena n-áirítear damáistí eiseamláireacha, ina gcoinne seo a leanas:

- (a) aon trádálaí a dhéanfaidh an gníomh nó an cleachtas toirmisceithe nó a bheidh ag gabháil don chéanna;
- (b) más comhlacht corpraithe an trádálaí sin, aon stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile de chuid an trádálaí, nó duine a d'airbheartaigh gníomhú in aon cháil den sórt sin, a d'údaraigh an gníomh a dhéanamh nó a thoiligh leis an ngníomh a dhéanamh nó a d'údaraigh gabháil don chleachtas nó a thoiligh le gabháil don chleachtas.

(3) Faoi réir *fho-alt* (4), féadfar caingean faoin alt seo a thionscnamh sa Chúirt Dúiche, sa Chúirt Chuarda nó san Ard-Chúirt agus féadfaidh an chúirt sin, sa chaingean sin, cibé damáistí a dhámhachtain a mheasfaidh an chúirt is cuí, lena n-áirítear damáistí eiseamláireacha.

(4) Má dhéantar an chaingean a thionscnamh sa Chúirt Dúiche nó sa Chúirt Chuarda, ní rachaidh aon fhaoiseamh ar mhodh damáistí, lena n-áirítear damáistí eiseamláireacha, thar theorainn dhlinse na Cúirte Dúiche nó na Cúirte Cuarda, de réir mar a bheidh, i gcaingean ar tort is bonn dó, ach amháin trí thoilíú ó na páirtithe is gá i cibé foirm dá bhforálfar le rialacha cúirte.

(5) I gcás go gcruthaítear, i gcaingean faoin alt seo, gur comhlacht corpraithe a rinne an gníomh nó an cleachtas a mbeidh gearán déanta ina leith nó gur comhlacht corpraithe a bhí ag gabháil don chéanna, toimhdeofar, go dtí go gcruthófar a mhalairt, maidir le gach stiúrthóir (más ann) de chuid an chomhlachta agus gach duine a bheidh fostaithe aige a raibh ar áireamh ar a chuid dualgas nó ar a cuid dualgas cinntí a dhéanamh a d'fhéadfadh, go feadh méid shuntasaisigh, difear a dhéanamh do bhainistiú an chomhlachta, agus maidir le haon duine eile a d'airbheartaigh gníomhú in aon cháil den sórt sin an tráth ábhartha, gur thoiligh sé nó sí leis an ngníomh sin a dhéanamh nó le gabháil don chleachtas sin.

CAIBIDIL 3

Fógraí um Chomhlíonadh

75.—(1) San alt seo, ní fholáíonn “gníomh nó cleachtas toirmisceithe” sárú ar rialachán faoi *alt* 57 (maidir le rialacháin um thaispeáint praghsanna). Fógraí um
chomhlíonadh.

(2) I gcás go mbeidh oifigeach údaraithe den tuairim go bhfuil gníomh nó cleachtas toirmisceithe á dhéanamh nó déanta ag duine nó go bhfuil sé nó sí ag gabháil don chéanna, nó gur ghabh sé nó sí don chéanna, nó go bhfuil duine ag sárú achtacháin, nó gur sháraigh sé nó sí achtachán, a shonraítear i *Sceideal* 5, féadfaidh an t-oifigeach fógra scríofa (“fógra um chomhlíonadh”) a sheirbheáil ar an duine sin, go pearsanta nó leis an bpost.

(3) Beidh fógra um chomhlíonadh sínithe agus dátaithe ag an oifigeach údaraithe agus—

- (a) beidh ráiteas ann maidir leis an sárú a líomhnaítear (agus sainaitheofar an t-achtachán iomchuí), an tuairim dá dtagraítear i *bhfo-alt* (2) agus na cúiseanna atá leis an tuairim sin,
- (b) ordófar leis don duine an sárú nó na nithe is cionsiocair leis an bhfógra sin a leigheas, lena n-áirítear aon

cheanglas eile is cuí leis an oifigeach údaraithe chun an sárú nó an ní a leigheas (“an t-ordachán agus na ceanglais comhlíonta”),

- (c) sonrófar ann an dáta faoina gcaithfidh an duine an t-ordachán agus na ceanglais comhlíonta a chomhlíonadh,
- (d) beidh ráiteas ann á rá go bhféadfaidh an duine achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Dúiche i gcoinne an fhógra laistigh de 14 lá tar éis an fógra a sheirbheáil, lena n-áirítear faisnéis ina sonrófar—
 - (i) foirm agus modh achomhairc den sórt sin, agus
 - (ii) seoladh seirbheála na Gníomhaireachta chun fógra a thabhairt don Ghníomhaireacht faoi *fho-alt* (6), agus
- (e) beidh ráiteas ann á rá, mura ndéanfar achomharc de réir an ailt seo agus laistigh den am a shonraítear i *mír* (d), ansin—
 - (i) go bpléifear leis an bhfógra mar fhógra nach bhfuil á dhíospóid,
 - (ii) go measfar gur ghlac an duine an fógra agus gur chomhaontaigh sé nó sí an t-ordachán agus na ceanglais comhlíonta a chomhlíonadh, agus
 - (iii) gur cion é mainneachtain nó diúltú comhlíonadh amhlaidh agus, ar an duine a chiontú go hachomhair, go ndlífear an fhíneáil agus na pionóis atá leagtha amach i *gCaibidil 4* a chur air nó uirthi.

(4) Ní luaithe é an dáta a shonrófar faoi *fho-alt* (3)(c) ná deireadh na tréimhse ar laistigh di a fhéadfar achomharc a dhéanamh faoi *fho-alt* (5).

(5) Más mian leis an duine ar a seirbheálfar an fógra um chomhlíonadh an fógra a dhíospóid, féadfaidh an duine, tráth nach déanaí ná 14 lá tar éis an fógra a sheirbheáil agus de réir an ailt seo agus san fhoirm agus ar an modh a shonrófar san fhógra, achomharc a dhéanamh in aghaidh an fhógra chun breithimh den Chúirt Dúiche sa dúiche chúirte dúiche inar seirbheáladh an fógra.

(6) Duine a dhéanfaidh achomharc faoi *fho-alt* (5) tabharfaidh sé nó sí fógra don Ghníomhaireacht an tráth céanna i dtaobh an achomhairc agus na bhforas a bheidh leis an achomharc agus beidh an Ghníomhaireacht i dteideal láithriú, éisteacht a fháil agus fianaise a thabhairt ar aird ar an achomharc a éisteacht.

(7) Le linn achomharc a chinneadh faoin alt seo, féadfaidh an breitheamh an fógra um chomhlíonadh a dhaingniú, a athrú nó a chealú, más deimhin leis nó léi go bhfuil sé réasúnach déanamh amhlaidh.

(8) Más rud é nach gcealaítear an fógra um chomhlíonadh ar achomharc, beidh éifeacht leis an bhfógra cibé tráth is déanaí díobh seo a leanas:

- (a) an lá tar éis an lae a dhaingneofar nó a athrófar an fógra ar achomharc;

(b) má dhéanann an t-achomharcóir an t-achomharc a tharraingt siar, an lá tar éis an lae a tharraingeofar siar é;

(c) an lá a shonrófar san fhógra.

(9) Mura ndéanfar aon achomharc faoi *fho-alt* (5), beidh éifeacht leis an bhfógra um chomhlíonadh cibé dáta díobh seo a leanas is déanaí:

(a) 14 lá tar éis an fógra a sheirbheáil ar an duine;

(b) an lá a shonrófar san fhógra.

(10) Féadfaidh oifigeach údaraithe—

(a) fógra um chomhlíonadh a tharraingt siar aon tráth, nó

(b) mura ndéanfar aon achomharc, nó mura mbeidh aon achomharc ar feitheamh, faoi *fho-alt* (5), an dáta a shonrófar san fhógra faoi *fho-alt* (3)(c) a chur siar.

(11) Aon duine a mhainneoidh, gan leithscéal réasúnach, ordachán um chomhlíonadh nó ceanglas a shonrófar i bhfógra um chomhlíonadh a chomhlíonadh, tá cion déanta aige nó aici agus, ar é nó í a chiontú go hachomair, dlífeair na fineálacha agus na pionóis dá bhforáiltear i *gCaibidil 4* a chur air nó uirthi.

(12) Ní cosc fógra um chomhlíonadh a tharraingt siar faoi *fho-alt* (10) ar fhógra eile um chomhlíonadh a sheirbheáil, cibé acu i leith an ní chéanna nó i leith ní eile.

(13) Má thagann éifeacht le fógra um chomhlíonadh de réir an ailt seo, déanfaidh an Ghníomhaireacht an fógra um chomhlíonadh a fhoilsiú, nó a chur faoi deara é a fhoilsiú, in aon fhoirm nó ar aon mhodh is cuí leis an nGníomhaireacht.

(14) Ní cosc aon ní san alt seo ar imeachtaí a thionscnamh mar gheall ar chion.

CAIBIDIL 4

Imeachtaí Coiriúla

76.—D’ainneoin aon fhorála in aon achtachán ina sonraítear an tréimhse a bhféadfar imeachtaí a thionscnamh laistigh di, féadfar ionchúiseamh i leith ciona faoin Acht seo a thionscnamh aon tráth laistigh de 2 bhliain tar éis an dáta a líomhnaítear a rinneadh an cion.

Teorainn ama chun imeachtaí a thionscnamh.

77.—(1) Más rud é go ndéanann comhlacht corpraithe cion faoin Acht seo agus go gcruthaítear go ndearnadh é le toiliú, le cúltheadú nó le ceadú, nó gurb inchurtha é i leith aon fhaillí ar thaobh, aon duine is stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó aon oifigeach eile de chuid an chomhlachta chorpraithe, nó duine a d’airbheartaigh a bheith ag gníomhú in aon cháil den sórt sin, tá an duine sin, chomh maith leis an gcomhlacht corpraithe, ciontach i gcion agus dlífeair imeachtaí a thionscnamh ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh an duine sin ciontach sa chion céadluaite.

Dliteanais i leith cionta ag comhlachtaí corpraithe.

(2) Más rud é, in ionchúiseamh i leith ciona in aghaidh an duine dá dtagraítear i *bhfo-alt* (1), go gcruthaítear go raibh an duine, an

tráth ábhartha, ina stiúirthóir de chuid an chomhlachta chorpraithe nó ina fhostaí nó ina fostaí de, a raibh ar áireamh ar a chuid nó ar a cuid dualgas cinntí a dhéanamh a thabhairt a d'fhéadfadh, go feadh méid shuntasaigh, difear a dhéanamh do bhainistiú an chomhlachta chorpraithe, nó ina dhuine nó ina duine a d'airbheartaigh gníomhú in aon cháil den sórt sin, toimhdeofar, go dtí go suítear a mhalairt, gur thoiligh an duine le déanamh na ngníomhartha nó na mainneachtainí arb éard iad an cion.

(3) Léifear *fo-alt* (2) mar fho-alt lena gcuirtear ualach fianaise ar an duine dá dtagraítear san fho-alt sin i leith an ní nó na nithe lena mbaineann, agus ina leith sin amháin.

(4) Más iad comhaltaí comhlachta chorpraithe a bhainistíonn gnóthaí an chomhlachta chorpraithe sin, beidh feidhm ag *fo-ailt* (1) agus (2) i ndáil le gníomhartha nó mainneachtainí comhalta i dtaca le feidhmeanna bainistíochta an chomhalta amhail is dá mba stiúirthóir nó bainisteoir ar an gcomhlacht corpraithe an comhalta sin.

(5) Má dhéanann comhlacht corpraithe cion faoin Acht seo, aon fhostaí, oifigeach, stiúirthóir nó gníomhaire de chuid an chomhlachta chorpraithe a údaraíonn nó a cheadaíonn an cion a dhéanamh, nó a thoilíonn lena dhéanamh, tá cion déanta aige nó aici siúd freisin, cibé acu a dhéantar nó nach ndéantar an comhlacht corpraithe a ionchúiseamh i leith an chiona.

(6) In ionchúiseamh i leith ciona faoin Acht seo, is cruthú leordhóthanach é ar an gcion a shuíomh gur fostaí, oifigeach, stiúirthóir nó gníomhaire de chuid an chosantóra a rinne é, cibé acu a shainaithnítear nó nach sainaithnítear an fostaí, an t-oifigeach, an stiúirthóir nó an gníomhaire, nó cibé acu a rinneadh nó nach ndearnadh é nó í a ionchúiseamh i leith an chiona.

(7) Níl feidhm ag *fo-alt* (6) má shuíonn an cosantóir go ndearna an cosantóir dúthracht chuí chun déanamh an chiona a chosc.

Dúthracht chuí mar chosaint.

78.—(1) In imeachtaí mar gheall ar chion faoin Acht seo, seachas cion faoi *alt* 65(2), is cosaint é ag an gcúisí an dá ní acu seo a leanas a chruthú:

- (a) gur dearmad, nó iontaoibh as faisnéis a tugadh don chúisí, nó gníomh nó mainneachtain ag duine eile, tionóisc nó údar éigin eile nach raibh neart ag an gcúisí air, ba shiocair leis an gcion a dhéanamh;
- (b) go ndearna an cúisí dúthracht chuí agus gur ghlac sé nó sí gach réamhchúram réasúnach chun déanamh an chiona a sheachaint.

(2) Más rud é go bhfuil líomhain sa chosaint dá bhforáiltear le *fo-alt* (1) gur iontaoibh as faisnéis a thug duine eile nó gníomh nó mainneachtain ag duine eile ba shiocair leis an gcion a dhéanamh, ní bheidh an cúisí i dteideal, gan cead ón gcúirt, muinín a chur sa chosaint sin mura rud é, tráth nach luaithe ná 7 lá oibre roimh an éisteacht, go mbeidh fógra i scríbhinn seirbheáilte ag an gcúisí ar an ionchúisitheoir ina soláthrófar faisnéis lena dtabharfar aithne ar an duine eile sin nó mar chabhair chun aithne a thabhairt air nó uirthi.

79.—(1) Aon duine atá ciontach i gcion faoin Acht seo (seachas cion faoi *alt 65(2)*), dlífeair, ar é nó í a chiontú go hachomair na Fíneálacha agus pionóis. fíneálacha agus na pionóis seo a leanas a chur air nó uirthi:

- (a) ar chéad chiontú achomair mar gheall ar aon chion den sórt sin, fíneáil nach mó ná €3,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon;
- (b) ar chiontú achomair dá éis sin mar gheall ar an gcion céanna nó mar gheall ar aon chion eile faoin Acht seo (seachas cion faoi *alt 65(2)*), fíneáil nach mó ná €5,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon.

(2) Más rud é, i ndiaidh é nó í a chiontú i gcion, go leanfaidh an duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* den cheanglas nó den toirmeasc lena mbaineann an cion a shárú, beidh an duine ciontach i gcion breise gach lá a leanfar den sárú agus, in aghaidh gach ciona den sórt sin, dlífeair, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €500 a chur air nó uirthi.

(3) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoin Acht seo (seachas cion faoi aon alt de na hailt eisiata) dlífeair, ar é nó í a chiontú ar díotáil, na fíneálacha agus na pionóis seo a leanas a chur air nó uirthi:

- (a) ar chéad chiontú ar díotáil mar gheall ar aon chion den sórt sin, fíneáil nach mó ná €60,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 18 mí nó iad araon;
- (b) ar aon chiontú ar díotáil dá éis sin mar gheall ar an gcion céanna nó mar gheall ar aon chion eile faoin Acht seo (seachas cion faoi aon alt de na hailt eisiata), fíneáil nach mó ná €100,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 24 mhí nó iad araon.

(4) I *bhfo-alt (3)* ciallaíonn “ailt eisiata” *ailt 30(11), (12)* agus *(15), 32(3), 48(5), 49(3), 50(1)* agus *(2), 58, 59(3), 60(2), 65(2), 69(4), 75(11)* agus *101(5)*.

(5) Más rud é, i ndiaidh é nó í a chiontú i gcion, go leanfaidh an duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)* den cheanglas nó den toirmeasc lena mbaineann an cion a shárú, beidh an duine ciontach i gcion breise gach lá a leanfar den sárú agus, in aghaidh gach ciona den sórt sin, dlífeair—

- (a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €500 a chur air nó uirthi, agus
- (b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €10,000 a chur air nó uirthi.

(6) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoi *alt 65(2)* dlífeair, ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €150,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(7) Más rud é, tar éis a chiontaithe nó a ciontaithe i gcion faoi *alt 65(2)*, go leanfaidh duine *d’alt 65(1)* a shárú, beidh an duine ciontach i gcion breise gach lá a leanfar den sárú agus, in aghaidh gach ciona den sórt sin, dlífeair, ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €10,000 a chur air nó uirthi.

(8) Le linn pionós cuí faoin alt seo do thrádálaí a ciontaíodh i gcion faoi *alt 47, 51(2) nó 56* a bhreithniú, féadfaidh an chúirt aird a thabhairt ar aon fhógrán arna fhoilsiú ag an trádálaí nó thar ceann an trádálaí ina bhfuil ráitis cheartúcháin chun an gníomh toirmiscthe nó an cleachtas toirmiscthe ar ina leith a ciontaíodh an trádálaí a leigheas.

(9) Tá feidhm ag alt 13 den Acht um Nós Imeachta Coiriúil 1967 i ndáil le cion faoin Acht seo ach amháin go gcuirfear an raon fíneálacha agus pionós seo a leanas in ionad na bhfíneálacha sin agus na bpionós sin dá bhforáiltear in alt 13(3)(a) den Acht um Nós Imeachta Coiriúil 1967:

- (a) más céad chiontú mar gheall ar chion faoin Acht seo é, dlífead fíneáil nach mó ná €3,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach mó ná 6 mhí nó iad araon a chur ar an gcúisí;
- (b) mura céad chiontú mar gheall ar chion faoin Acht seo é, dlífead fíneáil nach mó ná €5,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach mó ná 12 mhí nó iad araon a chur ar an gcúisí.

Trádálaithe ciontaithe faoi dhliteanas i leith chostais agus chaiteachais na n-imeachtaí agus an imscrúdaithe.

80.—(1) Ar dhuine a chiontú i gcion faoin Acht seo, déanfaidh an chúirt, mura deimhin léi go bhfuil cúiseanna speisialta agus substaintiúla ann gan déanamh amhlaidh, a ordú don duine na costais agus na caiteachais, arna dtomhas ag an gcúirt, a thabhaigh an Ghníomhaireacht i ndáil le himscrúdú, brath agus ionchúiseamh an chiona a íoc leis an nGníomhaireacht.

(2) Maidir le hordú le haghaidh costas agus caiteachas faoi *fho-alt (1)* is ordú é i dteannta, agus ní ordú é in ionad, aon fhíneála nó pionóis a fhéadfaidh an chúirt a fhorchur.

Trádálaithe ciontaithe faoi dhliteanas tomhaltóirí a chúiteamh as cailteanas nó damáiste.

81.—(1) Más rud é gur ciontaíodh trádálaí i gcion faoin Acht seo (seachas cion faoi *alt 65 (2)*), féadfaidh an Ghníomhaireacht, thar ceann tomhaltóra éagóraithe a thoilíonn leis an iarratas, iarratas a dhéanamh chun na cúirte ar ordú (“ordú cúitimh”) lena gceanglófar ar an trádálaí (an “trádálaí lena mbaineann”) méid airgid a íoc a measfaidh an chúirt gur chúiteamh cuí é i leith aon chaillteanas nó damáiste don tomhaltóir sin a thig as an gcion sin.

(2) Féadfaidh ordú cúitimh a bheith in ionad nó i dteannta aon fhíneála nó pionóis a fhéadfaidh an chúirt a fhorchur ar an trádálaí lena mbaineann.

(3) Maidir leis an gcúiteamh is iníoctha faoi ordú cúitimh—

- (a) beidh ann cibé méid a mheasfaidh an chúirt is cuí (ach gan dul thar an méid a leagtar síos le dlí mar theorainn dhlinse na cúirte i dtort), ag féachaint d’aon fhianaise agus d’aon aighneachtaí arna ndéanamh ag an trádálaí lena mbaineann, ag an tomhaltóir éagóraithe, ag an nGníomhaireacht nó ag an ionchúisitheoir, nó thar ceann aon duine acu sin, agus
- (b) ní rachaidh sé thar mhéid na ndamáistí a bheadh, i dtuairim na cúirte, an tomhaltóir éagóraithe i dteideal a ghnóthú i gcaingean faoi *alt 74* (maidir le ceart caingne tomhaltóra le haghaidh damáistí) i leith an ghnímh nó an chleachtais toirmiscthe chéanna.

(4) Ní dhéanfar iarratas faoi *fho-alt (1)* más rud é go bhfuil caingean tionscanta ag an tomhaltóir éagóraithe faoi *alt 74* in aghaidh an trádálaí lena mbaineann agus gur i leith an ghnímh nó an chleachtais thoirmiscthe chéanna ar mar gheall air a ciontaíodh an trádálaí lena mbaineann atá an chaingean.

(5) Más rud é go ndéantar an méid cúitimh is infoctha faoi ordú cúitimh a íoc le tomhaltóir éagóraithe faoin alt seo agus go dtionscnaíonn an tomhaltóir éagóraithe caingean dá éis sin faoi *alt 74* agus go ndámhann an chúirt damáistí dó nó di i leith an ghnímh nó an chleachtais thoirmiscthe chéanna, meastar an t-ordú cúitimh a bheith mar shásamh ar an oiread sin de na damáistí dáfa is comhionann leis an méid céadluaite.

(6) Mura gcomhlíonann an trádálaí lena mbaineann ordú cúitimh—

(a) laistigh den tréimhse ama atá ordaithe ag an gcúirt, nó

(b) laistigh de 30 lá tar éis an t-ordú a dhéanamh, mura bhfuil aon tréimhse ama sonraithe san ordú,

féadfaidh an tomhaltóir éagóraithe breithiúnas a thaifeadadh sa Chúirt Dúiche nó, de réir mar is cuí, sa Chúirt Chuarda tríd an ordú a chomhdú leis an gcúirt sin sa dúiche Cúirte Dúiche nó, de réir mar is cuí, sa chuaird inar thaifeadadh an ciontú.

(7) Beidh breithiúnas atá arna thaifeadadh sa Chúirt Dúiche nó sa Chúirt Chuarda faoi *fho-alt (6)* infhorfheidhmithe i gcoinne an trádálaí lena mbaineann sa tslí chéanna amhail is dá mba bhreithiúnas é a cinneadh sa chúirt sin in imeachtaí sibhialta.

82.—(1) Tá feidhm ag an alt seo maidir le duine—

Féadfaidh an chúirt a ordú do dhuine ciontaíthe ráiteas ceartaitheach a fhoilsiú.

(a) a ciontaíodh i gcion faoi *alt 47* (maidir le cleachtais tráchtála mhíthreoracha), *56* (maidir le cleachtais tráchtála thoirmiscthe) nó *65(2)* (maidir le stuaicscéimeanna cur chun cinn), nó

(b) a ciontaíodh i gcion den sórt sin de bhun *alt 70(1)* (maidir le cionta trádálaithe de dheasca gnímh nó mainneachtana ag duine eile).

(2) Ar an duine lena mbaineann an t-alt seo a chiontú agus ar iarratas ón nGníomhaireacht, féadfaidh an chúirt, i dteannta aon fhíneála nó pionóis a fhorchuirtear, a ordú don duine, ar chostas an duine agus ar aon mhodh is cuí leis an gcúirt, na fíorais a bhaineann le déanamh an chiona agus ráiteas ceartaitheach maidir leis na fíorais sin a fhoilsiú.

(3) Féadfaidh an chúirt, bunaithe ar aighneachtaí na Gníomhaireachta san iarratas agus de réir mar is cuí leis an gcúirt, foirm agus ábhar an ráitis cheartaithigh a shonrú nó aon ordacháin a thabhairt maidir le foilsiú an ráitis sin.

Daoine a dhíotáiltear a thriail go hachomair.

83.—(1) Má dhíotáiltear duine mar gheall ar chion faoin Acht seo, féadfaidh an Chúirt Dúiche an duine a thriail go hachomair—

- (a) más rud é go bhfuil an chúirt den tuairim gur mionchion is intriailte go hachomair na fíorais a cruthaíodh nó a líomhnaíodh,
- (b) más rud é nach ndéanann an cúisí, ar an gcúirt á chur in iúl dó nó di go bhfuil de cheart aige nó aici go dtrialfadh giúiré é nó í, agóid i gcoinne é nó í a thriail go hachomair, agus
- (c) más rud é go dtoilíonn an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí leis an gcúisí a thriail go hachomair sa chion.

(2) Ar an gcúirt do chiontú duine mar gheall ar chion faoi *alt 65(2)* a thriailtear go hachomair faoi *fho-alt (1)*, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

- (a) dlífear na fíneálacha agus na pionóis seo a leanas a chur ar an gcúisí:
 - (i) más céad chiontú mar gheall ar chion faoin Acht seo é, fíneáil nach mó ná €3,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí nó iad araon;
 - (ii) mura céad chiontú mar gheall ar chion faoin Acht seo é, fíneáil nach mó ná €5,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí nó iad araon;
- (b) *alt 80* (maidir le dliteanas i leith chostais agus chaiteachais na n-imeachtaí agus an imscrúdaithe);
- (c) *alt 82* (ráiteas ceartaitheach a fhoilsíú).

(3) Más rud é, áfach, i ndiaidh ciontaithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*, go leanann an cúisí *d'alt 65(1)* a shárú, beidh an cúisí ciontach i gcion breise gach lá a leanfar den sárú agus, in aghaidh gach ciona den sórt sin, dlífear—

- (a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €500 a chur air nó uirthi, agus
- (b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €10,000 a chur air nó uirthi.

(4) Ar an gcúirt do chiontú duine mar gheall ar aon chion a thriailtear go hachomair faoi *fho-alt (1)* seachas cion faoi *alt 65(2)*, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

- (a) dlífear na fíneálacha agus na pionóis a thuiriscítear in *alt 79(1)* (maidir le fíneálacha agus pionóis) a chur ar an gcúisí;
- (b) *alt 80* (maidir le dliteanas i leith chostais agus chaiteachais na n-imeachtaí agus an imscrúdaithe);
- (c) *alt 82* (ráiteas ceartaitheach a fhoilsíú).

84.—Féadfaidh an Ghníomhaireacht imeachtaí achoimre i leith ciona faoin Acht seo, seachas cion faoi *alt 65(2)*, a thionscnamh agus a thabhairt ar aghaidh.

Féadfaidh an Ghníomhaireacht imeachtaí achoimre i leith cionta a thionscnamh.

CAIBIDIL 5

Fógraí um Íocaíochtaí Seasta

85.—(1) Tá feidhm ag an alt seo maidir le haon chion faoi na hachtacháin seo a leanas (dá ngairtear “cion iomchuí” san alt seo):

Fógraí um íocaíochtaí seasta i leith cionta maidir le taispeáint praghsanna agus praghsáil táirgí.

- (a) *alt 58* (maidir le rialacháin um thaispeáint praghsanna);
- (b) *alt 22(a)* nó (b) den Acht Praghsanna 1958 (maidir le horduithe um thaispeáint praghsanna);
- (c) Rialachán 4(3), 5(5), 6(3) nó 7(2) de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ceanglais Praghsanna Táirgí a Chur in Iúl) 2002 (I.R. Uimh. 639 de 2002).

(2) Feadfaidh oifigeach údaraithe a mbeidh forais réasúnacha aige nó aici lena chreidiúint go bhfuil cion iomchuí á dhéanamh nó déanta ag duine, an fógra dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)* a sheirbheáil ar an duine, go pearsanta nó leis an bpost.

(3) Beidh an fógra (“fógra um íocaíochtaí seasta”) san fhoirm fhorordaithe agus luafar na nithe seo a leanas ann—

- (a) go líomhnaítear go ndearna an duine ar a seirbheáiltear é an cion iomchuí lena mbaineann,
- (b) cathain agus cén áit a líomhnaítear go ndearnadh é,
- (c) nach dtionscnófar ionchúiseamh mar gheall air más rud é, le linn na tréimhse 28 lá dar tosach dáta an fhógra, go n-íocfaidh an duine méid €300 leis an nGníomhaireacht (ag an seoladh a luafar san fhógra) agus go gcuirfidh sé nó sí an fógra bunaidh um íocaíochtaí seasta, nó cóip de, isteach i dteannta na híocaíochta sin, agus
- (d) go ndéanfar an duine a ionchúiseamh sa chion líomhnaithe iomchuí mura ndéanfar an íocaíocht sin.

(4) Beidh an fógra bunaidh um íocaíochtaí seasta lena mbaineann, nó cóip de, ag gabháil le híocaíocht dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)*.

(5) Má dhéantar fógra um íocaíochtaí seasta a sheirbheáil ar dhuine—

- (a) féadfaidh an duine íocaíocht a dhéanamh de réir *fho-alt (3)(c)*,
- (b) glacfaidh agus coinneoidh an Ghníomhaireacht an íocaíocht (faoi réir *fho-alt (7)*) agus eiseoidh sí admháil ina leith,
- (c) ní bheidh aon íocaíocht a ghlacfar inghnóthaithe ag an duine a rinne í, agus
- (d) ní thionscnófar ionchúiseamh i leith an chiona líomhnaithe iomchuí lena mbainfidh an fógra le linn na tréimhse a

shonraítear i *bhfo-alt (3)(c)* nó, má dhéantar íocaíocht de réir *fho-alt (3)(c)* agus (4), ní thionscnófar aon ionchúiseamh i leith an chiona sin.

(6) Toimhdeofar in imeachtaí i gcoinne duine mar gheall ar chion ionchuí, go dtí go suítear a mhalairt, nach ndearna an duine íocaíocht de réir *fho-alt (3)(c)* agus (4).

(7) Déanfar íocaíochtaí a gheobhaidh an Ghníomhaireacht faoin alt seo a íoc isteach sa Státchiste nó a chur chun tairbhe don Státchiste i cibé slí a ordóidh an tAire Airgeadais.

CAIBIDIL 6

Ainmneacha Trádálaithe a Fhoilsíú (Liosta Cosanta Tomhaltóirí)

Féadfaidh an Ghníomhaireacht faisnéis maidir le trádálaithe áirithe a fhoilsíú.

86.—(1) Déanfaidh an Ghníomhaireacht liosta (an “liosta cosanta tomhaltóirí”) a choimeád agus a chothabháil d’ainmneacha agus seoltaí na ndaoine seo a leanas, mar aon le tuairisc ar a dtrádáil, a ngnó nó a ngairm agus na sonraí a thuairiscítear i *bhfo-alt (2)*:

- (a) aon duine ar a ndearna cúirt fíneáil nó pionós eile a fhorchur faoi na forálacha reachtúla ionchuí nó ar ar ceanglaíodh, le hordú faoi *alt 81*, méid airgid a íoc le tomhaltóir;
- (b) aon duine a ndéanfar ordú faoi *alt 71* (maidir le faoiseamh sibhialta trí orduithe toirmisc) ina choinne nó ina coinne;
- (c) aon duine a thabharfaidh gealltanais don Ghníomhaireacht faoi *alt 73*;
- (d) aon duine a dtiocfaidh fógra um chomhlíonadh i bhfeidhm ina choinne nó ina coinne faoi *alt 75(7)* nó (8) (maidir le fógraí um chomhlíonadh);
- (e) aon duine a dhéanfaidh íocaíocht leis an nGníomhaireacht de bhun fógra um íocaíochtaí seasta faoi *alt 85*.

(2) Sonrófar sa liosta cosanta tomhaltóirí aon sonraí, i ndáil le gach duine a ainmneofar sa liosta, is cuí leis an nGníomhaireacht i leith an méid seo a leanas:

- (a) an ní ba chionsiocair le haon fhíneáil nó pionós a d’fhorchuir an chúirt ar an duine agus méid nó cineál na fíneála nó an phionóis sin;
- (b) an ní ba chionsiocair le haon ordú arna dhéanamh ag an gcúirt i gcoinne an duine agus cineál an ordaithe sin;
- (c) an ní ba chionsiocair le haon ghealltanais arna thabhairt ag an duine don Ghníomhaireacht faoin Acht seo;
- (d) an ní ba chionsiocair le haon fhógra um chomhlíonadh arna sheirbheáil ar an duine faoin Acht seo;
- (e) an ní ba chionsiocair le haon fhógra um íocaíochtaí seasta faoin Acht seo.

(3) Féadfaidh an Ghníomhaireacht, aon tráth agus in aon fhoirm nó ar aon mhodh is cuí leis an nGníomhaireacht, an liosta cosanta

tomhaltóirí go léir nó aon chuid de a fhoilsíú nó a chur faoi deara go ndéanfar é a fhoilsíú.

CUID 6

ILGHNÉITHEACH

87.—(1) Maidir le duine a bheadh, ar leith ón alt seo, faoi dhliteanas amhlaidh, ní bheidh sé nó sí faoi dhliteanas maidir le damáistí i leith an duine do chur a thuairime nó a tuairime in iúl, i scríbhinn nó ar shlí eile, don Ghníomhaireacht á rá—

Cosaintí do dhaoine a thuairisceoidh sárúithe.

- (a) go raibh nó go bhfuil cion déanta nó á dhéanamh faoi aon cheann de na forálacha reachtúla iomchuí, nó
- (b) nár comhlíonadh nó nach bhfuiltear ag comhlíonadh aon cheann de na forálacha iomchuí lena dtoirmiscear ar dhuine rud nó rudaí áirithe a dhéanamh,

mura rud é go gcruthófar nár ghníomhaigh an duine go réasúnach agus de mheon macánta le linn teacht ar an tuairim sin agus í a chur in iúl don Ghníomhaireacht.

(2) Déanfar an tagairt i *bhfo-alt (1)* do dhliteanas maidir le damáistí a fhorléiriú mar thagairt a fholáíonn tagairt do dhliteanas a bheith mar ábhar d'ordú lena ndéantar foráil maidir le haon chineál eile faoisimh.

(3) Ní dhéanfaidh fostóir fostaí a phionósú mar gheall ar theacht ar thuairim den chineál dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* agus í a chur in iúl, i scríbhinn nó ar shlí eile, don Ghníomhaireacht más rud é gur ghníomhaigh an fostaí go réasúnach agus de mheon macánta le linn teacht ar an tuairim sin agus í a chur in iúl don Ghníomhaireacht.

(4) Beidh éifeacht le *Scideal 6* chun críocha *fho-alt (3)*.

(5) Aon duine a luann leis an nGníomhaireacht—

- (a) go ndearna duine cion nó go bhfuil cion á dhéanamh ag duine faoi aon cheann de na forálacha reachtúla iomchuí, nó
- (b) gur mhainnigh duine nó go bhfuil duine ag mainneachtain aon cheann de na forálacha reachtúla iomchuí a chomhlíonadh,

agus a fhios aige nó aici an ráiteas sin a bheith bréagach, tá cion déanta aige nó aici agus dlífeair, ar é nó í a chiontú ar díotáil nó ar é nó í a chiontú go hachomair, de réir mar a bheidh, na fíneálacha agus na pionóis dá bhforáiltear i *gCaibidil 4* de *Chuid 5* a chur air nó uirthi.

(6) Maidir le *fo-alt (1)*, is alt é i dteannta, agus ní in ionad, aon phribhléide nó cosanta atá ar fáil in imeachtaí dlíthiúla, de bhua aon achtacháin nó rialach dlí atá i bhfeidhm díreach roimh thosach feidhme an ailt seo, i leith duine do chur tuairime den chineál dá dtagraítear i *mír (a) nó (b) d'fho-alt (1)* in iúl do dhuine eile (cibé acu is í an Ghníomhaireacht an duine eile sin nó nach í).

Cód a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta go saorálach lena n-athbhreithniú agus lena gceadú.

88.—(1) Faoi réir an ailt seo, féadfaidh duine atá ag ionadú do thrádálaí amháin nó níos mó, cód cleachtais a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta lena athbhreithniú nó lena cheadú.

(2) Cuirfear an cód cleachtais isteach san fhoirm agus ar an modh a shonróidh an Ghníomhaireacht.

(3) Déanfaidh an duine a chuireann cód cleachtais isteach lena cheadú faoin alt seo aon fhaisnéis is dóigh leis an nGníomhaireacht is gá nó is cuí chun críocha *fho-alt* (4) a sholáthar don Ghníomhaireacht.

(4) Más deimhin léi go gcosnaíonn an cód cleachtais leasanna tomhaltóirí agus nach bhfuil sé ar neamhréir leis an Acht seo ná le haon achtachán eile, féadfaidh an Ghníomhaireacht an cód cleachtais a cheadú.

(5) Ní ceadmhach cód cleachtais arna cheadú ag an nGníomhaireacht a leasú gan an Ghníomhaireacht do leasú na leasuithe beartaithe agus, chun na críche sin, beidh feidhm ag *fo-ailt* (3) agus (4) fairis na modhnuithe is gá.

(6) Is i scríbhinn a dhéanfaidh an Ghníomhaireacht cód cleachtais nó aon leasuithe ar chód den sórt sin a cheadú.

(7) Féadfaidh an Ghníomhaireacht aon cheadú faoin alt seo a tharraingt siar más é tuairim na Gníomhaireachta, maidir le cur i ngníomh nó le hoibriú an chóid cleachtais cheadaithe iomláin nó cuid den chód sin nó leasú air, go mainníonn an cód sin, an chuid sin nó an leasú sin leasanna tomhaltóirí a chosaint nó go bhfuil sé ar neamhréir ar aon slí leis an Acht seo nó le haon achtachán eile.

(8) Más rud é—

(a) go líomhnaítear sárú ar an Acht seo a bheith déanta ag trádálaí is sínitheoir le cód cleachtais ag a bhfuil ceadú na Gníomhaireachta faoin alt seo nó go ndéantar gearán leis an nGníomhaireacht i ndáil le cleachtas tráchtála de chuid an trádálaí sin, agus

(b) go ndéantar foráil leis an gcód cleachtais cheadaithe dá dtagraítear i *mír* (a) do nósanna imeachta nó do mhodh chun sáruithe nó gearáin den sórt sin a láimhsiú nó a bhreithniú,

ansin féadfaidh an Ghníomhaireacht breithniú an ghearáin a chur siar nó féadfaidh an chúirt éisteacht iarratais ar ordú toirmisc faoi *alt 71* (maidir le horduithe toirmisc) nó éisteacht caingne i gcomhair damáistí faoi *alt 74* (maidir le ceart caingne a bheith ag tomhaltóir i gcomhair damáistí) a chur siar go dtí go mbeidh na modhanna go léir nó na nósanna imeachta go léir dá dtagraítear i *mír* (b) caite.

Inghlacthacht cód cleachtais in imeachtaí.

89.—In aon imeachtaí os comhair cúirte, beidh cód cleachtais (cibé acu a bheidh sé cheadaithe faoi *alt 88* nó nach mbeidh) inghlactha i bhfianaise agus, agus má bhíonn aon fhoráil de chuid an chóid iomchuí maidir le ceist a éireoidh sna himeachtaí sin, féadfar an fhoráil a chur i gcountas agus an cheist sin á cinneadh.

Treoirínte ón nGníomhaireacht.

90.—(1) Faoi réir an ailt seo, féadfaidh an Ghníomhaireacht treoirínte is infheidhme maidir le trádálaithe, nó maidir le daoine is

ionadaithe do thrádálaithe, a ullmhú agus a fhoilsiú maidir le haon cheann de na nithe seo a leanas:

- (a) ní a bhaineann le leas nó cosaint tomhaltóirí;
- (b) ní a bhaineann le treoir phraiticiúil do thrádálaithe i ndáil le cleachtais tráchtála, cibé acu i gcoitinne nó in earnáil áirithe trádála, gnó nó ghairmiúil;
- (c) bunú, leagan amach agus oibriú scéimeanna dearbhaithe cáilíochta dá dtagraítear in *alt 8(2)(m)*,
- (d) an fhoirm ina gcuirfear agus an modh ar a gcuirfear cóid chleachtais faoi bhráid na Gníomhaireachta lena gceadú faoi *alt 88*.

(2) Sula ndéanfaidh sí treoirlínte a eisiúint agus a fhoilsiú faoin alt seo, féadfaidh an Ghníomhaireacht dréacht-treoirlínte a ullmhú agus dul i gcomhairle le haon duine, de réir mar is cú leis an nGníomhaireacht.

(3) Más deimhin léi go gcosnaíonn treoirlínte beartaithe nó dréacht-treoirlínte leasanna tomhaltóirí, féadfaidh an Ghníomhaireacht na treoirlínte a eisiúint agus cuirfidh sí faoi deara iad a fhoilsiú ar an modh is cú leis an nGníomhaireacht chuige sin.

(4) Gan ginearáltacht *fho-alt (3)* a theorannú, féadfaidh an Ghníomhaireacht cóip de na treoirlínte arna n-eisiúint aici faoin alt seo a fhoilsiú ar an idirlíon.

(5) In aon imeachtaí os comhair cúirte, tá treoirlínte arna n-eisiúint agus arna bhfoilsiú faoin alt seo inghlactha i bhfianaise agus, má bhíonn aon fhoráil de na treoirlínte iomchuí maidir le ceist a éireoidh sna himeachtaí sin, féadfar an fhoráil a chur i gcuntas le linn an cheist sin a chinneadh.

(6) Má mhainníonn aon duine, maidir le haon fhoráil de na treoirlínte arna n-eisiúint agus arna bhfoilsiú faoin alt seo, an fhoráil sin a urramú, ní cuirfidh sé sin, ann féin, an duine sin faoi dhliteanas maidir le haon imeachtaí.

91.—Faoi réir *alt 66(1)*, ní bheidh conradh chun aon earraí a sholáthar nó aon seirbhísí a sholáthar ar neamhní nó neamh-infheidhmithe de bhíthin amháin aon fhoráil den Acht seo a bheith sáraithe.

Cosaint do chonarthaí áirithe.

92.—(1) D'ainneoin *alt 4* ach faoi réir *fho-alt (2)*, fanfaidh na hachtacháin seo a leanas arna ndéanamh faoi alt 19 den Acht Praghsanna 1958 (sula ndearnadh é a aisghairm faoin Acht seo) i bhfeidhm chun críocha an Achta seo agus fanfaidh aon fhoráil (go háirithe, ailt 2, 18, 19 agus 22 go 28) den Acht Praghsanna 1958 atá iomchuí maidir le feidhmiú na n-orduithe sin i bhfeidhm:

Cosaint d'orduithe láithreacha um thaispeáint praghsanna.

- (a) An tOrdú um Praghsanna agus Táillí (Ráitis Cháin-áirithe) 1973 (I.R. Uimh. 9 de 1973);
- (b) An tOrdú chun Táillí (Gruagaireacht) a Thaispeáint 1976 (I.R. Uimh. 156 de 1976);

[Uimh. 19.] *An tAcht um Chosaint Thomhaltóirí* [2007.]
2007.

- (c) An tOrdú chun Praghsanna Miondíola (Bia i mBunaíochtaí Lónadóireachta) a Thaispeáint 1984 (I.R. Uimh. 213 de 1984);
- (d) An tOrdú chun Praghsanna Miondíola (Díosal agus Peitreal) a Thaispeáint 1997 (I.R. Uimh. 178 de 1997);
- (e) An tOrdú chun Praghsanna Miondíola (Deochanna in Áitreabh Ceadúnaithe) a Thaispeáint 1999 (I.R. Uimh. 263 de 1999).

(2) Féadfaidh an tAire le hordú aon rialachán dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a leasú nó a chúlghairm.

Idirthréimhseach.

93.—(1) D’ainneoin *alt 4*, fanann na hachtacháin seo a leanas arna ndéanamh faoi *alt 11* den Acht um Fhaisnéis do Thomhaltóirí 1978 (sula ndearnadh é a aisghairm leis an Acht seo) i bhfeidhm agus meastar gur mar rialacháin a rinne an tAire iad faoi *alt 50(2)* go dtí go ndéanfar aon achtachán den sórt sin a chúlghairm, a ionadú le rialachán ón Aire faoi *alt 50(2)* nó go scoirfidh aon achtachán den sórt sin ar shlí eile d’éifeacht a bheith aige:

- (a) An tOrdú um Fhaisnéis do Thomhaltóirí (Fógráin) (Leasanna Gnó a Nochtadh) 1984 (I.R. Uimh. 168 de 1984);
- (b) An tOrdú um Fhaisnéis do Thomhaltóirí (Fógraí do Thaibhithe Ceolchoirme nó Amharclainne) 1997 (I.R. Uimh. 103 de 1997);
- (c) An tOrdú um Fhaisnéis do Thomhaltóirí (Fógráin do Tháillí Aeir) 2000 (I.R. Uimh. 468 de 2000).

(2) Níl feidhm ag *alt 3(2)* maidir leis na hachtacháin dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(a)* go (c).

(3) Ar mhaithe le cinnteacht, tá feidhm ag *alt 26* den Acht Léiriúcháin 2005 maidir le *halt 11* den Acht um Fhaisnéis do Thomhaltóirí 1978 a aisghairm agus forálacha *alt 50* a chur ina ionad agus, chun na críche sin, meastar go cinntitheach na hachtacháin a shonraítear i *bhfo-alt (1)* a bheith ar comhréir le *halt 50* agus a bheith aachtaithe go bailí faoi.

(4) Ar mhaithe le cinnteacht, folaíonn na tagairtí in *ailt 51(2)* agus *69(1)* (i *mír (b)(iii)* den mhíniú ar “fógrán sáraitheach”) do rialachán faoi *alt 50(2)* aon achtachán dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(a)* go (c).

Leasú ar Acht an Bhainc Cheannais 1942.

94.—(1) San *alt* seo ciallaíonn “Acht 1942” Acht an Bhainc Cheannais 1942, arna leasú le hAcht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2003 agus le hAcht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2004, agus le hachtacháin eile faru sin.

(2) Leasaítear *alt 2(1)* d’Acht 1942 tríd an méid seo a leanas a chur isteach roimh an míniú ar “Binse Achomhairc”:

“ciallaíonn ‘Gníomhaireacht’ an Ghníomhaireacht Náisiúnta Thomhaltóirí arna bunú leis an *Acht um Chosaint Thomhaltóirí 2007*.”

(3) Leasaítear alt 5A d'Acht 1942 trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(3A) Is feidhmeanna de chuid an Bhainc freisin iad feidhmeanna na Gníomhaireachta atá sonraithe i bhfo-alt (3B), a mhéid a bhaineann siad le seirbhís airgeadais a sholáthraíonn soláthraí seirbhíse airgeadais agus tá éifeacht le fo-ailt (3C) go (3F) chun críocha an fho-ailt seo.

(3B) Is iad na feidhmeanna de chuid na Gníomhaireachta a bhfuil tagairt dóibh i bhfo-alt (3A) na feidhmeanna seo a leanas dá cuid faoin *Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007*, eadhon, feidhmeanna—

(a) faoi *alt 8(1), (4), (5) agus (6)* den Acht sin—

(i) i ndáil le *hailt 41 go 56* (seachas *alt 50*) den Acht sin, agus

(ii) i ndáil le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Tearmaí Éagothroma i gConarthaí Tomhaltóirí) 1995 agus 2000 (I.R. Uimh. 27 de 1995 agus I.R. Uimh. 307 de 2000),

agus

(b) faoi *ailt 30, 71, 72, 73, 75, 81, 82, 84, 86, 88 agus 90* den Acht sin.

(3C) Oibríonn fo-alt (3A), i gcomhthráth le dílsiú na bhfeidhmeanna sin don Ghníomhaireacht leis an *Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007*, chun na feidhmeanna atá sonraithe i bhfo-alt (3B) a dhílsiú don Bhanc.

(3D) Dá réir sin—

(a) tá na feidhmeanna atá sonraithe amhlaidh, faoi réir aon chomhaontaithe comhoibrithe arna dhéanamh faoi *alt 21* den *Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007*, inchomhlíonta ag an nGníomhaireacht nó ag an mBanc, agus

(b) faoi réir fho-alt (3F), tá na tagairtí don Ghníomhaireacht i bhforálacha an Achta sin atá sonraithe i bhfo-alt (3B) le léamh mar thagairtí a fholaíonn tagairtí don Bhanc agus tá feidhm thairis sin ag na forálacha sin.

(3E) Faoi réir fho-alt (3F), tá feidhm ag *ailt 80, 85 agus 87* den *Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007* maidir leis an mBanc mar atá feidhm acu maidir leis an nGníomhaireacht agus, dá réir sin, tá tagairtí don Ghníomhaireacht sna hailt sin le léamh mar thagairtí a fholaíonn tagairtí don Bhanc.

(3F) I gcás go ndéantar foráil le haon alt den *Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007* atá sonraithe i bhfo-alt (3B) nó (3E) maidir le haon rud a dhéanamh i ndáil leis an nGníomhaireacht (cibé acu fógra a thabhairt di, rud a chur faoina bráid nó aon rud eile a dhéanamh) ansin, má shonraítear amhlaidh i gcomhaontú comhoibrithe a dhéantar faoi *alt 21* den Acht sin, is comhlíonadh leordhóthanach ar an alt lena mbaineann an rud a dhéanamh i

[Uimh. 19.] *An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí* [2007.]
2007.

ndáil leis an nGníomhaireacht nó leis an mBanc mar a shonraítear sa chomhaontú sin.”.

(4) Leasaítear alt 33S(2) d’Acht 1942 tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (f):

“(f) an tAcht um Chosaint Tomhaltóirí 2007;

(g) Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Téarmaí Éagothroma i gConarthaí Tomhaltóirí) 1995 agus 2000 (I.R. Uimh. 27 de 1995 agus I.R. Uimh. 307 de 2000);

(h) cibé achtacháin eile agus ionstraimí reachtúla eile atá sonraithe sna rialacháin.”.

(5) Leasaítear alt 33AK(3) d’Acht 1942, i mír (a), tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (iv):

“(iva) an Ghníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí, nó”.

(6) Leasaítear Sceideal 2 a ghabhann le hAcht 1942—

(a) i gCuid 1, tríd an ítim seo a leanas a chur isteach i ndiaidh na hítim a bhaineann leis an Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2006:

“

Uimh. - de 2007	An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí 2007	An tAcht go léir
-----------------	---------------------------------------	------------------

”,

agus

(b) i gCuid 2—

(i) tríd an ítim seo a leanas a chur isteach i ndiaidh na hítim a bhaineann le Rialacháin Chreata na gComhphobal Eorpach (Árachas Saoil) 1994 (I.R. Uimh. 360 de 1994):

“

I.R. Uimh. 27 de 1995	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Téarmaí Éagothroma i gConarthaí Tomhaltóirí) 1995	An ionstraim go léir
-----------------------	--	----------------------

”,

agus

(ii) tríd an ítim seo a leanas a chur isteach i ndiaidh na hítim a bhaineann le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Maoirseacht Fhorlíontach ar Ghnóthais Árachais i nGrúpa Árachais) 1999 (I.R. Uimh. 399 de 1999):

“

I.R. Uimh. 307 de 2000	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Tearmaí Éagothroma i gConarthaí Tomhaltóirí) 2000	An ionstraim go léir
------------------------	--	----------------------

.”.

95.—Leasaítear alt 6 den Acht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí 1980 trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

Leasú ar an Acht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí 1980.

“(2) Más rud é go ndéanann comhlacht corpraithe cion faoin Acht seo agus go gcruthaítear go ndearnadh é le toiliú, le cúlcheadú nó le ceadú, nó gurb inchurtha é i leith aon fhaillí ar thaobh, aon duine is stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó aon oifigeach eile de chuid an chomhlachta chorpraithe, nó duine a d’airbheartaigh a bheith ag gníomhú in aon cháil den sórt sin, tá an duine sin, chomh maith leis an gcomhlacht corpraithe, ciontach i gcion agus dlífeair imeachtaí a thionscnamh ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh sé nó sí ciontach sa chion céadluaite.

(3) Más rud é, in ionchúiseamh i leith ciona in aghaidh an duine dá dtagraítear i bhfo-alt (2), go gcruthaítear go raibh an duine, an tráth ábhartha, ina stiúrthóir ar an gcomhlacht corpraithe nó ina fhostaí nó ina fostaí de, a raibh ar áireamh ar a chuid dualgas nó ar a cuid dualgas cinní a dhéanamh a d’fhéadfadh, go feadh méid shuntasais, difear a dhéanamh don chomhlacht corpraithe a bhainistiú, nó gur duine é nó í a d’airbheartaigh gníomhú in aon cháil den sórt sin, toimhdeofar, go dtí go suífeair a mhalairt, gur thoiligh an duine le déanamh na ngníomhartha nó na mainneachtainí arb éard iad an cion.

(4) Léifear fo-alt (3) mar fho-alt lena leagtar dualgas fianaiseach ar an duine dá dtagraítear san fho-alt sin maidir leis an ní nó na nithe lena mbaineann, agus maidir leis an ní nó na nithe sin amháin.

(5) I gcás gurb iad comhaltaí comhlachta chorpraithe a bhainistíonn gnóthaí an chomhlachta sin, beidh feidhm ag fo-ailt (2) agus (3) i ndáil le gníomhartha agus mainneachtainí comhalta i dtaca le feidhmeanna bainistíochta an chomhalta amhail is dá mba stiúrthóir nó bainisteoir de chuid an chomhlachta chorpraithe é nó í.”.

96.—Ní dhéanfaidh an tAcht seo difear d’aon chearta a bheidh ag duine faoi aon achtachán eile ná faoi aon riail dlí.

Cosaint do chearta eile a bheidh ag duine.

97.—Déantar an t-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 9 den Acht um Fhorbairt Tionscail 1993:

Leasú ar an Acht um Fhorbairt Tionscail 1993.

“Sannadh cumhachtaí agus feidhmeanna a dhéanamh bailí. 9A.—(1) San alt seo, ciallaíonn ‘sannadh iomchuí’ sannadh na cumhachta chun deontais fostaíochta a thabhairt faoi alt 25 den Acht um Fhorbairt Tionscail 1986 ag Forfás le ceadú ón Aire an 26 Bealtaine 2006 faoi alt 9(2) chuig an nGníomhaireacht Forbartha Tionscail (Éire), Fiontraíocht Éireann agus Cuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustam na Sionna Teoranta.

(2) Measfar gur tháinig an sannadh iomchuí i ngníomh an 25 Iúil 2003.

(3) Ní dhéanfaidh aon ní san alt seo difear d'aon imeachtaí a thionscnófar in aon chúirt agus a bhaineann le deontas fostaíochta a thabhairt faoi alt 25 den Acht um Fhorbairt Tionscail 1986 i gcás gur tionscnaíodh na himeachtaí sin roimh 1 Feabhra 2007.”.

Leasú ar an Acht um Shainmharcáil 1995. **98.**—Cuirtear an t-alt seo a leanas isteach i ndiaidh alt 6 den Acht um Shainmharcáil 1995:

“Treoirínte i leith comhlíonadh feidhmeanna faoi alt 6.

6A.—(1) Féadfaidh an tAire treoirínte i scríbhinn a ullmhú agus a eisiúint chuig údarás áitiúla maidir le comhlíonadh a bhfeidhmeanna acu faoi alt 6 i ndáil le fodhlíthe.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1), féadfaidh treoirínte, i dtaobh na forála áirithe is cóir d'údarás áitiúil a dhéanamh le fodhlíthe faoi alt 6 i ndáil le gach ceann de na nithe a luaitear i bhfo-alt (2) den alt sin, a bheith i dtreoirínte faoin alt seo.

(3) Beidh aird ag údarás áitiúla ar threoirínte a bheidh i bhfeidhm de thuras na huaire faoin alt seo i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna faoi alt 6 i ndáil le fodhlíthe.

(4) Féadfaidh an tAire treoirínte a eiseofar faoin alt seo a leasú nó a chúlghairm i scríbhinn.

(5) Cuirfidh an tAire faoi deara cóip d'aon treoirínte a eiseofar faoin alt seo, agus d'aon leasú nó cúlghairm orthu, a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.”.

Leasú ar an Acht um Shainmharcáil 1981.

99.—Cuirtear na hailt seo a leanas in ionad ailt 5 agus 6 den Acht um Shainmharcáil 1981:

“Léirithe bréagacha i ndáil le hearraí áirithe.

5.—(1) Faoi réir alt 6 den Acht seo, is cleachtas tráchtála míthreorach faoi *alt 43(1)* agus (2) den *Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007* é cleachtas tráchtála a bhaineann le léiriú gur d'ór, d'airgead nó de phlatanam, go hiomlán nó go páirteach, a rinneadh earra nach earra de mhíotal lómhar.

(2) Aon trádálaí a ghabhann d'aon chleachtas tráchtála míthreorach a thuairiscítear i bhfo-alt (1), tá sé nó sí ciontach i gcion faoi *alt 47* den *Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007*.

Léirithe is incheadaithe i ndáil le hearraí áirithe.

6.—(1) Níl feidhm ag alt 5 den Acht seo maidir le léiriú is incheadaithe faoin Acht seo.

(2) Is incheadaithe léiriú faoin Acht seo má chomhlíonann sé na coinníollacha seo a leanas:

- (a) gur le dath an earra agus leis sin amháin, go sainráite nó go hintuigthe, a bhaineann sé;
- (b) más éard é nó más cuid de an focal ‘ór’, go bhfuil an focal ‘plátáilte’ nó an focal ‘rollta’ mar cháiliú ar an bhfocal sin;
- (c) más éard é nó más cuid de an focal ‘airgead’ nó an focal ‘platanam’, go bhfuil an focal ‘plátáilte’ mar cháiliú ar cibé focal díobh sin a úsáidtear;
- (d) i gcás gur i scríbhinn atá an léiriú agus go n-úsáidtear an focal ‘plátáilte’ nó an focal ‘rollta’, go mbeidh an focal sin chomh mór ar a laghad leis an gcuid eile den léiriú.

(3) Níl feidhm ag fo-alt (2) den alt seo más léiriú bréagach an léiriú nó má thugtar é ar earra a bhfuil an léiriú neamhoiriúnach dó.

Forléiriú abairtí áirithe in ailt 5 agus 6. 6A.—In ailt 5 agus 6 den Acht seo, tá le ‘cleachtas tráchtála’, ‘léiriú’ agus ‘trádálaí’ an bhrí chéanna atá leo san *Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007.*”.

100.—Chun a éascú don Údarás aon fheidhmeanna a chomhlíonadh a thugtar dó le haon cheann de na forálacha reachtúla iomchuí a bhaineann le sábháilteacht táirgí, féadfaidh oifigeach custam agus máil, nuair a údaróidh na Coimisinéirí Ioncaim dó nó di déanamh amhlaidh tar éis don Ghníomhaireacht iarraidh scríofa a dhéanamh chuige sin, aon earraí a bheidh á n-allmhairiú a choinneáil go ceann cibé tréimhse is gá le réasún chun an Ghníomhaireacht do scrúdú na n-earraí, nó do shocrú go scrúdófaí na hearraí, ar tréimhse í nach faide in aon chás ná 72 uair an chloig ón am a choinneofar na hearraí lena mbaineann.

Cumhacht oifigigh custam agus máil earraí neamhshábháilte a choinneáil.

101.—(1) San alt seo, ciallaíonn “ordachán iomchuí” ordachán atá i bhfeidhm de thuras na huaire, arna thabhairt faoi aon cheann de na hionstraimí reachtúla a shonraítear i *Sceideal 7*, is ordachán—

Ordacháin faoi ionstraimí áirithe i leith sábháilteachta táirgí: gníomhartha tríú páirtithe.

- (a) lena dtoirmiscear táirge amháin nó níos mó a chur ar an margadh nó lena gceanglaítear táirge amháin nó níos mó a tharraingt siar ón margadh, nó
- (b) lena bhforchuirtear srianta ar tháirge amháin nó níos mó a chur ar an margadh.

(2) San alt seo aon tagairt do tháirge lena mbaineann is tagairt í do tháirge lena mbaineann an t-ordachán iomchuí.

(3) Má thugtar ordachán iomchuí do dhuine is ordachán lena mbaineann *fo-alt (1)(a)*, ní dhéanfaidh aon duine eile a bheidh ar an eolas faoin ordachán aon ní díobh seo a leanas, eadhon, táirge lena mbaineann:

- (a) a dháileadh,

(b) a dhíol,

(c) a thairiscint lena dhíol,

(d) a sholáthar le linn seirbhís a chur ar fáil.

(4) Má thugtar ordachán iomchuí do dhuine is ordachán lena mbaineann *fo-alt (1)(b)*, ní dhéanfaidh aon duine eile a bheidh ar an eolas faoin ordachán—

(a) i gcás go dtoirmisctear leis an srian lena mbaineann an ní áirithe sin a dhéanamh maidir leis an táirge — aon ní áirithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)* maidir le táirge lena mbaineann, nó

(b) i gcás nach dtoirmisctear leis an srian lena mbaineann an ní áirithe sin a dhéanamh maidir leis an táirge — aon ní áirithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)* maidir le táirge lena mbaineann seachas de réir théarmaí an tsriain.

(5) Duine a sháraíonn *fo-alt (3)* nó (4) tá cion déanta aige nó aici agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, na fineálacha agus na pionóis dá bhforáiltear i *gCaibidil 4 de Chuid 5* a chur air nó uirthi.

(6) Maidir leis an alt seo, is alt é i dteannta na forála d'aon ionstraim reachtúil a shonraítear i *Sceideal 7* lena gcruthaítear cion maidir le sárú ar ordachán arna thabhairt faoin ionstraim sin.

Inghlacthacht
tástálacha
saotharlainne
áirithe.

102.—(1) Aon deimhniú i scríbhinn a airbheartóidh a bheith sínithe ag duine atá fostaithe i saotharlann iomchuí agus ina dtabharfar torthaí tástála amháin nó níos mó a seoladh sa tsaotharlann sin maidir le táirge de chineál sonraithe, beidh sé, gan chruthúnas ar shíniú an duine sin ná cruthúnas go bhfuil sé nó sí fostaithe sa tsaotharlann iomchuí, inghlactha mar fhianaise ar thorthaí na tástála nó na dtástálacha sna himeachta seo a leanas a thionscnófar i ndáil leis an gcineál sin táirge.

(2) Is imeachtaí faoi aon cheann de na hionstraimí reachtúla a shonraítear i *Sceideal 7* na himeachtaí sin.

(3) San alt seo ciallaíonn ‘saotharlann iomchuí’ saotharlann a bhfuil a hinniúlacht ar thástálacha a sheoladh i ndáil le táirgí aitheanta ag údarás a chomhlíonann feidhmeanna faoi na dlíthe, na rialacháin nó na forálacha riaracháin arna nglacadh ag Ballstát chun críocha aon cheann de na Treoracha a shonraítear i *Sceideal 8*.

(4) I gcás go dtabharfar deimhniú dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* ar aird in imeachtaí dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*, toimhdeofar, go dtí go suitear a mhalairt, maidir leis an tsaotharlann dá ngairtear saotharlann iomchuí sa deimhniú gur saotharlann den sórt sin í.

[2007.] *An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí* [Uimh. 19.]
2007.

SCEIDEAL 1

Alt 2.

ACHTACHÁIN LÁITHREACHA

CUID 1

ACHTACHÁIN — ACHTANNA DEN OIREACHTAS

Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)
Uimh. 31 de 1964	An tAcht Geallbhróicéirí 1964
Uimh. 10 de 1970	An tAcht Marcanna Earraí Ceannaíochta 1970
Uimh. 35 de 1979	An tAcht um Thrádáil Ócáideach 1979
Uimh. 16 de 1980	An tAcht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí 1980
Uimh. 23 de 1980	An tAcht Stampaí Trádála 1980
Uimh. 28 de 1991	An tAcht um Dhliteanas i leith Táirgí Fabhtacha 1991
Uimh. 17 de 1995	An tAcht um Shaoirí Réamháirithe agus an Trádáil Taistil 1995
Uimh. 24 de 1995	An tAcht um Chreidmheas do Thomhaltóirí 1995
Uimh. 28 de 1996	An tAcht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann 1996
Uimh. 29 de 1998	An tAcht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann 1998

CUID 2

ACHTACHÁIN ARNA NDÉANAMH FAOI ACHT NA gCOMHPHOBAL
EORPACH 1972, AR ACHTACHÁIN LÁITHREACHA IAD

Uimhir agus Bliain (1)	Lua (2)
I.R. Uimh. 134 de 1988	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Fógraíocht Mhíthreorach) 1988
I.R. Uimh. 224 de 1989	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cealú Conarthaí a Rinneadh ar leithligh ó Áitreabh Gnó) 1989
I.R. Uimh. 32 de 1990 I.R. Uimh. 458 de 1994	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Sábháilteacht Bréagán) 1990 agus 1994
I.R. Uimh. 265 de 1991	Ordú na gComhphobal Eorpach (Earraí ar Chosúlacht Bia) (Sábháilteacht) 1991
I.R. Uimh. 101 de 1992 I.R. Uimh. 150 de 1995	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Fearais a Dhóinn Breoslaí Gásacha) 1992 agus 1995
I.R. Uimh. 428 de 1992 I.R. Uimh. 307 de 1994	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Trealamh Leictreach Ísealvoltais) 1992 agus 1994

[Uimh. 19.] *An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí* [2007.]
2007.

Uimhir agus Bliain (1)	Lua (2)
I.R. Uimh. 272 de 1993 I.R. Uimh. 13 de 1994 I.R. Uimh. 457 de 1994 I.R. Uimh. 81 de 1997	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Trealamh Cosantach Pearsanta) 1993 go 1997
I.R. Uimh. 27 de 1995 I.R. Uimh. 307 de 2000	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Tearmaí Éagthroma i gConarthaí Tomhaltóirí) 1995 agus 2000
I.R. Uimh. 63 de 1996	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Coisheart a Lipéadú) 1996
I.R. Uimh. 204 de 1997	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Conarthaí d'Amroinnt Maoine Dochorraithe - Ceannaitheoirí a Chosaint) 1997
I.R. Uimh. 144 de 2000	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Conarthaí d'Amroinnt Maoine Dochorraithe - Ceannaitheoirí a Chosaint) (Leasú) 2000
I.R. Uimh. 245 de 1998	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ainmneacha agus Lipéadú Táirgí Teicstíle) 1998
I.R. Uimh. 254 de 1998	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Fíonta Cumhraithe, Deochanna de Bhunadh Fíonta Cumhraithe agus Manglaim Táirgí Fíonta Cumhraithe a Shainiú, a Thuairisciú agus a Chur i Láthair) 1998
I.R. Uimh. 262 de 1998	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Úsáid Caighdeán le haghaidh Comharthaí Teilifíse a Tharchur) 1998
I.R. Uimh. 401 de 2000	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dliteanas i leith Táirgí Fabhtacha) 2000
I.R. Uimh. 207 de 2001	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Tomhaltóirí a Chosaint i Leith Conarthaí arna nDéanamh trí Chianchumarsáid) 2001
I.R. Uimh. 449 de 2001	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Leasanna Teaglamacha Tomhaltóirí a Chosaint) 2001
I.R. Uimh. 483 de 2002 I.R. Uimh. 257 de 2003 I.R. Uimh. 451 de 2003 I.R. Uimh. 528 de 2003 I.R. Uimh. 228 de 2005 I.R. Uimh. 514 de 2005 I.R. Uimh. 647 de 2005	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Lipéadú, Tíolacadh agus Fógairt Earraí Bia) 2002 go 2005
I.R. Uimh. 639 de 2002	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ceanglais Pragsanna Táirgí a Chur in Iúl) 2002
I.R. Uimh. 11 de 2003	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnéithe Áirithe de Dhíol Earraí Tomhaltais agus Rátháíochtaí Gaolmhara) 2003
I.R. Uimh. 68 de 2003	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Treoir 2000/31/CE) 2003
I.R. Uimh. 490 de 2004	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Leasú ar I.R. Uimh. 68 de 2003) 2004
I.R. Uimh. 236 de 2003	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cócó agus Táirgí Seaclaíde a Mhargú) 2003

Uimhir agus Bliain (1)	Lua (2)
I.R. Uimh. 240 de 2003	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Súnna Torthaí agus Táirgí Áirithe dá Samhail a Mhargú) 2003
I.R. Uimh. 289 de 2003	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Táirgí Siúcra a Mhargú) 2003
I.R. Uimh. 294 de 2003	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Subha Torthaí, Glóthacha, Marmaláidí agus Purée Cnó Capaill Milsithe a Mhargú) 2003
I.R. Uimh. 298 de 2003	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bainne Leasaithe Dhíodráitithe) 2003
I.R. Uimh. 307 de 2003	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Creat) 2003
I.R. Uimh. 308 de 2003	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Seirbhís Uile-Choiteann agus Cearta Úsáideoirí) 2003
I.R. Uimh. 367 de 2003	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Mil a Mhargú) 2003
I.R. Uimh. 199 de 2004	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí) 2004
I.R. Uimh. 397 de 2004	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Caighdeáin Mhargaíochta le haghaidh Ola Olóige) 2004
I.R. Uimh. 853 de 2004	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cianmhargú Seirbhísí Airgeadais Tomhaltóirí) 2004
I.R. Uimh. 290 de 2006	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Comhar idir Údaráis Náisiúnta atá Freagrach as Dlíthe Cosanta Tomhaltóirí a Fhorfheidhmiú) 2006

SCEIDEAL 2

Alt 4.

AISGHAIRM

Seisiún agus Caibidil nó Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	Méid na hAisghairme (3)
50 & 51 Vic., c. 28	<i>Merchandise Marks Act</i> 1887	An tAcht go léir
54 & 55 Vic., c. 15	<i>Merchandise Marks Act</i> 1891	An tAcht go léir
1 & 2 Geo. 5., c. 31	<i>Merchandise Marks Act</i> 1911	An tAcht go léir
5 & 6 Geo. 5., c. 1	<i>Anglo-Portuguese Commercial Treaty Act</i> 1914	An tAcht go léir
6 & 7 Geo. 5., c. 39	<i>Anglo-Portuguese Commercial Treaty Act</i> 1916	An tAcht go léir
Uimh. 10 de 1930	An tAcht Tora Talmhaíochta (Feoil Úr) 1930	Alt 27(4) agus (5)
Uimh. 35 de 1930	Acht an Chonnartha Phortuingéalaigh 1930	An tAcht go léir
Uimh. 26 de 1931	An tAcht Tora Talmhaíochta (Prátaí) 1931	Alt 19(4) agus (5)
Uimh. 48 de 1931	An tAcht Marcanna Earraí Ceannaíochta 1931	An tAcht go léir
Uimh. 6 de 1936	An tAcht um an gCo-Aontú Trádála leis an Spáinn 1936	An tAcht go léir

[Uimh. 19.] *An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí* [2007.]
2007.

Seisiún agus Caibidil nó Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	Méid na hAisghairme (3)
Uimh. 14 de 1955	An tAcht um Tháirgeadh Síolta 1955	Alt 22(3)
Uimh. 4 de 1958	An tAcht Praghsanna 1958	An tAcht go léir, ach amháin a mhéid a shonraítear in alt 92
Uimh. 25 de 1968	An tAcht um Thrácht ar Bhóithre 1968	Alt 14(1), (2) agus (3)
Uimh. 20 de 1972	An tAcht Praghsanna (Leasú) 1972	An tAcht go léir
Uimh. 1 de 1978	An tAcht um Fhaisnéis do Thomhaltóirí 1978	An tAcht go léir
Uimh. 11 de 1980	An tAcht um Earraí Pacáistithe (Cainníochtaí a Rialú) 1980	Alt 12(1)
Uimh. 27 de 1980	An tAcht Stuaic-Dhíola 1980	An tAcht go léir
Uimh. 31 de 1987	An tAcht um Chleachtais Srianta (Leasú) 1987	An tAcht go léir
Uimh. 28 de 1996	An tAcht fán Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann 1996	Alt 19(3) agus 21(7)

Alt 40.

SCEIDEAL 3

TAGAIRTÍ IN ACHTANNA AGUS IN IONSTRAIMÍ ÁIRITHE DON STIÚRTHÓIR
NÓ D'OIFIG AN STIÚRTHÓRA

CUID 1

TAGAIRTÍ IN ACHTANNA ÁIRITHE DON STIÚRTHÓIR GNÓTHAÍ
TOMHALTÓIRÍ NÓ D'OIFIG AN STIÚRTHÓRA GNÓTHAÍ TOMHALTÓIRÍ

Gearrtheideal, Uimhir agus Bliain (1)	An fhoráil dá ndéantar difear (2)	An leasú (3)
An tAcht Ombudsman 1980 (Uimh. 26 de 1980)	An Chéad Sceideal An Dara Sceideal	I gCuid II, “An Stiúirthóir Gnóthaí Tomhaltóirí” a scríosadh. “An Ghníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí” a chur isteach.
An tAcht um Chartlann Náisiúnta 1986 (Uimh. 11 de 1986)	An Sceideal	“An Ghníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí” a chur in ionad “Oifig an Stiúirthóra Gnóthaí Tomhaltóirí”.
An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997 (Uimh. 31 de 1997)	An Sceideal	“An Ghníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí” a chur in ionad “Oifig an Stiúirthóra Gnóthaí Tomhaltóirí”.

Gearrtheideal, Uimhir agus Bliain (1)	An fhoráil dá ndéantar difear (2)	An leasú (3)
An tAcht Comhdhlúite Cánacha 1997 (Uimh. 39 de 1997)	Sceideal 13	An méid seo a leanas a chur in ionad mhír 112 (a cuireadh isteach le halt 14 den Acht Airgeadais 2001): “112. An Ghníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí.”
An tAcht um Thráchtáil Leictreonach 2000 (Uimh. 27 de 2000)	Alt 15	“ról na Gníomhaireachta Náisiúnta Tomhaltóirí” a chur in ionad “ról an Stiúrthóra Gnóthaí Tomhaltóirí”.
An tAcht Iomaíochta 2002 (Uimh. 14 de 2002)	Sceideal 1 (arna leasú leis an Ordú um an Acht Iomaíochta 2002 (Alt 34(11)) (An Stiúrthóir Gnóthaí Tomhaltóirí) 2003 (I.R. Uimh. 130 de 2003))	I gcolún (1), “An Gníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí” a chur in ionad “An Stiúrthóir Gnóthaí Tomhaltóirí”.
An tAcht um Ombudsman do Leanáí 2002 (Uimh. 22 de 2002)	Sceideal 1	I gCuid 2, “An Gníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí” a chur in ionad “An Stiúrthóir Gnóthaí Tomhaltóirí”.
An tAcht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003 (Uimh. 46 de 2003)	Alt 56(6)	“príomhfheidhmeannach na Gníomhaireachta Náisiúnta Tomhaltóirí” a chur in ionad “an Stiúrthóir Gnóthaí Tomhaltóirí”.
Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (Uimh. 32 de 2003)	An Chéad Sceideal	(a) i mír 1 den téacs Gaeilge— (i) i bhfomhír (1), “Oifig an Stiúrthóra Gnóthaí Tomhaltóirí” a scríosadh, agus (ii) i bhfomhír (2), “An Ghníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí” a chur isteach. (b) i mír 1 den téacs Béarla— (i) i bhfomhír (1), “ <i>Office of the Director of Consumer Affairs</i> ” a scríosadh, agus (ii) i bhfomhír (2), “ <i>National Consumer Agency</i> ” a chur isteach.

[Uimh. 19.] An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí [2007.]
2007.

Gearrtheideal, Uimhir agus Bliain (1)	An fhoráil dá ndéantar difear (2)	An leasú (3)
An tAcht um Chleachtadh Tréidliachta 2005 (Uimh. 22 de 2005)	Alt 16(1)	An méid seo a leanas a chur in ionad mhír (g): “(g) duine amháin a bheidh ainmnithe lena cheapadh nó lena ceapadh amhlaidh ag an nGníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí;”.

CUID 2

TAGAIRTÍ IN IONSTRAIMÍ ÁIRITHE DON STIÚRTHÓIR GNÓTHAÍ
TOMHALTÓIRÍ NÓ D’OIFIG AN STIÚRTHÓRA GNÓTHAÍ TOMHALTÓIRÍ

Lua, Uimhir agus Bliain (1)	An fhoráil dá ndéantar difear (2)	An leasú (3)
Na Rialacháin um Chaighdeáin Aercháilíochta 2002 (I.R. Uimh. 271 de 2002)	Sceideal 14	An méid seo a leanas a chur in ionad mhír (6): “(6) An Gníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí”.
Na Rialacháin um Orgánaigh Ghéimhrodnaithe (Scaoileadh Toiliúil) 2003 (I.R. Uimh. 500 de 2003)	Rialachán 62(1)	(a) An méid seo a leanas a chur in ionad mhír (g): “(g) an Gníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí.”. (b) I mír (j), “an Gníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí” a chur in ionad “Oifig an Stiúrthóra Gnóthaí Tomhaltóirí”.
Na Rialacháin um Ózón san Aer Comhthimpeallach 2004 (I.R. Uimh. 53 de 2004)	Sceideal 10	An méid seo a leanas a chur in ionad mhír (6): “(6) An Gníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí”.
Na Rialacháin fán Acht um Chúiteamh d’Infheisteoirí 1998 (Alt 18(4)) (Comhlachtaí agus Pearsana Aonair a Fhorordú) 2004 (I.R. Uimh. 570 de 2004)	Rialachán 2	An méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b): “(b) an Gníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí;”.
Na Rialacháin um an Acht Airgeadais 1993 (Alt 60) 2005 (I.R. Uimh. 846 de 2005)	An Sceideal	“An Gníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí” a chur in ionad “Oifig an Stiúrthóra Gnóthaí Tomhaltóirí”.

SCEIDEAL 4

Alt 73.

ACHTACHÁIN CHUN CRÍCHE ALT 73 (GEALLTANAIS LEIS AN
NGNÍOMHAIREACHT)

Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal nó Lua (2)
Uimh. 16 de 1980	An tAcht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí 1980
Uimh. 17 de 1995	An tAcht um Shaoirí Réamháirithe agus an Trádáil Taistil 1995
I.R. Uimh. 224 de 1989	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cealú Conarthaí a Rinneadh ar leithligh ó Áitreabh Gnó) 1989
I.R. Uimh. 27 de 1995 I.R. Uimh. 307 de 2000	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Tearmaí Éagothroma i gConarthaí Tomhaltóirí) 1995 agus 2000
I.R. Uimh. 204 de 1997	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Conarthaí d'Amroinnt Maoine Dochorraithe – Ceannaitheoirí a Chosaint) 1997
I.R. Uimh. 144 de 2000	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Conarthaí d'Amroinnt Maoine Dochorraithe – Ceannaitheoirí a Chosaint) (Leasú) 2000
I.R. Uimh. 207 de 2001	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Tomhaltóirí a Chosaint i Leith Conarthaí arna nDéanamh trí Chianchumarsáid) 2001
I.R. Uimh. 639 de 2002	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ceanglais Pragsanna Táirgí a Chur in Iúl) 2002
I.R. Uimh. 11 de 2003	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnéithe Áirithe de Dhíol Earraí Tomhaltais agus Rátháíochtaí Gaolmhara) 2003
I.R. Uimh. 68 de 2003	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Treoir 2000/31/CE) 2003
I.R. Uimh. 490 de 2004	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Leasú ar I.R. Uimh. 68 de 2003) 2004

SCEIDEAL 5

Alt 75.

ACHTACHÁIN CHUN CRÍCHE ALT 75 (FÓGRAÍ UM CHOMHLÍONADH)

Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal nó Lua (2)
Uimh. 16 de 1980	An tAcht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí 1980
Uimh. 17 de 1995	An tAcht um Shaoirí Réamháirithe agus an Trádáil Taistil 1995
I.R. Uimh. 168 de 1984	An tOrdú um Fhaisnéis do Thomhaltóirí (Fógráin) (Leas Gnó a Nochtadh) 1984
I.R. Uimh. 224 de 1989	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cealú Conarthaí a Rinneadh ar leithligh ó Áitreabh Gnó) 1989
I.R. Uimh. 103 de 1997	An tOrdú um Fhaisnéis do Thomhaltóirí (Fógraí do Thaibhithe Ceolchoirme nó Amharclainne) 1997
I.R. Uimh. 204 de 1997	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Conarthaí d'Amroinnt Maoine Dochorraithe - Ceannaitheoirí a Chosaint) 1997
I.R. Uimh. 144 de 2000	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Conarthaí d'Amroinnt Maoine Dochorraithe - Ceannaitheoirí a Chosaint) (Leasú) 2000

Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal nó Lua (2)
I.R. Uimh. 468 de 2000	An tOrdú um Fhaisnéis do Thomhaltóirí (Fógráin do Tháillí Aeir) 2000
I.R. Uimh. 207 de 2001	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Tomhaltóirí a Chosaint i Leith Conarthaí arna nDéanamh trí Chianchumarsáid) 2001
I.R. Uimh. 68 de 2003	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Treoir 2000/31/CE) 2003
I.R. Uimh. 490 de 2004	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Leasú ar I.R. Uimh. 68 de 2003) 2003

Alt 87.

SCEIDEAL 6

SÁSAMH I LEITH SÁRÚ AR ALT 87

1. Sa Sceideal seo—

ciallaíonn “Acht 1994” an tAcht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis) 1994;

tá le “fostaí” agus le “fostóir” an bhrí chéanna atá leo in Acht 1994.

2. (1) Féadfaidh fostaí gearán a thíolacadh do choimisinéir um chearta á rá gur sháraigh an fostóir *alt 87(3)* i ndáil leis an bhfostaí agus, má dhéanann an fostaí amhlaidh, tabharfaidh an coimisinéir deis do na páirtithe éisteacht a fháil ón gcoimisinéir agus aon fhianaise a bhaineann le hábhar an ghearáin a thíolacadh don choimisinéir, tabharfaidh sé nó sí breith i scríbhinn i ndáil leis agus cuirfidh sé nó sí an bhreith in iúl do na páirtithe.

(2) Maidir le breith ó choimisinéir um chearta faoi *fhomhír (1)*, déanfar ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas léi:

- (a) a dhearbhu go raibh nó, de réir mar a bheidh, nach raibh bonn leis an ngearán;
- (b) a cheangal ar an bhfostóir *alt 87(3)* a chomhlíonadh agus, chun na críche sin, a cheangal ar an bhfostóir bearta sonraithe a ghlacadh;
- (c) a cheangal ar an bhfostóir cúiteamh a íoc leis an bhfostaí, ar cúiteamh é de cibé méid (más ann) is cóir agus is cothromasach ag féachaint do na himthosca go léir, ach gan dul thar luach saothair 104 sheachtain i leith fhostaíocht an fhostaí arna ríomh de réir rialachán faoi alt 17 den Acht um Dhífhostú Éagórach 1977;

agus déanfar na tagairtí sna clásail sin roimhe seo d’fhostóir a fhorléiriú, i gcás go n-athróidh úinéireacht ghnó an fhostóra i ndiaidh don sárú lena mbaineann an gearán tarlú, mar thagairtí don duine a thiofadh chun bheith i dteideal na húinéireachta sin de bhua an athraithe.

3. Chun críocha an Sceidil seo—

(a) beidh feidhm ag fo-ailt (3) go (6) agus ag fo-alt (7)(a) d’alt 7 d’Acht 1994 i ndáil le gearán a thíolactar faoin Sceideal seo mar atá feidhm acu i ndáil le gearán arna thíolacadh faoi fho-alt (1) den alt sin 7, fairis na modhnuithe seo a leanas, eadhon:

(i) na focail go léir san fho-alt sin (3) ó “má thíolactar” go deireadh an fho-ailt sin a scríosadh agus “mura dtíolactar dó é laistigh den tréimhse 12 mhí dar tosach dáta an tsáraithe lena mbaineann an gearán nó (i gcás gur deimhin leis an gcoimisinéir um chearta nár tíolacadh an gearán laistigh den tréimhse réamhráite mar gheall ar imthosca eisceachtúla) laistigh de cibé tréimhse bhreise, nach faide ná 6 mhí ó dheireadh na tréimhse 12 mhí sin, a mheasfaidh an coimisinéir um chearta a bheith réasúnach” a chur ina n-ionad;

(ii) tagairt do bhreith a chur san fho-alt (6) sin in ionad na tagartha do mholadh;

agus aon mhodhnuithe eile is gá,

(b) beidh feidhm ag ailt 8 go 10 d’Acht 1994 mar atá feidhm acu chun críocha an Achta sin, fairis na modhnuithe seo a leanas, eadhon:

(i) tagairtí do bhreith a chur sna forálacha sin in ionad tagairtí do mholadh;

(ii) an fo-alt seo a leanas a chur le halt 8:

“(7) Is ar shlí seachas go poiblí a éistfear imeachtaí faoin alt seo os comhair an Bhinse.”;

(iii) i bhfo-alt 9—

(I) tagairtí don Chúirt Chuarda a chur in ionad tagairtí don Chúirt Dúiche, agus

(II) an fo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) Is chuig breitheamh den Chúirt Chuarda don chuaird ina bhfuil gnáthchónaí ar an bhfostóir lena mbaineann, nó ina seolann sé nó sí aon ghairm, trádáil nó gnó, a dhéanfar iarratas chun na Cúirte Cuarda faoin alt seo.”;

agus aon mhodhnuithe eile is gá.

4. (1) In imeachtaí faoin Sceideal seo os comhair coimisinéara um chearta nó an Bhinse Achomhairc Fostaíochta i ndáil le gearán gur sáraíodh alt 87(3), toimhdeofar, go dtí go gcruthófar a mhalairt, gur ghníomhaigh an fostaí lena mbaineann go réasúnach agus de mheon macánta le linn teacht ar an tuairim agus an tuairim lena mbaineann a chur in iúl.

(2) Más rud é gurb éard a bheidh i bpionósú fostaí, de shárú ar alt 87(3), dífhostú an fhostaí de réir bhrí na nAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977 go 2005, ní ceadmhach faoiseamh a dheonú don

fhostaí i leith an phionósaithe sin faoin Sceideal seo agus faoi na hAchtanna sin araon.

Ailt 101 agus 102.

SCEIDEAL 7

IONSTRAIMÍ REACHTÚLA CHUN CRÍOCHA AILT 101 AGUS 102 (TREORACHA I LEITH SÁBHÁILTEACHTA TÁIRGÍ AGUS INGLLACHTHACHTA TÁSTÁLACHA SAOTHARLAINNE)

Bliain agus Uimhir	Lua
I.R. Uimh. 32 de 1990	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Sábháilteacht Bréagán) 1990
I.R. Uimh. 101 de 1992	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Fearais a Dhóinn Breoslaí Gásacha) 1992
I.R. Uimh. 482 de 1992	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Trealamh Leictreach Ísealvoltais) 1992
I.R. Uimh. 272 de 1993	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Trealamh Cosantach Pearsanta) 1993
I.R. Uimh. 199 de 2004	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí) 2004

Ailt 102.

SCEIDEAL 8

TREORACHA CHUN CRÍCHE ALT 102 (INGHLACHTHACHT TÁSTÁLACHA SAOTHARLAINNE)

Treoir 73/23/CEE an 19 Feabhra 1973 ón gComhairle faoi chomhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh leictreach a bheidh deartha lena úsáid laistigh de theorainneacha voltais áirithe

Treoir 88/378/CEE an 3 Bealtaine 1988 ón gComhairle faoi chomhfhogasú dhlíthe na mBallstát i dtaca le sábháilteacht bréagán

Treoir 89/686/CEE an 21 Nollaig 1989 ón gComhairle faoi chomhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh cosantach pearsanta

Treoir 90/396/CEE an 29 Meitheamh 1990 ón gComhairle faoi chomhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le fearais a dhóinn breoslaí gásacha

Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Nollaig 2001 faoi chomhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le sábháilteacht ghinearálta táirgí.